

CORPARÁID BAINCÉIREACHTA
STRAITÉISEACH NA hÉIREANN

Tuarascáil Bhliantúil & Ráitis Airgeadais 2017



Here to build business.
Strategic Banking
Corporation of Ireland

Maidir le CBSÉ

Bunaíodh Corparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann (CBSÉ) i Meán Fómhair 2014 chun a chinntiú go mbeidh rochtain ag GBManna Éireannacha ar roghanna cistithe cobhsaí, fadtéarmacha agus costas íseal, trí thimtrialta eacnamaíocha. Mar institiúid airgeadais spreagtha atá faoi úinéireacht an Stáit agus ar nós a chomhghleacaithe seanbhunaithe i dtíortha Eorpacha eile, tá an CBSÉ ag teacht chun cinn mar chuid lárnach den éiceachóras airgeadais gnó. Trí thacaíocht agus cúnamh a thabhairt d'fhorbairt mhargaidh airgeadais GBM atá éifeachtach, cinnteoidh sé go mbeidh an rochtain ar mhaoiniú a theastaíonn ó gnólachtaí ann, i gcoinníollacha dea- agus droch-mhargaidh araon.

Chun a shainordú a chomhlíonadh, déanann an CBSÉ, a bhfuil foinsí maoinithe iltaobhacha ag rátaí iomaíocha agus frithráthaíochtaí le haghaidh tacaíocht Riosca aimsithe aige, airgeadas mórdhíola a sholáthar do GBManna a bhfuil tacaíocht maidir le teacht ar fhoirmeacha airgeadais cuí de dhíth orthu, trína comhpháirtithe iasachtóirí ar aghaidh. Tá sé mar chuid lárnach do ghníomhaíochtaí CBSÉ, a cinntiú go gcuirtear tairbhe a thacaíochta ar fáil don iasachtaí GBM deiridh agus ní dá chomhpháirtithe iasachtaithe ar aghaidh.

Ár bhFís

A bheith mar institiúid airgeadais spreagtha láidir a thugann tacaíocht airgeadais éifeachtach do GBManna na hÉireann agus a chuireann forbairt gheilleagraic an Stáit chun cinn.

Ár Misean

Tacaíochtaí éifeachtacha airgeadais a chur ar fáil do GBManna na hÉireann agus de réir a chéile d'earnálacha eile a thugann aghaidh ar theipeanna i margadh creidmheasa na hÉireann, agus iomaíochas agus nuálaíocht a spreagadh ag an am céanna agus a chinntiú go mbaintear úsáid éifeachtúil as acmhainní AE atá ar fáil.

01 Príomh-Bhuaicphointí Gnó

04 Ráiteas an Chathaoirligh

06 Athbhreithniú Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin an Ghrúpa

08 Straitéis

12 Athbhreithniú Gnó

12 Foinsí Maoinithe

14 Cistiú Caipitil

14 Táirgí CBSÉ

14 Iasachtú

15 Comhroinnt Riosca

18 Margaíocht agus Cur Chun Cinn

18 Rannpháirtíocht Páirtithe Leasmhara agus Piaráí

18 Forbhreathnú ar an Margadh

20 Rialachas agus Eolas Corparáideach

20 Stiúrthóirí

22 Ráitis Rialachais agus Tuairisc na gComhaltaí Boird

26 Tuairisc iCoistí


28 Bainistíocht Riosca

32 Ráitis Airgeadais

Príomh-buaicphointí Gnó

Leathadh Geografach CBSÉ

Líon na nlasachtaí: % de réir Réigiúin
Amhail deireadh mhí na Nollag 2017



Príomh-buaicphointí Gnó ar Lean

Amhail deireadh mhí na Nollag 2017



Poist

53,389

I GBManna Éireannacha tacaíthe ag iasachtaí CBSÉ



GBManna

10,468

ar fud na hÉireann a bhfuil iasachtaí CBSÉ
tarraingthe anuas acu




Meánráta Úis

4.4%

An leas a bhaineann **GBManna** as iasachtaí CBSÉ (seachas an Scéim Iasachta um Thacaíocht do Shreabhadh Airgid Talmhaíochta)



d'iasachtaí á n-úsáid le
hinfheistiú ar mhaithe
leis an gnó a fhás




in úsáid chun iasachtaí atá dlite do
bhainc atá ag imeacht as margadh
na hÉireann a athmhaoiniú



in úsáid le haghaidh
caipiteal oibre

Maoiniú CBSÉ ag dul chun tairbhe raon leathan earnálacha

(% d'iasachtaí de réir a luacha seachas an Scéim Iasachta um Thacaíocht do Shreabhadh Airgid Talmhaíochta)
Amhail deireadh mhí na Nollag 2017



Ráiteas an Chathaoirligh

In 2017, sheol CBSÉ a chéad táirge comhroinnte riosca, an Scéim Iasachta um Thacaíocht do Shreabhadh Airgid Talmhaíochta, agus d'fhógair sé scéim comhroinnte riosca eile chun tacú le gnólachtaí a mbeadh éifeacht ag Brexit orthu.

Is í straitéis an CBSÉ ionstraimí airgeadais a bhaineann le creidmheas a sheachadadh do ghnólachtaí in Éirinn, go háirithe GBManna, go díreach nó mar sholáthraí seirbhíse, chun aghaidh a thabhairt ar theipeanna sa mhargadh maidir le soláthar creidmheasa. Is é an ról atá againn rochtain níos fearr a sholáthar ar mhaoiniú ar phraghas cuí a thacaíonn le hinfheistíocht tháirgiúil, a spreagann fás agus a éascaíonn fostaíocht, lena gcásanna ina bhfuil fonn an mhargaidh srianta. Toisc go bhfuil CBSÉ ann cinntítear go bhfuil institiúid i bhfeidhm ag Éirinn a éascaíonn go gníomhach le soláthar tacaíochta an AE i bhfoirm maoinithe ó chomhlachtaí iltaobhacha agus is príomhfhachtóir é seo maidir le himlonnú rathúil táirgí leachtachta agus comhroinnte riosca CBSÉ. Leanfaidh an CBSÉ le bheith ina idirghabhálaí do thacaíochtaí maoinithe Stáit agus Eorpach agus do sholáthar breise iasachtaí agus táirgí comhroinnte Riosca fadtéarmacha ar chostas íseal do ghnólachtaí in Éirinn.

Le linn 2017, tháinig méadú €391m ar iasachtaí tacaíthe ag CBSÉ, arna dtarraingt ag GBManna, rud a chiallaíonn gur tharraing GBManna breis agus €900m d'iasachtaí tacaíochta CBSÉ le trí bliana anuas. Chuir ár n-iasachtóirí ar aghaidh baincéireachta seachadadh an tráinse tosaigh d'iasachtaí maoinithe CBSÉ, €675m san iomlán go GBManna, i gcríoch. Tharla imlonnú na n-áiseanna seo ag an am céanna le méadú ar sholáthar leachtachta margaidh agus tá bainc anois in ann rochtain a fháil ar chistí ó mhargaí mórdhíola ag rátaí atá níos fabhraí.

Dá bhrí sin, táimid ag plé leis na comhpháirtithe seo anois maidir le táirgí nua a sholáthar, lena n-áirítear ár dtionscnaimh comhroinnte riosca. Leanann CBSÉ freisin ag tacú le háiseanna breis is €206m lena iasachtóirí ar aghaidh neamh-bhaincéireachta. Soláthraíonn ár n-iasachtóirí ar aghaidh neamh-bhaincéireachta Finance Ireland, First Citizen, Bibby Financial Services agus Fexco Asset Finance táirgí maoiniú ag CBSÉ i réimsí cosúil le léasú, fruilcheannach agus maoiniú sonraisc.

Feidhmíonn CBSÉ i margadh atá ag síorathrú agus is gá a tháirgí agus a thairiscintí a thabhairt cothrom le dáta de réir mar a athraíonn an timpeallacht eacnamaíoch. Mar gheall air seo d'éirigh le CBSÉ a thacaíochtaí a leathnú go rathúil chun comhroinnt riosca agus ráthaíochtaí portfóilió a sholáthar d'institiúidí airgeadais chun seachadadh ionstraimí airgeadais spriocdhírthe nua a chumasú. Cuireann comhroinnt riosca ar chumas d'iasachtóirí a bhfionn Riosca creidmheasa a mhéadú do GBManna a dteastaíonn comhthaobhacht níos lú mar urrús uathu.

D'éirigh le CBSÉ a chéad táirge comhroinnte riosca a imlonnú in 2017, an Scéim Iasachta um Thacaíocht do Shreabhadh Airgid Talmhaíochta, i gcomhar leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara. Faoin scéim, cuireadh €150m ar fáil chun tacú le feirmeoirí incháilithe a raibh brú airgeadais ghearrthéarmach acu mar thoradh ar luaineacht praghaís agus ioncaim.



Ba bhliain faoi leith i 2017 freisin mar gheall ar fhógra na Scéime Iasachta Brexit €300m sa Bhuiséad, arb é an dara mórchlár comhroinnte riosca CBSÉ agus soláthróidh sé áiseanna caipitil oibre do ghnólachtaí a n-imreoidh Brexit tionchar acu. Le chéile, cuirfidh na scéimeanna Talmhaíochta agus Brexit tacaíthe le ráthaíocht €450m de bhearta comhroinnte riosca nua ar fáil do mhargadh na GBManna. Ina theannta sin, lean CBSÉ leis ról a thosaigh sé ag deireadh 2016, mar oibritheoir agus mar bhainisteoir Scéim Ráthaíochta Creidmheasa an Rialtais, ag nascadh gníomhaíochtaí creidmheasa FBManna uile Riosca an Rialtais in aon áit amháin.

Chomh maith leis an €1.2 billiún atá aimsithe cheana féin ag CBSÉ i maoiniú ar chostas íseal, d'fhoinsíomar frithráthaíochtaí ón gCiste Eorpach Infheistíochta chun tacú le breis agus €400m i scéimeanna comhroinnte riosca lena n-áirítear na scéimeanna Talmhaíochta agus Brexit, agus d'fhorbairt scéimeanna comhroinnte riosca eile den sórt sin. Fuaireamar caipiteal breise €25m ón Aire Airgeadais chun tacú lenár ngníomhaíochtaí reatha agus le forbairt agus seachadadh táirgí nua chun dul i ngleic le teipeanna sa mhargadh.

Ag féachaint romhainn i dtreo 2018, is í straitéis CBSÉ leanúint ag cur le líon a iasachtóirí ar aghaidh neamh-bhainc éireachta nua le maoiniú ar chostas íseal a fhaightear óna comhpháirtithe maoinithe a imlonnú, agus tacaíochtaí comhroinnte riosca nua a fhorbairt agus a chur ar fáil, go háirithe, do ghnólachtaí a n-imreoidh Brexit tionchar acu orthu agus tríd is tríd ag tabhairt aghaidhe ar theipeanna ar leith sa mhargadh sna hearnálacha talamhaíochta agus agraibhia.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le gach ceann de mo chomh-stiúrthóirí as a gcuid tacaíochta agus as an méid a rne siad, agus go háirithe, le Ann Nolan a d'éirigh as an mBord in 2017; Bhí Ann mar stiúrthóir ar CBSÉ óna ionchorprú i Meán Fómhair 2014. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le foireann CBSÉ as a gcuid gnóthachtálacha le bliain anuas. Táimid ag tuáth le 2018 a bheith ina bhliain dhearfach eile do CBSÉ i soláthar a thacaíochtaí luachmhara do ghnólachtaí Éireannacha.

CONOR O'KELLY
Cathaoirleach

Athbhreithniú an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin

Ag tógáil ar an dul chun cinn an-láidir a rinneadh sna blianta roimhe seo, nuair b'idirghabhálaí muid chun maoiniú ar chostas íseal a sholáthar do FBManna tríd ár n-iasachtóirí ar aghaidh, ba bhliain chlaochlaitheach í 2017 do CBSÉ mar gur sheol sé a chéad ghníomhaíochtaí comhroinnte riosca iomlána.

Bhí €931m in iasachtaí tacaíthe san iomlán CBSÉ ann suas go deireadh 2017, ag tacú le 10,468 GBManna breise agus 53,389 post in 2017.

Ag deireadh 2017, tharraing GBM €787m d'iasachtaí leachtachta fadtéarmach tacaíthe CBSÉ (seachas an Scéim Iasachta um Thacaíocht do Shreabhadh Airgid Talmhaíochta), ar mhéadú 45% é sin ar an mblain roimhe sin. Léiríonn sé seo bliain eile d'fhás láidir le hiasachtaí nua imlonnaithe ar leathadh réigiúnach leathan, agus meánmhéid iasachta €37,300 i gceist. Lena chois sin, ba é deireadh sheachadadh an €675m de leachtacht fadtéarmach bunaidh trí na bainc. Úsáideadh 86% d'iasachtaí tacaíochta CBSÉ le haghaidh infheistíochta i ngnó, agus 12% úsáidte le haghaidh caipitil oibre agus 2% úsáidte chun áiseanna ó bhainc a bhí ag fágáil mhargadh na hÉireann a athmhaoiniú. Leanann iasachtóirí ar aghaidh CBSÉ le buntáiste airgeadais a thabhairt do GBManna trí airgeadas a chur ar fáil ar chostas atá níos ísle, agus le breis iomaíochta a chruthú i margadh iasachta na GBManna trí theacht isteach iasachtóirí neamh-bhainc nua sa mhargadh a éascú - idir iasachtóirí baile agus idirnáisiúnta.

Bhí an-áthas orainn seachadadh na Scéime Iasachta um Shreabhadh Airgid Talmhaíochta a thabhairt i gcrích in 2017. Bhí an scéim €150m go hiomlán suibscríofa ag ár gcomhpháirtithe iasachta laistigh de cúpla seachtain. Ag deireadh 2017, tarraingíodh 4,203 GBManna €144m le meánmhéid iasachta €33,912 agus ráta úis 2.95% i gceist.

Is ionann rath na scéime agus mór-ghnóthachtáil do CBSÉ agus ba é an chéad uair gur úsáideadh clár frithráthaíochta COSME an Choimisiúin Eorpaigh in Éirinn agus an chéad uair san Eoraip gur úsáideadh í le haghaidh buntalmhaíochta. Is í an aidhm atá againn ná rath na scéime a athchruthú i réimsí eile, más féidir.

Tar éis píosa suntasach comhoibrithe leis an Roinn Airgeadais, an Roinn Gnó, Fiontair agus Nuálaíochta, an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara agus an Ciste Eorpach Infheistíochta, fógraíodh Scéim Iasachta Brexit i mBuiséad 2018. Seoladh an scéim atá dírithe ar tacaíocht a bhfuil géarghá léi a sholáthar do gnólachtaí a mbeidh tionchar ag Brexit orthu, ag deireadh mhí an Mhárta 2018, agus cuireann €300m ar fáil do ghnólachtaí incháilithe a bhfuil suas le 499 fostaí acu iasacht suas le €1.5m a fháil ag ráta suas le 4% ar feadh trí bliana nó níos lú. Beidh gnólachtaí in ann na hiasachtaí a úsáid le haghaidh riachtanas caipitil oibre as seo amach, agus chun nuálaíocht, athrú nó oiriúnú an ghnó a mhaoiniú chun tionchar Brexit a mhaolú. Chun an scéim a sheachadadh, glacfaidh CBSÉ páirt dhíreach le gnólachtaí a bhfuil tionchar ag Brexit orthu chun cabhrú leo leis an bpróiseas incháilitheachta agus le hiarratas a dhéanamh ar na hiasachtaí seo. Beidh an rannpháirtíocht dhíreach seo fíor-thairbheach mar go ligfidh sé don CBSÉ riachtanais ghnólachtaí a aithní agus na cineál cearta táirgí a dhearadh chun freastal ar na riachtanais sin.



Lean CBSÉ lena bhfeachtas feasachta branda iN 2017 ar fud na meáin raidió agus ar líne. D'fhreastail foireann CBSÉ freisin ar imeachtaí GBM ar fud na tíre, idir ghréasánú áitiúil agus imeachtaí tógála branda. Táimid spreagtha ag thorthaí suirbhé a léiríonn fás ar an bhfeachtas branda CBSÉ agus leanfaimid ag beachtú ár bhfeachtais agus ag méadú feasachta ar ról CBSÉ agus ar cad é a ofráilimid do ghnólachtaí.

Léiríonn na torthaí do 2017 brabús €495k, i gcomparáid le cailteanas oibriúcháin don bhliain roimhe sin. Tharla an feabhas ar fheidhmíocht airgeadais seo mar gheall ar mhéadú ioncain úis ar chistí arna dtarraingt síos ag ár gcomhpháirtithe iasachtóirí ar aghaidh, agus mar gheall ar an aisghabháil costais ó ról CBSÉ mar oibríteoir agus bainisteoir Scéim Iasachta um Thacaíocht do Shreabhadh Airgid Talmhaíochta. Go fadtéarmach, is é ár gcuspóir airgeadais ná ár gcostais a chlúdach go hinbhuanaithe, agus go ndéanfaí aon bharrachas a ghinfear a chur isteach i dtacaíochtaí breise do GBManna.

Ag féachaint ar aghaidh go 2018, leanfaimid orainn ag forbairt comhroinnt riosca mar fhreagra láidir ar theipeanna sna margaidh chreidmheasa atá ag bagairt gnólachtaí in Éirinn. Agus muid ag leathnú amach an cineál gnó seo, féachfaimid freisin chun réitigh ar líne a fhorbairt chun an próiseas a chuíchóiriú do GBManna a chuireann isteach ar áiseanna tacaíochta CBSÉ. Tá CBSÉ ag tnúth le hiasachtóirí nua a aimsiú agus

leanfaidh sé le taighde a dhéanamh ar mhargaí maidir le teipeanna margaidh ar leith agus forbróidh sé réitigh táirgí iomchuí.


Chun a chinntiú go leanfaimid orainn lenár sainordú a chomhlíonadh, tá foireann bheag, oilte agus spreagtha curtha le chéile ag CBSÉ, agus dá réir sin tacaíonn feidhmeanna lárnacha GBCN léi. Níorbh fhéidir an dul chun cinn agus an tionchar dearfach a bhaint amach do GBManna i mbliana murach taithí agus obair chrua na foirne go léir a bhí sannta go díreach nó go hindíreach do CBSÉ, agus ba mhaith liom buíochas a ghabháil leo as a dtiomantas. Tá cultúr CBSÉ dírithe ar a chroíluchanna maidir le sláine, obair foirne, comhchuspóir, cur chuige fiontraíochta a ghlacadh agus trédhearcacht. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil lenár gCathaoirleach agus leis an mBord as a thiomantas, a thacaíocht agus a threoir le linn na bliana seo caite.

NICK ASHMORE

Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Straitéis

Tá straitéis CBSÉ bunaithe ar a misean "tacaíochtaí éifeachtacha airgeadais a chur ar fáil do GBManna na hÉireann agus de réir a chéile d'earnálacha eile a thugann aghaidh ar theipeanna i margadh creidmheasa na hÉireann, agus iomaíochas agus nuálaíocht a spreagadh ag an am céanna agus a chinntiú go mbaintear úsáid éifeachtúil as acmhainní AE atá ar fáil".



Is é príomhchuspóir straitéis CBSÉ idirghabhálacha atá dírithe ar GBManna a sheachadadh in Éirinn, cibé go díreach nó mar sholáthraí seirbhíse, chun dul i ngleic le teipeanna sa mhargadh maidir le creidmheas a sholáthar do GBManna.

Tá ról ríthábhachtach ag an CBSÉ margadh éifeachtach agus inbhuanaithe a athbhunú le haghaidh maoiniú GBM in Éirinn agus ról níos leithne aige i bhforbairt fhadtéarmach an bhonneagair airgeadais mar idirghabhálaí maidir le tacaíochtaí maoinithe Stáit agus Eorpacha.

Bhí aistriú ann do CBSÉ in 2017 mar go cuireadh seachadadh €675m de leachtacht fadtéarmach ar chostas íseal do GBManna Éireannacha i gcrích, trína n-iasachtóirí baincÉireachta, agus críochnaíodh seoladh amach a táirge comhroinnte riosca talmhaíochta go ráthúil. Lean CBSÉ le creidmheas breise a sholáthar do GBManna trí raon soláthraithe airgeadais neamh-bhaincÉireachta.

Mar chúl taca do fhís CBSÉ agus a éifeachtacht mar institiúid tionscnaimh tá a chumas solúbthachta agus oiriúnaithe a ligeann dó freastal ar riachtanais an mhargaidh atá ag teacht chun cinn. I gcomhar leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara agus le tacaíocht ón gCoimisiún Eorpach i bhfoirm cúnamh eisceachtúil agus an clár COSME, sholáthair CBSÉ an CBSÉ a chéad táirge comhroinnte riosca, an Scéim Iasachta um Thacaíocht do Shreabhadh Airgid Talmhaíochta (Scéim ACSL) i mí Eanáir 2017. Tá tuilleadh sonraí a bhaineann leis an Scéim ACSL ar fáil ar leathanach 17.

Táthar ag súil freisin, laistigh dá fheidhmeanna reachtacha, le go leathnóidh gníomhaíochtaí an CBSÉ le himeacht ama chun freastal ar ardán maoinithe náisiúnta leathanbhunaithe a thacóidh le cineálacha éagsúla de sholáthar creidmheasa bunaithe ar bheartas ar fud an gheilleagair.



Tar éis vóta Brexit i mí an Mheithimh 2016, tá go leor neamhchinnteachta ann do ghnólachtaí Éireannacha, go háirithe iad siúd atá ag trádáil go díreach leis an Ríocht Aontaithe. Beidh Éire go háirithe leochaileach maidir le toradh deiridh na bpléití maidir le himeacht na RA ón AE, ós rud é go bhfuil sé chomh gar don RA agus do naisc thrádála na Ríochta Aontaithe. Tá CBSÉ ag obair go dlúth leis na ranna rialtais ábhartha chun na tacaíochtaí creidmheasa is iomchuí a fhorbairt a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil ó ghnólachtaí Éireannacha a bhfuil na dúshlán seo rompu. I mí na Samhna 2017, d'fhógair an tAire Airgeadais, mar chuid de Bhuiséad 2018, Scéim Iasachta Brexit €300m sheolfaidh CBSÉ sa mhargadh ag deireadh R1 2018.

Agus é ag breathnú níos faide ar aghaidh go 2018, leanfaidh CBSÉ lena thairiscint táirgí a leathnú agus tá réimse gníomhach iasachtóirí ar aghaidh agus scéimeanna nua táirgí againn ag céimeanna éagsúla forbartha againn.

Straitéis ar lean

Línte Gnó

Feidhmíonn an SBCI trí líne gnó:


	<h3>Iasachtú</h3>	<p>Is é samhail ghnó iasachtaithe CBSÉ faoi láthair ná feidhmiú mar institiúid airgeadais iasachtaithe mórdhíola ar aghaidh. Tugann sí maoiniú mórdhíola fadtéarmach ar chostas íseal d'iasachtóirí oiriúnacha ar aghaidh agus an costas íseal úis a chuirtear ar aghaidh chuig iasachtaithe GBM ina bhuntáiste leis. Tá straitéis CBSÉ bunaithe ar phiblíne láidir d'iasachtóirí ar aghaidh féideartha a fhorbairt d'fhonn éagsúlacht a bhaint amach sa mhargadh agus iomaíochas a bhrú chun cinn agus a bheith cúramach ag an am céanna gan an margadh a shaobhadh in aon earnáil iasachtaithe.</p>
	<h3>Comhroinnt Riosca</h3>	<p>Is í an tsamhail ghnó comhroinnte riosca ná páirt-ráthaíochtaí creidmheasa a chur ar fáil do sholáthraithe airgeadais chun an creidmheas a thugtar do GBManna a éascú, lena n-áirítear i gcás ina gcuireann teipeanna margaidh in earnálacha nó i dtimthriall gheilleagrach ar leith srian ar rochtain ar chreidmheas. Baineann CBSÉ leas as acmhainn riosca ó thacaíochtaí Stáit agus Eorpacha agus déanann sí gearáil ar an acmhainn sin chun ionstraimí airgeadais a dhearadh a bhaineann úsáid éifeachtúil as a cuid caipitil agus a fheabhsaíonn rochtain GBM ar mhaoiniú. Is sampla den chur chuige sin í an Scéim Iasachta um Thacaíocht Sreabhadh Airgid i gcomhair Talmhaíochta de chuid CBSÉ a seoladh sa chéad ráithe de 2017.</p>
	<h3>Soláthar Seirbhíse</h3>	<p>Feidhmíonn soláthar seirbhíse mar líne fhorlíontach ghnó don dá phríomhlíne ghnó, Iasachtú agus Comhroinnt Riosca. I mí Dheireadh Fómhair 2016, cheap an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta CBSÉ mar oibreoir agus mar bhainisteoir ar an Scéim Ráthaíochta Creidmheasa. Tá sé sin tábhachtach ó thaobh CBSÉ a bhunú mar phríomh-idirghabhálaí le haghaidh táirgí comhroinnte riosca in Éirinn. Soláthroidh CBSÉ seirbhísí den sórt sin sa chás go gcuireann siad feabhas straitéiseach ar na príomhlínte ghnó nó sa chás go gcomhlánaíonn siad iad.</p>

Samhail Ghnó

Is é samhail ghnó CBSÉ ná feidhmiú mar institiúid airgeadais miondíoladh ina dtugtar maoiniú mórdhíola ar chostas íseal d'iasachtóirí ar aghaidh sa mhargadh GBM in Éirinn. Feidhmíonn an CBSÉ faoi shainordú inbhuanaitheachta seachas cur chuige uasmhéadú brabúis. Agus tacaíocht á tabhairt d'fhorbairt réimsí nua sa mhargadh, tá sé mar aidhm ag CBSÉ margadh tráchtála feidhmiúil a fhorbairt seachas margadh a bheidh ag fáil tacaíochta ón Stát. Tá sé mar aidhm ag CBSÉ é féin a chóiriú do riachtanais an mhargaidh agus tairiscintí táirgí spriocdhírthe atá solúbtha maidir le téarmaí an táirge a chruthú.

Fostaíonn CBSÉ foireann bheag, éifeachtúil d'ardchaighdeán d'fhonn an buntáiste is fearr a thabhairt do GBManna agus í ag comhlíonadh a feidhme ó thaobh forbairt táirgí agus seirbhísí ag an am céanna. Chuige sin, úsáideann CBSÉ acmhainní GBCN). Is fostaithe de chuid GBCN iad foireann CBSÉ agus sanntar do CBSÉ iad ach is í GBCN a sholáthraíonn formhór de sheirbhísí corparáideacha CBSÉ. Déanann CBSÉ aisiocaíocht do GBCN as soláthar na seirbhísí sin, costais na gcomhaltáí foirne san áireamh.

Conas a Fheidhmíonn CBSÉ



Athbhreithniú Gnó

Le linn 2017, dhírigh CBSÉ ar a ghníomhaíochtaí comhroinnte riosca a chur chun cinn, agus d'éirigh leis Scéim Iasachta um Thacaíocht do Shreabhadh Airgid Talmhaíochta CBSÉ (Scéim ACSL) €150m a chur i bhfeidhm trí BAE, BNÉ agus Banc Uladh agus an Scéim Iasachta Brexit €300m atá le seoladh chuig an mhargaidh i R1 2018 a fhorbairt. Lean an CBSÉ ag forbairt a rannpháirtíochta le hiasachtóirí ar aghaidh féideartha agus nua agus €931m san iomlán i gcistí tiomanta ó bunaíodh é. Mar thoradh ar éadail Merrión Fleet ag institiúid airgeadais eile tháinig maoiniú ar ais chuig CBSÉ, lean siad ar aghaidh áfach, ag freastal ar mhargadh na GBManna. Leanfaidh an CBSÉ ag obair i dtreo iasachtóirí ar aghaidh nua a aimsiú agus é ag iarraidh an maoiniú atá ar fáil do GBManna a mhéadú. Mar gheall ar an ardleibhéal leachtachta ar chostas íseal atá ar fáil do na bainc sa mhargadh, tá maoiniú CBSÉ dírithe anois ar iasachtóirí ar aghaidh neamhbhainc.

I 2017, thug an CBSÉ tacaíocht do 10,468 GBManna agus do 53,389 post le €391m d'iasachtaí arna dtarraingt ag GBManna, lena n-áirítear an Scéim ACSL. Tríd an táirge leachtachta, chuir an CBSÉ breis is €245m ar fáil do GBManna le breis is €210m d'iasachtaí infheistíochta, níos mó ná €29m d'iasachtaí caipitil oibre agus os cionn €6m chun iasachtaí ó bhainc a bhí ag fágáil mhargadh na hÉireann a athmhaoiniú. Ba é 4.4% an meánráta úis ar gach iasacht CBSÉ le linn na bliana go dtí Nollaig 2017. Bhí leathadh leathan

réigiúnach ar iasachtaí ar fud gach táirge CBSÉ ó 20.3% san Iardheisceart go 4.1% i Lár na Tíre. Is í an talmhaíocht an earnáil is mó lena thacaíonn an CBSÉ fós agus 26.1% de na hiasachtaí iomlána leachtachta tugtha don earnáil sin ag deireadh mhí na Nollag 2017 agus breis tacaíochta tugtha leis an Scéim ACSL, rud a aithníonn na teipeanna sa mhargadh agus an gá tacaíocht a thabhairt don earnáil seo.

Foinsí Maoinithe

Le linn 2017, choinnigh an CBSÉ a phríomhfhoinsí maoinithe ag €1,215m ó mheascán de chúig mhaoinitheoir, trí áiseanna idirnáisiúnta agus dhá chlár náisiúnta. Tá saoráidí creidmheasa ag an CBSÉ: €400m ón mBanc Eorpach Infheistíochta (BEI); €150m ó KfW; €200m ó Bhainc Forbartha Chomhairle na hEorpa (CEB); €250m i gClár Nótaí Rátháíochta leis an GBCN; agus €215m ó Chiste Infheistíochta Straitéiseach na hÉireann (ISIF) ar laghdú é sin ó €240m i mí Feabhra 2017 tar éis €25m a thiontú ó fhiacha go caipiteal chun tacú le gníomhaíochtaí comhroinnte riosca.

Comhairle Bhanc Forbartha na hEorpa €200 MILLIÚN



Bunaíodh Comhairle Bhanc Forbartha na hEorpa mar bhanc forbartha iltaobhach in 1956 agus sainordú tosaigh aici chun dídeanaithe a aidsúichiú, i ndiaidh an Dara Cogadh Domhanda, agus dul i ngleic leis an athlonnú agus le saincheisteanna sóisialta a bhí mar thoradh air. Tá an sainordú sin leathnaithe ó shin i leith chun dul i ngleic le saincheisteanna sóisialta agus comhshaoil ginearálta a tháinig chun cinn san Eoraip, lena n-áirítear tacaíocht a thabhairt do mhicreaghnothais, do ghnóthais bheaga agus do ghnóthais mheánmhéide d'fhonn poist a chaomhnú agus poist a chruthú, trí mhaoiniú ar chostas íseal agus sásraí rátháíochta. Tá Éire ina ball de Chomhairle Bhanc Forbartha na hEorpa ó 2004.

Kreditanstalt für Wiederaufbau (KfW) €150 MILLIÚN

Is é KfW banc spreagtha stáit na Gearmáine, le branda láidir a bhfuil ardmheas air i margaí caipitil trína dtugtar rochtain chobhsaí ar chostas íseal dóar mhaoiniú fadtéarmach. Is é sainordú KfW thar aon ní eile a bhonn miondíola, tráchtála agus corparáideach féin a fhorbairt go himheánach. Baineann KfW leas as samhail don iasachtóir ar aghaidh ag baint leasa as bainc áitiúla chun an sainordú sin a sheachadadh trína raon táirgí agus feabhsúchán ar iomaíochas sna margaí. Ina theannta sin, soláthraíonn KfW a mhaoiniú níos fadtéarmaí ar chostas níos ísle freisin do stáit eile san Aontas Eorpach trína n-institiúidí spreagtha faoi seach amhail CBSÉ, d'fhonn tacú lena sainorduithe comhlántacha.

Ciste Infheistíochta Straitéisí na hÉireann (ISIF) €215 MILLIÚN



Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta
National Treasury Management Agency

Ciste Infheistíochta Straitéisí d'Éireann
Ireland Strategic Investment Fund

Bunaíodh Ciste Infheistíochta Straitéisí d'Éirinn (CISÉ) i mí na Nollag 2014 chun infheistiú ar bhonn tráchtála ar bhealach a dearadh chun tacú le gníomhaíocht gheilleagrach agus le fostaíocht in Éirinn. Aistríodh sócmhainní an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean (CNP) – an ciste a bhí mar réamhtheachtaí ag CISÉ – chuig CISÉ. Tugadh maoiniú do CBSÉ de bhun treorach ón Aire Airgeadais chuig Coimisiún an CNP. Is saoráid rothlach deich mbliana é an maoiniú CISÉ agus tá cumas ann é a aistriú go caipiteal ag iarraidh an Aire. I mí Feabhra 2017, tar éis don Aire iarratas a dhéanamh, rinneadh €25m den áis rothlach a thiontú go caipiteal chun tacú le scéimeanna comhroinnte riosca a bhí á seachadadh ar an margadh i gcaitheamh na bliana.

GBCN €250 MILLIÚN



Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta
National Treasury Management Agency

Tá GBCN freagrach as iasachtaíocht thar ceann an Rialtais agus as bainistiú an Fhiachais Náisiúnta d'fhonn leachtacht don Státchiste a chinntiú agus d'fhonn an t-ualach úis a íoslaghú sa mheántearma. Tá an tsaoráid GBCN do CBSÉ i bhfoirm Clár Nótaí Ráthaithe áit ina ndéanfaidh GBCN infheistíocht i Nótaí Ráthaithe arna n-eisiúint ag CBSÉ ar théarmaí comhaontaithe a mbeidh aibíocht uasta de dheich mbliana ag gabháil leo.

An Banc Eorpach Infheistíochta €400 MILLIÚN



European
Investment
Bank

The EU bank

Is é an Banc Eorpach Infheistíochta banc an Aontais Eorpaigh, a thugann tacaíocht nuair a theipeann ar an margadh creidmheasa agus cothromais araon ar fud na hEorpa. Príomhthosaíocht de shainordú an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta is ea maoiniú a thabhairt agus rochtain ar mhaoiniú a fheabhsú do phobal na nGnóthas Beag agus Meánmhéide san Eoraip. Bhí soláthar maoinithe do CBSÉ istigh faoin gcuspóir sin a bhaineann le tacaíocht maoinithe do GBManna.

Ciste Infheistíochta na hEorpa



Tá an Ciste Eorpach Infheistíochta (EIF) ina chuid de ghrúpa an Bhainc Infheistíochta Eorpaigh. Is é a mhisean lárnach ná tacú le micreaghnlachtaí agus le gnólachtaí beaga agus meánmhéide na hEorpa trí chabhrú leo rochtain a fháil ar airgeadas. Déanann EIF caipiteal fiontar agus fáis, ráthaíochtaí agus ionstraimí mícrea-airgeadais iad dírithe go sonrach ar an an deighleog mhargaidh seo. Mar chuid dá ról seo, cothaíonn EIF cuspóirí an AE tacú le nuálaíocht, taighde agus forbairt, fiontraíocht, fás agus fostaíocht agus e ag gníomhú mar idirghabhálaí do mhaoiniú agus do thionscnaimh Choimisiún an AE.

Maoiniú Caipitil

Anuas ar an luach €10 milliún de scaireanna a eisíodh don Aire Airgeadais ar ionchorprú, shuibscríobh an tAire le haghaidh luach €25 milliún breise de scairchaipiteal CBSÉ i mí Feabhra 2017. Leis an gcaipiteal breise a bhailéofar beidh sé ar chumas CBSÉ tacú lena gníomhaíochtaí reatha, agus táirgí nua a fhorbairt agus a sheachadadh d'fhonn tacú leis an sainchúram atá uirthi rochtain ar mhaoiniú a fheabhsú i margai creidmheasa na hÉireann. Íocadh as na scaireanna trí chuid de shaoráid iasachta CBSÉ a thiontú ó CISE.


Táirgí CBSÉ

I 2017, choinnigh an CBSÉ a sraith táirge a bhí aige cheana féin, ach amháin go ndearnadh seachadadh rathúil €675m de leachtacht fadtéarmach trí na trí bhanc (AIB, Banc na hÉireann agus Banc Uladh), agus d'fhorbair sé tairiscintí nua táirgí chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais mhaoinithe GBManna trí chomhroinnt riosca a thabhairt isteach tríd an Scéim ACSL a cuireadh ar fáil in éineacht le hiasachtóirí ar aghaidh. Tugann comhroinnt riosca rogha eile ar fáil d'institiúidí airgeadais, áit ina roinntear an riosca creidmheasa idir an institiúid airgeadais agus i gcás na scéime seo, CBSÉ, é tacaíthe ag an Roinn Talmhaíochta agus ag frithráthaíocht páirteach COSME. Aithnítear ról lárnach CBSÉ i gcur chun cinn cuí mhaoiniú an AE agus an tacaíocht do GBManna dá bharr, le forbairt na Scéime ACSL, an chéad táirge CBSÉ a bhaineann le comhroinnt riosca. Thug an Scéim ACSL, mar tháirge comhroinnte riosca, cruthúnas don choincheap agus tá CBSÉ ag baint úsáide as an eolas seo chun raon táirgí ráthaíochta a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar réimsí sainiúla de theipeanna aitheanta i margadh na hEorpa.

D'oibrigh CBSÉ leis an Roinn Gnóthaí, Fiontair agus Nuálaíochta freisin maidir le seachadadh na Scéime Ráthaíochta Creidmheasa nua 2017 le roinnt banc atá réidh chun e seo a sholáthar i R2 2018.

Iasachtú

I 2017, lean an CBSÉ ag forbairt a chaidreamh le hiasachtóirí ar aghaidh reatha agus le hiasachtóirí ar aghaidh nua. Leanann an CBSÉ ag obair i dtreo líon na gcomhpháirtithe iasachtaithe ar aghaidh a mhéadú chun éagsúlacht níos fearr de roghanna maoinithe iomaíochta a sholáthar do GBManna agus chun éagsúlacht na n-iasachtóirí agus na gcineálacha maoinithe atá ar fáil i margadh na hÉireann a fheabhsú. Trína iasachtóirí neamh-bhainc reatha, soláthraíonn an CBSÉ fruilcheannach, fruilíú conartha agus iasachtaí léasaithe atá ar fáil do GBManna incháilithe chun gluaisteáin, feithiclí tráchtála agus sócmhainní gléasra agus innealra a mhaoiniú. Ina theannta sin, soláthraíonn CBSÉ a táirge maoinithe sonrasc do GBManna incháilithe trína iasachtóirí ar aghaidh. Is saoráid chaipitil oibre é maoiniú sonrasc a scaoileann airgead tirim ata sáinnithe i sonrais chustaiméara nach bhfuil íoctha agus a fheabhsaíonn sreabhadh airgid do GBManna.



Comhroinnt riosca

Le linn 2017, d'éirigh le CBSÉ a cumas comhroinnte riosca agus táirgí a bhunú chun tacú le hiasachtú breise do GBManna in Éirinn agus chun gníomhú mar idirghabhálaí do thionscnaimh mhaoinithe GBM Eorpacha. Ligeann comhroinnt riosca an Riosca creidmheasa a roinnt ar an bportfóilió iasachta foriomlán ar mhaithe leis an institiúid airgeadais comhpháirtíochta. In ainneoin leachtacht a bheith ar fáil sa mhargadh faoi láthair, bhí bearnaí leanúnacha ann maidir le soláthar creidmheasa, go háirithe i gcás tionscadal ard-riosca i margadh na hÉireann, mar a tharla ar fud an AE i ndiaidh na géarchéime. Tacaíonn CBSÉ le soláthar iasachtaí breise do GBManna trína ról mar oibrítheoir agus bainisteoir na Scéime Rátháíochta Creidmheasa, agus trína táirge iasachta ráthaithe féin, an Scéim ACSL.

Thug forbairt na Scéime ACSL, mar tháirge comhroinnte riosca, cruthúnas don choincheap agus tá CBSÉ ag baint úsáide as an eolas seo chun raon táirgí rátháíochta a fhorbairt chun dul i ngleic réimsí sainiúla teipeanna aitheanta i margadh na hEorpa. Tá an bonn eolais uathúil ag CBSÉ anois chun táirgí a thógáil ar fud an Stáit trína rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara Stáit, institiúidí airgeadais agus margadh GBManna i gcoitinne. Tá tuilleadh sonraí faoin Scéim ACSL leagtha amach thíos.

An Scéim Rátháíochta Creidmheasa (CGS)

Is tionscnamh rialtais í an Scéim CGS a d'fhorbair agus a sheol an Roinn Post (at a dtugtar Gnó Fiontair agus Nuálaíochta anois) (DJEI/DBEI) in 2012 chun iasachtú breise a spreagadh do GBManna inmharthana ó thaobh tráchtála nach féidir, faoi ghnáthchritéir iasachtaíthe, saoráidí nua nó breise a fháil óna mbanc.

Athbhreithniú Gnó ar Lean

Éascaíonn an scéim fonn breise do riosca creidmheasa trí ráthaíocht tacaithe ag an rialtas 75% den luach saoráide a sholáthar do iasachtóirí ar aghaidh. Tá sé mar aidhm ag an scéim dul i ngleic ar thrí bhac ar leith ar iasacht:

- Easpaí comhthaobhachta;
- I gcás ina bhfuil GBM ag iarraidh athmhaoiniú mar gheall ar a mbanc ag fágáil mhargadh na hÉireann agus nach bhfuil comhthaobhacht leordhóthanach ar fáil chun tacú leis an athmhaoiniú seo; agus/nó
- Gnólachtaí atá ag fás nó ag leathnú a oibríonn i n-earnálacha ina mheastar go bhfuil riosca níos airde ann faoi chleachtais mheastóireachta riosca creidmheasa reatha.

Faoi Acht CGS 2016 agus na hlonstraimí Reachtúla ina dhiaidh sin i 2017, tá cumas breise forbartha chun go bhféadfaidh DBEI frithráthaíocht páirteach creidmheasa a sholáthar don CBSÉ le haghaidh áiseanna ráthaíochta a thagann le clár beartas DBEI.

I mí Dheireadh Fómhair 2016, cheap an tAire Post Fiontair agus Nuálaíochta CBSÉ mar oibreoir agus mar bhainisteoir CGC. Bunaíodh scéim nua (CGS 2017) go déanach in 2017 faoin Acht CGS 2016 agus tá sí á hoibríochtú faoi láthair. Tá gnéithe feabhsaithe ag an scéim nua mar atá léirithe thíos:

- Mhéadaigh an Scéim Ráthaíochta Creidmheasa 2017 an ráthaíocht tacaithe ag an rialtas go 80% agus an t-uasmhéid portfóilíó go 13% freisin.
- Tá próiseas éilithe simplithe ag an scéim nua, ráta préimhe laghdaithe 1% do 2018 agus préimh a bailiú trí dhochar díreach.
- Úsáidfidh an scéim nua tairseach iasachta CBSÉ freisin chun sonraí iasachta a bhailiú agus táirgeacht MIS fiúntach a fheabhsú.
- Ceadáíonn an scéim athmhaoiniú fiacha GBM freisin in imthosca ina bhfuil a soláthraí airgeadais reatha:
 - (i) Neamhthoilteanach (neamhthoilteanach i gcás ina ndeachaigh na hiasachtaí in éag nó go ndearnadh iad a 'ghlaoch isteach' nó iad a éileamh) iad a fhadú nó
 - (ii) míabalta (mar go bhfuil sé ag gágáil mhargadh na hÉireann) an creidmheas atá lorgtha a chur ar fáil

- (iii) I ndiaidh fhiach an GBManna a dhíol le tríú páirtí.

Ceadáítear aistrithe comhaontuithe incáilitheacha idir soláthraithe airgeadais in imthosca áirithe freisin.

Éascaíonn an scéim nua le struchtúr oibriúcháin níos éifeachtaí agus spreag sí níos mó spéise in iasachtóirí ar aghaidh agus féadfar an scéim nua a úsáid i bhfoirmeacha nua iasachtaithe agus le hiasachtóirí ar aghaidh nua – de réir mar a chinnfidh DBEI.

An Scéim Iasachta um Thacaíocht do Shreabhadh Airgid Talmhaíochta (Scéim ACSL)

I mí Eanáir 2017, sheol CBSÉ a chéad táirge iasachta tacaithe ag ráthaíocht - an Scéim ACSL - i gcomhar leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara. Fuarthas tacaíocht riosca don táirge seo ón gCiste Eorpach Infheistíochta i bhfoirm frithráthaíochta faoin gclár AE d'Iomaíochas Gnólachtaí Beaga agus Meánmhéide¹ (COSME). Ba í frithráthaíocht COSME a cuireadh ar fáil don CBSÉ chun tacú le hiasachtaí do GBManna an chéad uair a úsáideadh COSME in Éirinn. D'úsáid CBSÉ an frithráthaíocht seo in 2017 chun tacú le feirmeoirí a raibh brú airgeadais gearrthéarmach orthu mar gheall ar luaineacht praghais agus ioncaim tríd an Scéim ACSL. Bhí cumas forlíontach faoin áis COSME seo lorgtha agus faoga ag CEI i mí Dheireadh Fómhair 2017 agus bainfear úsáid as seo chun tacú le háiseanna breise comhroinnte riosca atá á bhforbairt ag CBSÉ chun tacú le teipeanna margaidh airgeadais GBM.

¹ Is é COSME clár AE um Iomaíochas Gnóthas Bheag agus Meánmhéid (GBManna) atá i bhfeidhm ó 2014 go 2020 agus a bhfuil buiséad iomlán €2.3bn curtha ar fáil ag Coimisiún an AE dó. I mí na Nollag 2016, shínigh CBSÉ Saoráid Iasachta faoi Ráthaíocht COSME a thacaíonn le ráthaíochtaí agus frithráthaíochtaí d'institiúidí airgeadais agus d'institiúidí spreagthachta náisiúnta chun cabhrú le soláthar iasachtaí breise agus maoinithe léasa do GBManna.

Thug an Scéim ACSL tacaíocht d'fheirmeoirí a raibh brú airgeadais ghearrthéarmach orthu mar gheall ar luaineacht praghaís agus ioncain trí tháirge iasachta um shreabhadh airgid a sholáthar mar rogha ar fhoirmeacha creidmheasa a bheadh níos costasaí, mar shampla creidmheas marsantach agus saoráidí rótharraingte bainc. Tá mionsonraí sonracha na scéime leagtha amach thíos.

An Scéim Iasachta um Thacaíocht do Shreabhadh Airgid Talmhaíochta

Tá an scéim dúnta anois d'íarratais nua.

Méid

Is é €150m Méid iomlán na scéime (ag baint úsáide as an Frith-Ráthaíocht páirteach curtha ar fáil ag COSME)

Gnéithe iasachta

- Go dtí uasmhéid iasachta de €150k in aghaidh an fhiontair feirme (faoi réir ceanglais Chúnamh Stáit)
- Téarma iasachta íosta bliana amháin suas le sé bliana ar a mhéad
- Tá iasachtaí gan urrús
- Aisíocaíochtaí roghnacha úis amháin ar fáil ag tús na n-iasachtaí
- Ráta úis 2.95% socráithe do théarma na hiasachta

Bhí iasachtaí incháilithe do

- Riachtanais chaipitil oibre sa todhchaí (mar shampla, bia, leasachán, stoc trádála, cáin, costais eile, srl.)
- Mar rogha ar chreidmheas marsantach
- Caipiteal oibre a úsáideadh cheana a athsholáthar (roimh 31 Nollaig 2016)

Ní raibh iasachtaí incháilithe do

- Athmhaoiniú gnóthas a raibh deacrachtaí airgeadais acu
- Athmhaoiniú fiacha a bhí ann cheana (mar shampla, Téarmaí Iasachtaí/Léasanna/Fruilcheannach, srl.)
- Infheistíocht nua

Cé a d'fhéadfadh iarratas a dhéanamh

- Mícreaghnólachtaí, gnólachtaí beaga agus meánmhéide (GBManna) atá gníomhach sa phríomh-earnáil talmhaíochta i bPNÉ agus chomhlíonann na critéir incháilitheachta. Tá GBManna sainmhínithe ag an sainmhíniú Caighdeánach AE [Rialachán 2003/361/CE] mar iad siúd a leanas:
 - Tá níos lú ná 250 fostaithe acu
 - Tá láimhdeachas €50m nó níos lú acu (nó €43m nó níos lú ar a gclár comhardaithe)
 - Tá siad neamhspleách agus féinrialaitheach, eadhon ní chuid de ghrúpa fiontar níos leithne iad
 - Bíonn níos lú ná 25% dá gcaipiteal i seilbh comhlachtaí poiblí

Tacaíocht do mhaoiniú

Soláthraíonn an CBSÉ an maoiniú seo le tacaíocht ó Fhrith-Ráthaíocht COSME don CBSÉ atá curtha ar fáil tríd an gCiste Eorpach Infheistíochta (CEI) ag úsáid tacaíochta ón gCiste Eorpach um Infheistíocht Straitéiseach ("CEIS") a bunaíodh faoin bPlean Infheistíochta don Eoraip. Is é cuspóir CEIS cuidiú le maoiniú a thacú agus infheistíochtaí táirgiúla a chur i bhfeidhm san Aontas Eorpach agus chun rochtain mhéadaithe ar mhaoiniú a chinntiú. Thacaigh an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (RTBM) trí €25m a chur ar fáil don scéim seo, lena n-áirítear €11m i 'gcúnamh coigeartaithe eisceachtúil'².

Tréimhse na Scéime

Bhí an Scéim i bhfeidhm ó Eanáir 2017 go dtí deireadh mhí Mheán Fómhair 2017.

2 Rinne an Coimisiún Eorpach, faoi Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/1613, foráil maidir le cúnamh coigeartaithe eisceachtúil mar aitheantas ar na coinníollacha deacra margaidh d'fheirmeoirí Eorpacha.

Athbhreithniú Gnó ar Lean

Margaíocht agus Cur Chun Cinn

Leanann CBSÉ lena bhranda a thógáil mar thacaíocht iontaoifa agus ríthábhachtach maidir le hailtireacht airgeadais mhargadh creidmheasa na hÉireann. Is é príomhdhúshlán CBSÉ sa réimse seo feasacht a ardú ar an ról atá aige maidir le táirgí a chur ar fáil do GBManna ar fud na hÉireann trí chomhpháirtithe iasachtaithe ar aghaidh. Féachann CBSÉ lena chinntiú go sroicheann a theachtaireacht raon leathan lucht spéise, idir GBManna aonair agus a gcuid comhairleoirí, thionscail agus chomhlachtaí Stáit. Díriodh go dtí seo ar bhranda a chruthú atá furasta a aithint, a bhaineann le croiluchtanna spéise CBSÉ agus a rachaidh i gcion i dtimpeallacht phlódaithe branda.

Chun a chinntiú go mbainfidh GBManna leas as táirgí CBSÉ, forbraíodh feachtas feasachta poiblí chun margaíocht a dhéanamh ar bhranda, ar tháirgí agus ar chláir CBSÉ. Chuimsigh sé seo feachtas margaíochta agus bolscaireachta, lena n-áiríodh clár freastail ar sheónna trádála, ar chomhdhálacha agus ar imeachtaí gnó ar fud na tíre. Bhí meascán de chlúdach raidió agus meáin i gceist le feachtas 2017.

Taispeánann Suirbhé Éilimh Creidmheasa na Roinne Airgeadais (Aibreán-Meán Fómhair 2017) feasacht ar an CBSÉ i measc FBManna a ghlacann páirt sa suirbhé ag 29% - méadú ó 21% sa suirbhé roimhe seo rud a léiríonn dul chun cinn seasta maidir le fás fheasacht bhranda CBSÉ.

Rannpháirtíocht Páirtithe Leasmhara agus Piaráí

Aithníonn CBSÉ grúpa leathan páirtithe leasmhara a bhfuil leas acu ina cuid gníomhaíochtaí. Dá réir measann sí gur rud criticiúil é rannpháirtíocht páirtithe leasmhara lena chinntiú go bhfuil gníomhaíochtaí CBSÉ ag teacht le beartas an rialtais agus ag freastal ar riachtanais maoinithe mhargadh na hÉireann. Éiríonn le CBSÉ é sin a bhaint amach trí rannpháirtíocht agus comhoibriú rialta éifeachtach le gach páirtí leasmhara lena n-áirítear GBManna, comhlachtaí ionadaíochta, comhairleoirí GBM, ranna rialtais, gníomhaireachtaí iasachtóirí ar aghaidh agus maoinitheoirí/ráthóirí.

Tá Banc/Institiúidí Spreagtha nó Forbartha Náisiúnta i bhfeidhm ar fud na hEorpa chun dul i ngleic le teipeanna a aithníodh sa mhargadh ar bhonn áitiúil nó réigiúnach.

Cé go bhféadfadh éagsúlacht a bheith ina sainorduithe faoi seach ag brath ar thosaíocht dlínse, tá cuspóir comónta acu go léir, rud a spreag grúpaí nó cumainn líonra láidre atá dírithe go sonrach ar an margadh. Is ball de NEFI (an Líonra Eorpach d'Institiúidí Airgeadais) agus ELTIA (an Cumann Eorpach d'Infheisteoirí Fadtéarmacha) í CBSÉ. Tugann na fóraim sin an tacaíocht agus an taithí do CBSÉ ó mhargaí eile atá luachmhar di agus í ag forbairt a ról i margadh na hÉireann. Soláthraíonn CBSÉ, mar institiúid spreagtha náisiúnta, meán idirghabhála áitiúil chuig margadh na hÉireann le haghaidh tionscnaimh maoinithe de chuid an Aontais Eorpaigh agus bhí sí ina ball de ghrúpa oibre an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta agus Banc/Institiúidí Spreagtha nó Forbartha Náisiúnta chun Plean Infheistíochta na hEorpa a sheachadadh don Eoraip (ar ar tugadh "Plean Juncker³" freisin) i rith 2017.

Forléargas ar an Margadh

Bhí dúshlán agus neamhchinnteacht ann fós roimh GBManna Éireannacha le linn 2017 agus feasacht mhéadaithe ar an ngá aghaidh a thabhairt ar na himpleachtaí diúltacha a d'fhéadfadh teacht le Brexit. Mar sin féin, léirigh an margadh roinnt comharthaí dearfacha agus roinnt fianaise fáis.

Léiríonn Tuarascáil Mhargaidh GBManna Bhanc Ceannais na hÉireann⁴ (BCE) go raibh méadú leanúnach ar iomlán na n-iasachtaí nua do GBManna Éireannacha (gan airgeadas agus réadmhaoin san áireamh) in 2017 agus méadú 24% ar iasachtaí i R3 2017 i comparáid leis an mbliain seo caite. Tá an t-éileamh foriomlán creidmheasa fós íseal le 21% de GBManna Éireannacha ag déanamh iarrtais ar iasachtaí bainc i mí Mheán Fómhair 2017, de réir

3 Is clár infheistíochta uailmhianach é "Plean Juncker" nó "Plean Infheistíochta Bonneagair an AE" a d'fhógair Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh Jean-Claude Juncker den chéad uair é i mí na Samhna 2014. Tá sé mar aidhm aige infheistíochtaí poiblí agus príobháideacha €315bn ar a laghad atá san "fhiorgheilleagar" a scaoileadh thar thréimhse fhioscach trí bliana.

4 <https://www.centralbank.ie/docs/default-source/publications/sme-market-reports/sme-market-report-2017h2.pdf?sfvrsn=5>

Suirbhé ECB ar Rochtain Airgeadais do Fhiontair (SAFE) Aibreán 2017 - Meán Fómhair 2017⁵.

Tá sé léirithe sa suirbhé, áfach, gur luaigh gnóthais cistí inmheánacha airgeadais leordhóthanacha mar phríomhchúis leis an easpa éilimh ar creidmheas. Luadh caipiteal oibre mar phríomhchuspóir maoinithe inmheánaigh agus sheachtraigh. Aithníonn an CBSÉ feidhmíocht dhearfach GBManna na hÉireann, agus mar thoradh air sin an úsáid a bhaintear as maoiniú inmheánach, tugann CBSÉ foláireamh áfach i gcoinne díriú ar riachtanais mhaoinithe gearrthéarmacha a shásamh agus an baol go dtiocfaidh bearna chun cinn maidir le hinfheistíocht ghnó fadtéarmach.

De réir Thuarascáil Mhargaidh GBManna BCÉ (2017 H2), tá méadú 13.9% tagtha ar rátaí na n-iasachtaí diúltaithe i mí Mheán Fómhair 2017 ó 8.2% i Márta 2017 - tar éis laghdú suntasach léirithe i dtuarascálacha roimhe seo. Is ábhar imní í an staitistic seo, tá an treocht ag teacht an go dtí an pointe seo áfach, agus bheadh tuilleadh athbhreithnithe ag teastáil i dtuarascálacha as seo amach chun tuiscint níos fearr a fháil ar an treocht atá ag teacht chun cinn. Bhí sé tuairiscithe in Athbhreithniú Macra-Airgeadais BCE (2017 H2)⁶, cé gur lean creidmheas do GBManna ag laghdú, méadaíodh iasachtaí nua d'fhiontair den sórt sin i 2017 i ndáiríre.

Ar leibhéal na hEorpa i gcoitinne, léiríonn Suirbhé BCE SAFE, a sholáthraíonn fianaise ar athruithe i staid airgeadais fiontar, go leanann GBManna ar fud na hEorpa le méadú a thuairisciú ar 'fáil ar iasachtaí bainc agus rótharraingtí bainc'. Ar nóta dearfach, ó thaobh na hÉireann de, tá sé luaite sa suirbhé go raibh Éire i measc na dtíortha ba mhó a bhraith go raibh feabhas tagtha ar fháil iasachtaí bainc.

Bhí rátaí úis in Éirinn le haghaidh iasachtaí corparáide neamhairgeadais faoi 0.25m ag 5% i mí Iúil 2017 - níos airde ná tíortha incomparáideacha - cé go raibh an bhearna sa ráta úis idir iasachtaí faoi bhun €0.25m agus iasachtaí os cionn €1m ag 2.9% in Éirinn, atá os cionn tíortha incomparáideacha freisin. I bpáirt, d'fhéadfadh sé seo a bheith ina léiriú ar thaití creidmheasa stairiúil, tá CBSÉ tiomanta áfach, do chinntiú go bhfuil rátaí úis iomaíochta ar fáil doGBManna Éireannacha.

Chuir BCÉ anailís ar leochaileacht airgeadais GBManna Éireannacha idir 2013 agus 2017⁷ ar fáil. Is fiú a lua, cé go bhfuil na rátaí réamhshocraithe d'iasachtaí neamhfheidhmithe feabhsaithe ó 2013 i leith, go bhfuil an leochaileacht airgeadais ina ábhar imní ábhartha san earnáil GBM in Éirinn.

Ag breathnú amach romhainn, déanann léargas Observer ECFE 2017-2018⁸ d'Éirinn moilliú i bhfás eacnamaíoch a thuar. Léirigh easpórtálacha agus infheistíochtaí roinnt comharthaí de moilliú de bharr Brexit. Cé go bhfuil cuma dearfach tuartha d'Éirinn ar an iomlán agus go bhfuil fianaise ar fheabhsuithe sa mhargadh creidmheasa, tá leochaileachtaí agus neamhchinnteachtaí ann fós.

5 https://www.ecb.europa.eu/pub/pdf/other/ecb_accesstofinancesmallmediumsizedenterprises201711.en.pdf?beb1832df4af9efa945a5a1f7b99eeb7

6 <https://www.centralbank.ie/docs/default-source/publications/macro-financial-review/macro-financial-review-2017-ii.pdf?sfvrsn=7>

7 [https://www.centralbank.ie/docs/default-source/publications/economic-letters/vol-2017-no-14--the-financial-vulnerability-of-irish-small-and-medium-enterprises-2013-to-2017-\(mcquinn-and-mccann\).pdf?sfvrsn=4](https://www.centralbank.ie/docs/default-source/publications/economic-letters/vol-2017-no-14--the-financial-vulnerability-of-irish-small-and-medium-enterprises-2013-to-2017-(mcquinn-and-mccann).pdf?sfvrsn=4)

8 http://oecdobserver.org/news/fullstory.php/aid/5749/Country_snapshots_2017-18:_Ireland.html

Rialachas agus Eolas Corparáideach

Stiúrthóirí



Conor O'Kelly | Cathaoirleach

(athcheaptha le haghaidh téarma aon bhliain amháin an 12 Márta 2018) | Ball den Choiste Luacha Saothair

Is é Conor O'Kelly Príomhfheidhmeannach GBCN. Is Iar-Leasathaoirleach é ar Investec Holdings (Ireland) Ltd. Roimhe sin bhí sé ina Phríomhfheidhmeannach ar NCB Group, a fuair Investec ina dhiaidh sin. Sula ndeachaigh sé ag obair le NCB mar Cheannasaí Ioncaim Sheasta chaith sé 11 bhliain le Barclays Capital, áit a raibh roinnt post bainistíochta sinsearach aige.



Nick Ashmore | Comhalta Boird

(Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus ball ex officio) | Ball den choiste creidmheasa

Is é Nick Ashmore Príomhoifigeach Feidhmiúcháin CBSÉ. Sular ghlac sé leis an ról sin bhí sé ina Stiúrthóir Tionscadal i rith chéim bhunaithe CBSÉ. Thosaigh Nick ag obair in GBCN in 2006 mar chuid den fhoireann a bhí ag bainistiú an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean, áit ar fhónaimh sé mar Cheannasaí ar Chothromas Príobháideach agus Bonneagar sula ndearnadh Leas-Stiúrthóir dó in 2011. Sular thosaigh sé ag obair in GBCN, bhí Nick ina bhainisteoir infheistíochta le Greenap Consultants Limited, oifig theaghlach phríobháideach. Is céimí de chuid Ollscoil Obar Dheathain é agus ball d'Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Albain.



Barbara Cotter | Comhalta Boird

(ceaptha an 18 Márta 2017 ar feadh téarma ceithre bliana) | Ball den Choiste Iniúchta agus Riosca

Bhí Barbara Cotter ina Comhpháirtí ag A&L Goodbody ar feadh breis is 20 bliain. I rith a cuid ama mar dhlíodóir baincúireachta, thug Barbara tacaíocht do GBManna na hÉireann agus chuir sí comhairle ar iasachtóirí agus ar infheisteoirí an phobail GBM. Is céimí de chuid an Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath í agus comhalta de Bhinse Fiosrúcháin Smachta na nAturnaetha.



Carmel Foley | Comhalta Boird

(ceaptha an 4 Deireadh Fómhair 2017 ar feadh téarma cúig bliana)

Is Príomhoifigeach i Roinn Bhaincúireachta na Roinne Airgeadais í Carmel Foley agus tá sí freagrach as Beartas Creidmheasa agus Iasachtaithe do GBManna agus as Beartas Tohaltóirí. Ba Choimisinéir le Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána roimhe seo agus i ina Stiúrthóir ar Ghnóthaí Tomhaltóirí.



Tom McAleese | Comhalta Boird

(ceaptha an 24 Márta 2015 ar feadh téarma ceithre bliana) | Cathaoirleach an Choiste Iniúchta agus Riosca

Tá Tom McAleese ina Stiúrthóir Bainistíochta ar Alvarez & Marsal, an Ríocht Aontaithe agus ina Cheannasaí ar chleachtas Athstruchtúrú na mBanc san Eoraip agus os cionn 25 bliana taithí aige i gcúrsaí seirbhísí airgeadais. Sula ndeachaigh sé ag obair in Alvarez and Marsal, bhí sé ina Stiúrthóir Bainistíochta ar feadh cúig bliana le Barclays Bank Ireland cpt. D'oibrigh sé roimhe sin le ABN AMRO Bank, áit a raibh poist shinsearacha aige agus le GPA Group cpt agus KPMG. Is Comhalta d'Institiúid na gCuntasóirí Cairte é Tom, Comhalta d'Institiúid na mBaincéirí agus ball den American Institute of Certified Public Accountants. Tá sé ina Uachtarán ar Alumni Gnó Choláiste na Tríonóide faoi láthair agus ina chathaoirleach iniúchta ar Chumann Lucht Trádála Bhaile Átha Cliath.



Rosheen McGuckian | Comhalta Boird

(ceaptha an 27 Márta 2015 ar feadh téarma cúig bliana) | Ball den Choiste Creidmheasa | Cathaoirleach an Choiste Luacha Saothair

Tá Rosheen McGuckian ina Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Grúpa ar NTR cpt. Tá taithí fhorleathan aici mar fheidhmeannach sinsearach san earnáil phríobháideach agus san earnáil phoiblí in Greenstar, GE Capital agus BSL. Is céimí de chuid Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath í agus tá céim dhochtúireachta aici ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.



AJ Noonan | Comhalta Boird

(ceaptha an 18 Márta 2015 ar feadh téarma cúig bliana)

Is é AJ Noonan bunaitheoir agus Stiúrthóir Bainistíochta Rhonellen Developments. Bhunaigh sé agus bhí sé ina Stiúrthóir Bainistíochta roimhe sin ar Noonan Recruitment agus Professional Placement Group. Bhí AJ ina Chathaoirleach ar Chomhlachas na nGnólachtaí Beaga ó 2013 go 2016 agus tá sé fós ar an gComhairle Náisiúnta. Is céimí de chuid Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath é.



Richard Pelly | Comhalta Boird

(ceaptha an 18 Márta 2015 ar feadh téarma cúig bliana) | Cathaoirleach an choiste creidmheasa

Bhí Richard Pelly ina Phríomhfheidhmeannach ar an gCiste Eorpach Infheistíochta tráth. Bhí sé ina bhall d'fhóireann bhainistíochta GE Capital san Eoraip roimhe sin agus ina Stiúrthóir Bainistíochta ag Lloyds TSB. Is céimí de chuid Ollscoil Durham é agus ball d'Institiúid na mBaincéirí.



Eilis Quinlan | Comhalta Boird

(ceaptha an 18 Márta 2015 ar feadh téarma cúig bliana) | Ball den Choiste Iniúchta agus Riosca

Tá a cleachtas cuntasáíochta agus iniúchta féin ag Eilis Quinlan le 20 bliain anuas. Faoi láthair tá sí ina Stiúrthóir ar Chomhlachas Ghnóthais Bheaga agus Mheánmhéide na hÉireann agus bhí sí mar Chathaoirleach air roimhe seo. Ó 2011 i leith is í Eilis ionadaí na hÉireann ar Fhóram Domhanda Chomhlachas na gCuntasóirí Cairte Deimhnithe le haghaidh GBManna. Déanann sí ionadaíocht freisin ar an gComhlachas ar Chónaidhm Chuntasóirí na hEorpa sa Bhrúiséal. Is céimí de chuid Choláiste Griffith, Baile Átha Cliath í Eilis agus Ánra den ACCA agus Stiúrthóir Cairte.

Rialachas ar lean

Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird

Rialachas

Ionchorpraíodh CBSÉ de bhun an *Achta um Chorporáid Baincúireachta Straitéiseach na hÉireann, 2014* ('Acht CBSÉ') i mí Mheán Fómhair 2014 agus i mí Iúil 2016 rinneadh Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe di faoi Acht na gCuideachtaí, 2014. Tá feidhmeanna CBSÉ leagtha amach in Alt 8 den Acht CBSÉ 2014. Tá an Bord freagrach don Aire Airgeadais. Tá an Bord freagrach as Dea-Rialachas a chinntiú agus déanann sé an tasc seo trí cuspóirí straitéiseacha a leagan amach agus trí chinntí straitéiseacha a dhéanamh maidir le gach príomhcheist gnó. Tá an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin (POF) agus an fhoireann bhainistíochta shinsearach freagrach as bainistiú, as rialú agus as stiúradh CBSÉ ar bhonn laethúil. Ní mór don POF agus don fhoireann bhainistíochta shinsearach cloí le hollstiúradh straitéiseach mar ata leagtha síos ag an mBord, agus ní mór dóibh a chinntiú go bhfuil tuiscint shoiléir ar na príomhghníomhaíochtaí agus na príomhchinntí a bhaineann leis an eintiteas, agus ar aon riosca suntasach a d'fhéadfadh teacht chun cinn ag gach comhalta den bhord. Feidhmíonn an POF mar idirghabhálaí díreach idir bord agus bainistíocht CBSÉ.

Freagrachtaí an Bhoird

Forordaítear feidhmeanna CBSÉ in Alt 8 d'Acht CBSÉ. Tá sceideal foirmiúil ábhar ann a choimeádtar le haghaidh chinneadh an Bhoird. Áirítear leis an sceideal sin:

- Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais
- Beartas agus Creat um Bainistíocht Riosca
- Ráiteas ar Fhonn Riosca
- Plean Straitéiseach
- Buiséad
- Áiseanna Maoinithe
- Moltaí maidir le Creidmheas agus Comhroinnt riosca
- Ceapachán agus téarmaí agus coinníollacha an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin (tar éis dul i gcomhairle leis an Aire)
- Beartas foriomlán maidir le luach saothair

Éilítear ar CBSÉ de réir an Achta CBSÉ 2014 ráitis airgeadais a ullmhú le haghaidh gach bliana airgeadais. Ullmhaítear na ráitis airgeadais de réir FRS 102, an Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme saRíocht Aontaithe agus in Éirinn ("creat tuairiscithe airgeadais iomchu") agus de réir Acht na gCuideachtaí, 2014.

Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, éilítear ar na Stiúrthóirí:

- Beartais chúí chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach,
- Breithiúnais agus meastacháin atá réasúnta agus críonna a dhéanamh,
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh, ach amháin má tá sé míchuí sin a dhéanamh,
- Aon imeacht ábhartha ó na caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme a nochtadh agus a mhíniú.

Tá an Bord freagrach as a chinntiú go gcoinníonn an CBSÉ nó go mbíonn sí ina cúis le coinneáil taifid chuntasaíochta chúí ina mínítear agus ina dtaifeadtar i gceart idirbhearta CBSÉ, a chumasaíonn ag am ar bith sócmhainní, dlíteanais, staid airgeadais agus brabús agus cailleanas CBSÉ a chinneadh le beachtas réasúnta, cur ar a gcumas a chinntiú go cloíonn na ráitis airgeadais agus tuairisc na Stiúrthóirí le hAcht na gCuideachtaí, 2014 agus go gcuireann sé ar a gcumas na ráitis airgeadais a iniúchadh.

Tá an Bord freagrach as buiséad ioncain agus caiteachais CBSÉ agus straitéis chorparáideach a fhaomhadh. Déanann an Bord athbhreithniú ar thuairthartha in aghaidh buiséid agus spriocanna i gcaitheamh na bliana agus déantar athbhreithniú ar thairgeacht ag deireadh na bliana.

Tá an Bord freagrach freisin as a shócmhainní a chosaint agus, dá réir sin, as bearta réasúnta a dhéanamh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a aimsiú.

Is í tuairim an Bhoird go dtugann ráitis airgeadais CBSÉ léargas fíor agus cothrom ar fheidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais CBSÉ amhail an 31 Nollaig 2017.

Struchtúr an Bhoird

Foráiltear i mBunreacht CBSÉ go mbeidh beirt Stiúrthóirí ar a laghad agus naonúr Stiúrthóirí ar a mhéad, agus an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin ar dhuine acu sin, mar chomhaltaí de bhrí oifige den Bhord. Cheap an tAire na chéad Stiúrthóirí nuair a ceapadh agus nuair a cláraíodh CBSÉ. Féadfaidh an Bord Stiúrthóirí ina dhiaidh sin a cheapadh ar ainmniúchán an Aire agus cuirfidh sé téarmaí ainmniúchán an Aire i bhfeidhm. Is é an tAire a cheapann an Cathaoirleach. Ní rachaidh téarma oifige stiúrtóra thar cúig bliana. Tá mionsonraí na stiúrthóirí reatha agus a gcuid tréimhsí ceapacháin leagtha amach ar leathanaigh 20 go 21.

Thosaigh an Bord ar an dara athbhreithniú bliantúil ar a éifeachtacht in 2017 agus tugadh chun críche i mí an Mhárta 2018. Tá an t-athbhreithniú seo i bhfoirm meastóireachta struchtúrtha, féinmheasúnaithe ag an mBord.

Sceideal Tinreamh, Táillí agus Speansais

Tá sceideal tinrimh ag cruinnithe an Bhoird agus an Choiste do 2017 leagtha amach thíos lena n-áirítear na táillí agus na speansais a fuair gach ball ina gcóil mar chomhalta Boird nó Coiste:

	Boird	Coiste Iníúchta agus Riosca	Coiste Creidmheasa	Coiste Luacha Saothair	Táillí 2017 €	Speansais 2017 €
Líon na gCruinnithe	6	5	3	2		
Comhaltaí Boird						
Conor O'Kelly	5			2		
Nick Ashmore	6		3/3(p)			
Barbara Cotter	6	5			15,750	
Carmel Foley	2/2(p)					
Tom McAleese	5	5			15,750	
Rosheen McGuckian	6		3/3(p)	2	15,750	
Ann Nolan	2/2(p)			2		
AJ Noonan	5				15,750	
Richard Pelly	6		3/3(p)		15,750	1,925
Eilís Quinlan	6	5			15,750	
Baill Foirne						
John Coleman			1/1 (p)			
Ray Mangan			3/3(p)			

(Tagraíonn (p) don líon cruinnithe a raibh sé indéanta freastal orthu i gcoibhneas le dátaí na gceapachán)

Ní fhaigheann an Cathaoirleach, Conor O'Kelly (Príomhfeidhmeannach NTMA), an Príomhfeidhmeannach, Nick Ashmore, ná oifigh na Roinne Airgeadais (Ann Nolan agus Carmel Foley) aon luach saothair maidir lena mballraíocht den Bhord. Ní bhfaigheann baill foirne aon luach saothair breise i leith ballraíocht na gcoistí.

Bhunaigh an Bord trí choiste chun cuidiú leis a chuid freagrachtaí a chur i gcrích, agus tá téarmaí tagartha foirmiúla ag gabháil le gach ceann acu:

- An Coiste Iníúchta agus Riosca
- An Coiste Creidmheasa
- An Coiste Luach Saothair

Le haghaidh tuilleadh eolais faoi choistí an Bhoird, féach Tuarascálacha Coistí, leathanaigh 26 go 28.

Tugann Rúnaí an Bhoird tacaíocht don Bhord maidir lena chuid feidhmeanna agus chomhordaíonn sé/sí oibríochtaí na gcoistí éagsúla Boird.

Rialachas ar lean

Athruithe Príomh-Phearsanra

Ceapadh Carmel Foley donn Bhord an 4 Deireadh Fómhair 2017 chun an folúntas a d'eascair eascraíonn as éirí as Ann Nolan a líonadh le héifeacht ón 24 Iúil 2017.

Luach Saothair

Forálann Acht CBSÉ 2014 go ndéanfaidh an GBCN an oiread sin dá fhoireann a shannadh do CBSÉ de réir mar a chinneann an CBSÉ go bhfuil sé riachtanach chun a fheidhmeanna a chomhlíonadh. Dá bhrí sin, tá gach ball foirne CBSÉ fostaithe ag GBCN.

Tá múnla luacha saothair an GBCN bunaithe ar chonarthaí fostaíochta rúnda, iad idirbheartaithe ar leithligh, a bhfuil luach saothair iomaíoch, ailínithe leis a margadh i gceist leo. Cuimsíonn an pacáiste luacha saothair tipiciúil tuarastal bonn seasta, teidlíocht pinsin agus soláthar do phá roghnúil bunaithe ar fheidhmíocht.

Tá sé mar aidhm ag íocaíochtaí roghnacha bunaithe ar fheidhmíocht feidhmíocht eisceachtúil a chúiteamh ag féachaint do fheidhmíocht an fhostaí féin, ar fheidhmíocht réimse freagrachta an fhostaí, agus ar fheidhmíocht fhoriomlán CBSÉ. Déantar íocaíochtaí a bhaineann le feidhmíocht de réir na bparaiméadar faofa ag an mBord ar mholadh an Choiste Luacha Saothair. Tá méid iomlán na n-íocaíochtaí a bhaineann le feidhmíocht a dhéantar maidir le haon bhliain faoi réir fhaomhadh an Bhoird freisin.

Níor rinneadh aon íocaíochtaí bunaithe ar fheidhmíocht le linn 2017 i leith 2016. Rinne an CBSÉ íocaíochtaí €53k go comhiomlán bunaithe ar fheidhmíocht in 2018 i leith 2017.

Miondealú ar Shochair Ghearrthéarmacha Fostaithe

Déantar sochair gearrthéarmacha fostaithe de bhreis ar €50,000 in 2017 a rangú de réir na mbannaí seo a leanas:

Raon	Líon na bhFostaithe
€50,001 to €75,000	2
€75,001 to €100,000	6
€100,001 to €125,000	1
€125,001 to €150,000	1
€150,001 to €175,000	3
€175,001 to €200,000	0
€200,001 to €225,000	0
€225,001 to €250,000	0
€250,001 to €275,000	1
lomlán	14

Nóta: Chun críocha an nocht seo, áirítear le sochair gearrthéarmacha fostaithe tuarastail, sochair inchánach eile íochta le fostaithe agus íocaíochtaí eile a dhéantar thar ceann na bhfostaithe, ach gan ÁSPC an fhostóra a bheith san áireamh.

Nochtuithe a Éilítear le Cód Cleachtas um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016)

Tá an Bord freagrach as a chinntiú gcloíonn CBSÉ le riachtanais an Chóid Chleachtas um Rialachas Comhlachtaí Stáit ("an Cód"), mar a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí Lúnasa 2016. Is iad na nochtuithe seo a leanas a éilítear leis an gCód:

Costais Chomhairliúcháin

Áirítear ar chostais chomhairleoireachta an costas a bhaineann le comhairle seachtrach don bhainistíocht agus ní airítear feidhmeanna gnó coiteann seachfoinsithe.

	2017 €'000
Comhairle dlí	211
Comhairle airgeadais	102
Caidreamh poiblí/margaíocht	64
Eile	2
Costais iomlána comhairliúcháin	379
Costais comhairliúcháin caipitlithe	0
Costais comhairliúcháin gearrtha ar an Ráiteas ar Ioncam Chuimsitheach	379
Costais iomlána comhairliúcháin	379

Costais agus Socraíochtaí Dlíthiúla

Ní thabhaíodh aon chaiteachas in 2017 maidir le costais dlí agus socraíochta.

Caiteachas Taistil agus Cothabhála

Déantar caiteachas taistil agus cothaithe a rangú mar seo a leanas:

	2017 €'000
Intíre	
– Bord	1
– Fostaithe	10
Idirnáisiúnta	
– Bord	1
– Fostaithe	13
Iomlán	25

Caiteachas Fáilteachais

Cuimsíonn an Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach €3.1k maidir le caiteachas fáilteachais foirne i 2017.

Ráiteas maidir le Comhlíonadh

Chloí CBSÉ leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit, mar a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ach le líon teoranta oiriúnaithe/athruithe a aontaíodh leis an Roinn Airgeadais mar a achoimrítear thíos:

Ábhair a Choimeádtar le haghaidh Chinneadh an Bhoird

Leagtar amach sa Chód sceideal foirmiúil ar chúrsaí atá forchoimeáda go sonrach le haghaidh chinneadh an Bhoird. Seachas "leasuithe suntasacha ar shochair pinsin an Phríomhfheidhmeannaigh agus na foirne" ar ábhar do Bhord CBCN é mar go bhfuil gach ball foirne CBSÉ fostaithe ag an GBCN agus is comhaltaí iad de scéim aoisliúntais an GBCN, cuimsíonn Sceideal na nÁbhar Coimeáda na nithe leagtha amach sa Chód. Tá roinnt difríochtaí san fhoclaíocht maidir leis na míreanna a bhaineann le héadálacha suntasacha, le diúscairt sócmhainní le hinfheistíochtaí móra agus tionscadail chaipitiúla chun nádúr ghnó CBSÉ a léiriú (áiseanna maoinithe a fháil agus a dheonú).

Straitéis

Tá Plean Straitéiseach 2017-2018 i bhfeidhm ag CBSÉ. Tá sé i gceist go gcuirfear forálacha an Chóid mar a bhaineann siad le comhlachtaí tráchtála Stáit tráchtála san áireamh sa phlean straitéiseach ó 2019.

Neamh-chomhlíonadh Oibleagáidí Reachtúla

I bhfianaise an raon leathan dualgas reachtúla ábhartha a bhfuil CBSÉ faoina réir, tá sé beartaithe déileáil an gceanglas go gcuirfidh an Cathaoirleach cásanna neamh-chomhlíonta aon oibleagáidí reachtúla faoi bhráid an Aire i gcásanna ábhartha neamhchomhlíonta amháin.

Caidreamh leis an Roinn Oireachtais, an Aire agus an Mháthair-Roinn

Ní bhaineann na forálacha sin de Alt 8 den Chód a bhaineann le sócmhainní a fháil nó a dhiúscairt, le measúnú infheistíochta caipitil, le bunú fochuideachtaí ná le fochuideachtaí a éadáil, le rannpháirtíocht i gcomhfhiontair agus le héadáil scaireanna le gníomhaíochtaí gnó an CBSÉ mar atá leagtha amach in Acht CBSÉ 2014 agus i mBunreacht CBSÉ. Tá gníomhaíochtaí sonracha a bhfuil gá le toiliú ón Aire a fháil ina leith leagtha amach i mBunreacht CBSÉ.

Rialachas ar lean

Cód Caiteachais Phoiblí

Is dócha go mbeidh an Cód Caiteachais Phoiblí teoranta ina chur i bhfeidhm i gcás CBSÉ mar gurb iad a phríomhghníomhaíochtaí ná maoiniú a fhoinsiú, agus maoiniú fadtéarmach ar chostas íseal a sholáthar d'institiúidí iasachtaithe ar aghaidh lena dháileadh trí sholáthar creidmheasa lasachtaithe GBM agus leathnú áiseanna comhroinnte riosca. Más rud é, go dtugann CBSÉ faoi tionscadail chaipitil nó faoi cláir nua caiteachais reatha, agus nuair a thugann sé fúthu, comhlíonfaidh sé na forálacha ábhartha den Chód Caiteachais Phoiblí.

Luach Saothair agus Aoisliúntas

Forálann Acht CBSÉ 2014 go ndéanfaidh an GBCN an oiread sin dá fhoireann a shannadh do CBSÉ de réir mar a chinneann an CBSÉ go bhfuil sé riachtanach chun a fheidhmeanna a chomhlíonadh. Dá bhrí sin, tá gach ball foirne CBSÉ fostaithe ag GBCN.

Bíonn cúrsaí luach saothair i leith fostaithe GBCN atá sannta don CBSÉ faomhadh ag Príomhfheidhmeannach NTMA, a dhéanann ionadaíocht ar an GBCN mar fhostóir, de réir critéir agus socrúithe maoirseachta a aontaítear ó am go ham le CBSÉ. Maidir leis na critéir seo agus socrúithe maoirseachta, tá Coiste Luach Saothair bunaithe ag Bord CBSÉ agus tá beartas luach saothair foirmiúil curtha i bhfeidhm aige. Agus forálacha an Chóid maidir le luach saothair á gcomhlíonadh aige, ghlac CBSÉ leis na forálacha a bhaineann le comhlachtaí tráchtála Stáit, iad curtha in oiriúint i bhfianaise a struchtúir áirithe rialachais agus tuairiscithe agus a samhail luacha saothair.

Seirbhís Ardchaighdeán do Chustaiméirí

Soláthraíonn an Cód gur chóir go mbeadh cairt chustaiméara ag comhlachtaí Stáit lena leagtar amach an leibhéal seirbhíse a bhféadfaidh custaiméir a bheith ag súil leis. Cuirfear cairt oiriúnach chustaiméara i bhfeidhm in 2018.

Tuairiscí na gCoistí

Tuarascáil an Choiste Iniúchta agus Riosca

Cuidíonn an Coiste Iniúchta agus Riosca leis an mBord chun maoirseacht a dhéanamh ar na nithe seo a leanas :

- caighdeán agus sláine na ráiteas airgeadais; athbhreithniú agus monatóireacht ar éifeachtacht na gcóras rialaithe inmheánaigh; an próiseas iniúchta inmheánaigh agus an fheidhm chomhlíonta; agus athbhreithniú ar na haschuir ón iniúchóir reachtúil, an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste;
- creat bainistíochta riosca CBSÉ, lena n-áirítear an fonn riosca a shocrú; monatóireacht ar mar atáthar ag cloí le rialachas rioscaí agus a chinntiú go sainaithnítear, go measúnaítear, go mbainistítear agus go dtuairiscítear rioscaí go cuí.

Tá triúr comhaltaí neamhfheidhmiúcháin ceaptha ag an mBord ar an gCoiste:

- Tom McAleese, Cathaoirleach
- Barbara Cotter
- Eilis Quinlan

Ní dhearnadh aon athrú ar bhallraíocht an Choiste i rith 2017.

Tháinig an Coiste le chéile cúig huaire in in 2017. D'eagraigh sé roinnt seisiún eolais ar cheisteanna gnó a bhí ábharach don choise freisin.

Tuairiscíú Airgeadais

Rinne an Coiste athbhreithniú ar na ráitis airgeadais sular mhol siad don Bhord iad. Díródh san athbhreithniú ar na modhanna cuntasaíochta, ar Acht na gCuideachtaí 2014 agus ar shoiléire agus ar iomláine na nochtuithe, agus forálacha ábharacha an Chóid Chleachtais do Rialú Comhlachtaí Stáit arna leasú, agus ráitis ar bhainistíocht riosca ata le cur le Tuarascáil Bhliantúil CBSÉ. Mar chuid dá athbhreithniú ar na ráitis airgeadais, bhuaile an Coiste le hionadaithe ó Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste chun a Thuairisc ar Thorthaí an Iniúchta a phlé.

Rialú Inmheánach

D'athbhreithnigh an Coiste leorgacht agus éifeachtacht na goóras rialaithe inmheánaigh agus bhí sé den tuairim go raibh sé sásta le héifeachtúlacht an chórais. Rinne sé athbhreithniú freisin ar an ráiteas maidir le rialú inmheánach a bhí le cur san áireamh sna ráitis airgeadais 2017 agus mhol sé don bhord é. Bhí tuairisc ón mbainistíocht maidir leis na dearbhuithe atá sna Ráitis mar bhonn eolais don athbhreithniú mar aon le clár mionsonraithe oibre an Choiste, lena n-áirítear tuairiscí rialta iniúchta inmheánaigh agus tuairiscí riosca. Tuairiscíodh torthaí an Choiste chuig an mBord.

Iniúchadh Inmheánach

Fuair an Coiste tuairiscí rialta ón iniúcháir inmheánach. D'athbhreithnigh sé na príomhthátail ó thoradh athbhreithnithe iniúchta inmheánaigh aonair a cuireadh i gcrích faoi phlean iniúchta inmheánaigh rioscabhunaithe 2017 agus rinne sé monatóireacht ar chur i bhfeidhm mholtaí an iniúchta. D'fhaomh sé an plean iniúchta inmheánaigh. Rinne an Coiste athbhreithniú ar éifeachtúileacht in iniúchóra inmheánaigh. Bhuail an Coiste le chéile go príobháideach le Ceann Iniúchta Inmheánaigh GBCN gan an bhainistíocht a bheith i láthair.

Iniúchadh Reachtúil

Is e an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste iniúcháir seachtrach CBSÉ. Rinne an coiste tuairisc thorthaí an iniúchta sheachtraigh ar ráitis airgeadais a athbhreithniú. Roimhe seo d'athbhreithnigh an Choiste an plean iniúchta sheachtraigh roimh an iniúchadh. Rinne sé monatóireacht freisin ar fhreagraí na bainistíochta ar thorthaí an iniúchóra sheachtraigh a d'eascair ó iniúchadh ar ráitis airgeadais 2016. Bhuail an Choiste leis an Iniúcháir seachtrach gan an bhainistíocht a bheith i láthair.

Riosca

Mhol an Coiste nuashonruithe maidir leis an Ráiteas ar an bhFonn Riosca don Bhord, agus d'fhaomh sé nuashonruithe ar roinnt bheartas riosca ar leith mar a fhoráiltear faoin mBeartas agus Creat Bainistíochta Riosca. D'fhaomh sé an Plean Bainistíochta Riosca do 2018 freisin agus rinne sé monatóireacht ar an dul chun cinn i gcomparáid le plean 2017. Fuair sé tuarascálacha rialta ón gCeann Riosca ar Rioscaí CBSÉ agus ar na rialuithe atá i bhfeidhm chun Rioscaí a mhaolú agus rinne siad athbhreithniú ar an gclár

riosca. Rinne sé monatóireacht ar dhul chun cinn na Feidhme Riosca maidir le forbairt bhainistíochta Riosca, lena n-áirítear tuairiscí ar rioscaí atá ag teacht chun cinn. Rinne an Coiste athbhreithniú ar éifeachtacht na Feidhme Riosca. Bhuail an Coiste go príobháideach leis an gCeann Riosca gan bainistíocht a bheith i láthair.

Comhlíonadh agus Nochtuithe Cosanta

D'athbhreithnigh an Coiste agus mhol sé don Bhord go ndéanfaí roinnt beartas a bhain le comhlíonadh a thabhairt chun dáta lena n-áirítear an Tuairiscí ar "Éagóir Ábhartha" agus an Beartas maidir le Nochtadh Cosanta. Fuair sé an Tuarascáil Bhliantúil ar Chomhlíonadh agus d'athbhreithnigh sé na seirbhísí a chuir Comhlíonadh GBCN i gcrích. Bhuail an Coiste le chéile go príobháideach le Ceann Iniúchta Inmheánaigh GBCN gan an bhainistíocht a bheith i láthair.

Athbhreithnithe ar Iasachtóirí Ar-Aghaidh

Rinne an coiste athbhreithniú ar an gcur chuige molta maidir le hathbhreithnithe agus sceideal iasachtóirí ar aghaidh go deireadh 2019.

Eile

Anuas air sin, fuair an coiste nuashonruithe maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin Ghinearálta um Chosaint Sonraí (a thiocfaidh chun feidhme i mí na Bealtaine 2018) agus ar bheartais agus ar nósanna imeachta soláthair.

Rinne an coiste a théarmaí tagartha féin a athbhreithniú agus thug sé faoi athbhreithniú ar a fheidhmíocht féin. Faomhadh tosaíochtaí a Choiste maidir le 2018 mar chuid dá Chláir Oibre 2018.

Tuairisc an Choiste Chreidmheasa

Bhunaigh an Bord Coiste Creidmheasa i mí Feabhra 2017 chun cuidiú leis an mBord athbhreithniú a dhéanamh ar chinntí creidmheasa agus iad a fhaomhadh, agus chun maoirseacht agus monatóireacht a dhéanamh ar riosca creidmheasa.

Tá beirt Chomhaltaí Boird Neamhfheidhmeannach ar an gCoiste maraon le beirt ar baill foirne sinsearach CBSÉ nó GBCN iad. Is ball den choiste é an Príomhoifigeach Feidhmíocháin freisin.

Rialachas ar lean

Is iad a leanas baill an choiste:

- Richard Pelly, Cathaoirleach, (Ball boird)
- Rosheen McGuckian (Ball boird)
- Nick Ashmore (POF agus Ball boird)
- John Coleman (Ball foirne GBCN)
- Ray Mangan (Ball foirne CBSÉ)

Ceapadh John Coleman don choiste le héifeacht ón 26 Meitheamh 2017.

Bhuail an Choiste Creidmheasa le chéile trí huair in 2017. Ba é a phríomhghníomhaíocht moltaí creidmheasa mionsonraithe ón mBainistíocht a athbhreithniú. Rinne sé na hathbhreithnithe creidmheasa bliantúla ar iasachtóirí ar aghaidh déanta ag an mbainistíocht a athbhreithniú freisin.

Tuairisc an Choiste Luacha Saothair

Cabhraíonn an Coiste Luacha Saothair leis an mBord ar cheisteanna a bhaineann le luach saothair maidir le fostaithe GBCN atá sannaithe don CBSÉ de réir na gcritéar agus na socrúithe maoirseachta atá aontaithe le GBCN. Tá an Bord freagrach as Oll-Beartas Luacha Saothair iomlán CBSÉ agus faigheann sé treoir maidir lena fhreagrachtaí trí chomhairle agus trí mholtaí an Choiste Luacha Saothair.

Tá triúr ball neamhfheidhmeannach ceaptha ag an mbord ar an gcoiste. Is iad a bhaill reatha:

- Rosheen McGuckian, Cathaoirleach
- Conor O'Kelly

Bhí Ann Nolan ina ball den choiste go dtí gur éirigh sí as le héifeacht an 24 Iúil 2017. Tá folúntas amháin ar an gcoiste faoi láthair.

Bhuail an Coiste le chéile dhá uair sa bhliain 2017. Rinne sé athbhreithniú ar a dréacht-Téarmaí Tagartha agus dréacht-Bheartas Luacha Saothair CBSÉ, agus mhol sé don Bhord iad araon. Rinne sé athbhreithniú freisin ar na socrúithe maoirseachta a bhaineann le cúrsaí luacha saothair d'fhoireann CBSÉ a aontaíonn an CBSÉ agus Príomhfheidhmeannach GBCN ó am go ham.

Bainistíocht Riosca

Tá sé mar aidhm ag CBSÉ rioscaí a bhainistiú ar bhealach eolasach agus réamhghníomhach, de réir a bheartas agus a chreat um Bhainistíocht Riosca agus a ráiteas maidir lena fhonn riosca, ar bhealach a fhágann go bhfuil an leibhéal riosca ag teacht leis an mbunghníomhaíocht ghnó agus go dtuigeann CBSÉ agus go bhfuil sí in ann tionchar riosca a bhainistiú nó a iompar má thagann sé chun críche. Comhlíonann CBSÉ na forálacha bainistíochta riosca sa Chód Cleachtais maidir le Rialachas na gComhlachtaí Stáit 2016.

In 2017, d'athbhreithnigh Coiste Iniúchta agus Riosca an Bhoird an Clár Riosca ar bhonn rialta, agus faigheann an Bord nuashonrú bainistíochta riosca maidir le rioscaí arda agus rioscaí atá ag teacht chun cinn mar chuid de gach Tuarascáil ón bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin.

Róil agus Freagrachtaí

An Bord

Tá an Bord freagrach as an bhfonn riosca a leagan síos agus as maoirseacht a dhéanamh ar ghníomhaíocht bainistíochta riosca agus í a threorú ar fud CBSÉ. Shainordaigh an Bord go gcomhtháthófaí agus go leabófaí bainistíocht riosca i dtionchar agus i gcultúr CBSÉ, agus tá glactha leis seo ar fud CBSÉ, agus agus ball aonair d'fhoireann CBSÉ freagrach as an gclár riosca a athbhreithniú go rialta agus as dearbhú go bhfuil na rialuithe atá luaite curtha i bhfeidhm.

An Coiste iniúchta agus Riosca

Tá an Coiste Iniúchta agus Riosca freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar fhorfheidhmiú Bheartas agus Chreat Bainistíochta Riosca CBSÉ. Déanann an Coiste Iniúchta agus as a chinntiú go soláthraíonn samhail rialachais bainistíochta riosca CBSÉ leibhéal neamhspleáchais agus dúshláin atá iomchuí. Tuairiscíonn an Coiste Iniúchta agus Riosca don Bhord.

Trí Líne Chosanta

An Chéad Líne Chosanta

Tá Beartas agus Creat Bainistíochta Riosca CBSÉ bunaithe ar an tsamhail de thrí líne chosanta. Taobh istigh den tsamhail sin, tabhaíonn foireann agus lucht bainistíochta CBSÉ (an chéad líne) na rioscaí agus is leo féin iad.

An Dara Líne Chosanta

Soláthraíonn feidhm riosca CBSÉ agus feidhmeanna rialaithe eile (an dara líne chosanta) maoirseacht neamhspleách agus dúshlán cuspóra don chéad líne chosanta. Soláthraíonn siad monatóireacht agus tuairisciú freisin ar riosca agus é a thuairisciú.

An Tríú Líne Chosanta

Soláthraíonn an fheidhm Iniúchta Inmheánaigh (an tríú líne) deimhniú neamhspleách, réasúnach, riosca-bhunaithe do phríomhpháirtithe leasmhara maidir le stóinseacht chóras bainistíochta riosca CBSÉ, maidir le rialachas agus dearadh agus éifeachtacht oibríochtúil thimpeallacht an rialaithe inmheánaigh.

Iniúchadh

De réir ceanglais reachtúla, déanann an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste iniúchadh ar CBSÉ. Tá feidhm iniúchta inmheánaigh CBSÉ á bainistiú ag feidhm Iniúchta Inmheánaigh GBCN agus cuimsítear ann gnólacht seachtrach, KPMG faoi láthair, atá ceaptha chun obair iniúchta inmheánaigh a dhéanamh agus é ag tuairisciú do Cheannasaí an Iniúchta Inmheánaigh GBCN.

Príomhrioscaí

Tá CBSÉ neamhchosanta ar réimse leathan rioscaí a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar a fheidhmíocht airgeadais agus oibriúcháin. Bunaítear na próisis chun riosca a shainiú, a mheas, a luacháil, a thomhas, a thuairisciú agus a mhaolú sa Bheartas agus sa Chreat Bainistíochta Riosca. Bunaítear na próisis chun riosca a shainiú, a mheas, a luacháil, a thomhas, a thuairisciú agus a mhaolú sa Bheartas agus sa Chreat Bainistíochta Riosca. Shainiú CBSÉ na príomhrioscaí agus neamhchinnteachtaí seo a leanas a d'fhéadfadh drochthionchar a imirt ar bhaint amach a cuspóirí. Anuas air sin coinníonn CBSÉ clár cuimsitheach riosca lena shainiú gach riosca atá ann don CBSÉ, lena n-áirítear riosca macra-airgeadais, riosca polaitiúil, riosca leachtachta, riosca ráta úis agus riosca do cháil i measc rioscaí eile.

Riosca	Cur síos ar an Riosca	Beart Maolaithe Riosca
Riosca Straitéiseach	Bíonn CBSÉ ag brath ar éileamh ó iasachtóirí ar aghaidh agus ar GBManna d'fhonn a príomhchuspóir straitéiseach a bhaint amach, is é sin creidmheas breise a chur ar fáil do GBManna in Éirinn d'fhonn aghaidh a thabhairt ar theip an mhargaidh maidir le creidmheas a chur ar fáil do gnólachtaí beaga. Má theipeann uirthi a táirgí a struchtúrú go cuí agus straitéis iomchuí a úsáid chun iad sin a sheachadadh, tá an baol ann nach mbeidh iasachtóirí ar aghaidh rannpháirteach mar a ceapadh dóibh agus ní bhainfidh GBManna leas as na táirgí tairgthe.	Déantar an Riosca seo a mhaolú trí rannpháirtíocht ghníomhach le grúpaí páirtithe leasmhara, éagsúlacht táirgí CBSÉ lena chinntiú go bhfreastalaítear ar riachtanais iasachtóirí ar aghaidh agus GBManna agus feachtais mhargaíochta réamhghníomhacha chun feasacht a ardú ar CBSÉ agus a chuid táirgí.

Rialachas ar lean

Riosca	Cur síos ar an Riosca	Beart Maolaithe Riosca
Riosca Creidmheasa	Tá CBSÉ neamhchosanta ar an riosca go mainneoidh contrapháirtí iasachtaithe ar a oibleagáidí agus go dteipfidh air a fhiachas a aisíoc ina iomláine, rud a chruthaíonn caillteanaís do CBSÉ. Tá an CBSÉ neamhchosanta ar riosca creidmheasa maidir lena iasachtaí do iasachtóirí ar aghaidh, agus maidir le hiasachtaí ráthaithe do GBManna tairbhíocha deiridh.	I measc na mbearta maolaithe atá i bhfeidhm maidir leis an riosca seo tá dícheall cuí críochnúil roimh aon chinneadh iasachtaithe, monatóireacht leanúnach agus athbhreithniú ar áiseanna iasachtaithe ar aghaidh, chomh maith le hathbhreithniú rialta ar chomhlíonadh na gcúnant agus na ngnóthas faoi seach. I measc na mbearta eile tá monatóireacht ar bhunachar sonraí táscaire riosca CBSÉ, tástáil agus tuairisciú rialta an Bhoird maidir leis na príomhtháscairí uile atá sonraithe sa Ráiteas ar Fhonn Riosca agus measúnú ar riosca creidmheasa ag an gCoiste Creidmheasa agus ag an mBord.
Riosca Oibriúcháin	Tá CBSÉ neamhchosanta ar raon leathan rioscaí oibriúcháin a eascraíonn ó na daoine, ó na córais agus ó na próisis a bhíonn i gceist chun a cuspóir a bhaint amach. I measc na bpríomhrioscaí oibriúcháin tá teipeanna i gcórais, earráidí próisis, a bheith ag brath rómhór ar dhaoine aonair tábhachtacha, teip nósanna imeachta a leanúint, earráidí a thuairisciú agus dá mbarr sin go léir d'fhéadfadh sé go dteipfeadh sa deireadh thiar ar CBSÉ a cuid cuspóirí a chomhlíonadh agus go ndéanfaí damáiste mór dá clú.	Déantar an Riosca seo a mhaolú trí thacaíocht oibríochtúil agus trí sheirbhísí a sholáthraíonn an GBCN, mar a fhoráiltear faoin Acht CBSÉ, agus trí chloí leis na beartais agus leis na nósanna imeachta ábhartha. Tá córais agus próisis nua faoi réir athbhreithniú cuimsitheach agus fhaomhadh an údaráis chuí agus úsáidtear modheolaíocht láidir bainistíochta tionscadail chun tionscadail nua a bhainistiú.
Riosca Acmhainithe	Is eagraíocht bheag í CBSÉ a bhíonn ag brath ar lucht gairme speisialtacha oilte chun a cuspóirí reachtúla a chomhlíonadh. Tá an baol ann nach mbeidh an taithí agus an saineolas iomchuí ag CBSÉ, rud a chiallódh go dteipfeadh uirthi a cuid cuspóirí a bhaint amach.	Cuimsíonn bearta maolaithe riosca atá i bhfeidhm don riosca seo faomhadh plean bliantúil ag Bord CBSÉ, agus sannadh foirne cáilithe cuí ón GBCN. Fostaíonn CBSÉ fostaithe sealadacha ar conradh, nó soláthraithe seirbhíse seachfhoinsithe freisin, de réir mar is gá. Tá oiliúint agus forbairt foirne ionsuite i gclár leanúnach CBSÉ um fheidhmíocht bhainistíochta.
Riosca Comhlíonta	Tá gníomhaíochtaí CBSÉ faoi réir rialacháin um Chúnamh Stáit an AE agus tá Riosca ann nach gcomhlíonfaidh CBSÉ na rialacháin sin, agus damáiste clú nó airgeadais do CBSÉ mar thoradh air. Tá an dóchúlacht go dtarládh an Riosca seo íseal, d'fhéadfadh an tionchar a bheith tromchúiseach áfach, dá dtarlódh sé.	Déantar an Riosca seo a mhaolú trí chomhairle dlíthiúil agus comhlíontachta inmheánach agus seachtrach a fháil, trí táirgí a dhearadh le cinntiú gloítear le dlíthe agus le rialacháin ábhartha, agus trí chloí le beartais agus le nósanna imeachta ábhartha.

Tuairisc ar Éifeachtúlacht Fuinnimh

Is fostaithe de chuid GBCN iad foireann CBSÉ agus sanntar do CBSÉ iad. Feidhmíonn CBSÉ as Foirgneamh an Státhiste, Sráid na Canála Móire, Baile Átha Cliath 2. Déantar miondealú i dTuarascáil Éifeachtúlacht Fuinnimh GBCN ar úsáid fuinnimh sna háitribh sin agus foilsítear é i dTuarascáil Bhliantúil GBCN.

RÁITIS AIRGEADAIS

An Chuideachta agus Faisnéis Eile	33
Tuarascáil na Stiúrthóirí	34
Ráiteas ar Rialú Inmheánach	37
Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste	40
Ráiteas Ioncam Cuimsitheach	44
Ráiteas ar an Staid Airgeadais	45
Ráiteas ar Athruithe ar Chothromas	46
Ráiteas ar Shreafaí Airgid	47
Nótaí leis na Ráitis Airgeadais	48

An chuideachta agus faisnéis eile

Stiúrthóirí

Conor O'Kelly (*An Cathaoirleach*)

Nicholas Ashmore (*An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin*)

Barbara Cotter

Carmel Foley (*ceaptha 4 Deireadh Fómhair 2017*)

Tom McAleese

Rosheen McGuckian

Ann Nolan (*d'éirigh as 24 Iúil 2017*)

AJ Noonan

Richard Pelly

Eilis Quinlan

Rúnaí na Cuideachta

Damien Mulholland

Oifig Chláraithe

Foirgneamh an Stáitchiste

Sráid na Canálach Móire

Baile Átha Cliath 2

D02 XN96

Baincéirí

Citibank

1 Cé an Phoirt Thuaidh

Baile Átha Cliath 1

D01 T8Y1

Banc Ceannais na hÉireann

Sráid Wapping Nua

C'an Phoirt Thuaidh

Baile Átha Cliath 1

D01 F7X3

Iníúchóir

Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

3A Sráid an Mhéara Uachtarach

Baile Átha Cliath 1

D01 WP44

Tuarascáil na Stiúrthóirí

Is cuid de Thuarascáil na Stiúrthóirí í Tuarascáil Bhliantúil 2017.

Cuireann Stiúrthóirí Chorporáid Baincúireachta Straitéiseach na hÉireann ("an Chuideachta" nó "CBSÉ") a dtuarascáil agus ráitis airgeadais iniúchta i láthair maidir leis an mbliain airgeadais don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2017 ("an bhliain airgeadais").

Ionchorpraíodh an Chuideachta de bhun an Achta um Chorporáid Baincúireachta Straitéiseach na hÉireann, 2014 ('Acht CBSÉ 2014') an 12 Meán Fómhair 2014 agus rinneadh cuideachta gníomhaíochta ainmnithe di faoi Acht na gCuideachtaí, 2014 an 28 Iúil 2016. Baineann an Chuideachta leas as foinsí maoinithe náisiúnta agus idirnáisiúnta ar mhaithe le maoiniú ar sholáthar creidmheas do fiontair Éireannacha a thacú. Déantar seo tríd tairgí leachtacht agus comhroinnt riosca a sholáthar d'iasachtóirí ar aghaidh tríú páirtí. Is gá dona hiasachtóirí ar aghaidh seo an ráta tairbhiúil a chur ar aghaidh chuig fiontair Éireannacha.

Príomhghníomhaíochtaí

Bhí príomhghníomhaíochtaí CBSÉ le linn na bliana airgeadais dírithe ar phríomhghnó a fhás agus ar tháirgí nua a fhorbairt. Lean CBSÉ ar aghaidh lena príomhghníomhaíocht - ag cur airgeadas fadtéarmach ar chostas íseal ar fáil d'institiúidí iasachtaíthe ar aghaidh chun creidmheas a sholáthar d'iasachtaithe i bhfiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) in Éirinn, Áiríodh leis na gníomhaíochtaí a bhain le táirgí nua scéim chomhroinnte riosca a chur ar fáil chun tacú le FBManna a fheidhmiú san earnáil talmhaíochta agus táirgí breise comhroinnte riosca a fhorbairt.

Athbhreithniú gnó agus forbairtí is dóigh a tharlóidh sa todhchaí

Tugtar tuairisc i Ráiteas an Chathaoirligh agus in Athbhreithniú an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin sa Tuarascáil Bhliantúil ar fhorbairt agus ar fheidhmíocht CBSÉ sa bhliain airgeadais, ar theagmhais mhóra a tharla le déanaí agus ar fhorbairtí is dóigh a tharlóidh sa todhchaí. Tá tuilleadh faisnéise maidir le straitéis agus samhail ghnó CBSÉ leagtha amach sa rannán ar Straitéis den Tuarascáil Bhliantúil agus tá athbhreithniú cuimsitheach ar oibríochtaí CBSÉ leagtha amach sa rannán Athbhreithniú Gnó den Tuarascáil Bhliantúil.

I rith na bliana airgeadais, dhírigh an CBSÉ ar fhorbairt a dhéanamh ar a trí cinn dá línte gnó, iasachtú, comhroinnt riosca agus soláthar seirbhísí. Le linn an bhliain airgeadais lean an CBSÉ ag fás tríd airleacán creidmheas breise chuig iasachtóirí ar aghaidh agus forbairt agus imscar tairgí nua comhroinnt riosca. Lean an Chuideachta ag oibriú an Scéim Ráthaíochta Creidmheasa thar ceann an Aire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta. Sa bhliain airgeadais, léiríonn siad seo a leanas na príomhthorthaí feidhmíochta:

- €145m de airleacán ón CBSÉ chuig a hiasachtóirí ar aghaidh ar son iasachtaí a thabhairt do gnóthais bheaga agus mheánmhéide;
- €245m de shaoráidí iasachtaíthe ar chostas íseal tiomnaithe ag iasachtóirí ar aghaidh chuig gnóthais bheaga agus mheánmhéide;
- €150m de iasachtaí urraithe curtha fáil do GBManna faoin Scéim Iasachta Talmhaíochta chun Tacú le Sreabhadh Airgid (An Scéim Talmhaíochta) le €144m tarraingthe anuas;
- €34m maoiniú Stáit faighte ke scéimeanna comhroinnt riosca a thacú le luach iasachta iomlán achmhainneacht €450m;
- Frithráthaíochtaí le luach punann iomlán de €412.5m foinsithe ó institiúdaí CE le húsáid le scéimeanna Comhroinnt a fhorbairt;
- Aisiocaíochtaí €115m príomhshuimeanna iasachtaí déanta ag iasachtóirí ar aghaidh CBSÉ.

Príomhrioscaí agus neamhchinnteachtaí

Tá mionsonraí maidir leis na rioscaí bunairgid agus na neamhchinnteachtaí atá os comhair an CBSÉ mar a leanas:

Riosca Straitéiseach

- Bíonn CBSÉ ag brath ar éileamh ó iasachtóirí ar aghaidh agus GBManna d'fhonn a príomhchuspóir straitéiseach a bhaint amach, is é sin creidmheas breise a chur ar fáil do GBManna in Éirinn, agus le dul i ngleic le teipeanna i margadh soláthar creidmheas do ghnólachtaí beaga. Má theipeann uirthi a táirgí a struchtúru go cuí agus straitéis iomchuí a úsáid chun iad sin a sheachadadh, tá an baol ann nach mbeidh iasachtóirí ar aghaidh rannpháirteach mar a ceapadh dóibh agus ní bhainfidh gnóanna leas as na táirgí tairgthe.

Riosca Creidmheasa

- Tá CBSÉ neamhchosanta ar an riosca go mainneoidh contrapháirtí iasachtaithe ar a oibleagáidí agus go dteipfidh air a fhiachas a aisíoc ina iomláine, rud a chruthóidh cailleanais do CBSÉ. Is do na hiasachtóirí ar aghaidh a dtugann sí iasachtaí dóibh is mó atá príomh-neamhchosaint riosca creidmheasa CBSÉ agus i gcás ráthaíochtaí CBSÉ na dtairbhíthe deiridh.

Riosca Oibriúcháin

- Tá CBSÉ neamhchosanta ar raon leathan rioscaí oibriúcháin a eascraíonn ó na daoine, ó na córais agus ó na próisis a bhíonn i gceist chun a cuspóir a bhaint amach. I measc na bpríomhrioscaí oibriúcháin tá teipeanna i gcórais, earráidí próisis, a bheith ag brath rómhór ar dhaoine aonair tábhachtacha, teip nósanna imeachta a leanúint, earráidí a thuairisciú, etc., agus dá mbarr sin go léir d'fhéadfadh sé go dteipfeadh sa deireadh thiar ar CBSÉ a cuid cuspóirí a chomhlíonadh agus go ndéanfaí damáiste mór dá clú.

Riosca ó thaobh acmhainní a chur ar fáil

- Is eagraíocht bheag í CBSÉ a bhíonn ag brath ar lucht gairme speisialtachta oílte chun a cuspóirí reachtúla a chomhlíonadh. Tá an baol ann nach mbeidh an taithí agus an saineolas iomchuí ag CBSÉ, rud a chiallódh go dteipfeadh uirthi a cuid cuspóirí a bhaint amach.

Riosca maidir le Neamhchomhlíonadh

- Tá gníomhaíochtaí CBSÉ faoi réir chúnamh Stáit an Aontais Eorpaigh agus rialacháin eile agus tá baol ann nach gcomhlíonfaidh CBSÉ na rialacháin sin, rud a fhágfaidh go ndéanfar dochar do CBSÉ ó thaobh cáile nó airgeadais de. Is beag an dóchúlacht go dtarlóidh sé sin, ach d'fhéadfadh tionchar dian a bheith i gceist dá dtarlódh sé.

Bainistíocht riosca airgeadais

Tá an chuideachta neamhchosanta ar riosca creidmheasa, riosca margaidh, riosca leachtachta, riosca caipitil agus riosca comhchruinnithe i ngnáthchúrsa a cuid gnó. Tá tuilleadh sonraí maidir le beartas na Cuideachta agus an chaoi a ndéanann sí bainistiú ar na rioscaí sin i Nóta 14 leis na ráitis airgeadais.

Stiúrthóirí

Bhí siad seo a leanas ina Stiúrthóirí ag aon tráth i rith na bliana airgeadais:

Conor O'Kelly

Nicholas Ashmore

Barbara Cotter

Carmel Foley (*ceaptha 4 Deireadh Fómhair 2017*)

Tom McAleese

Rosheen McGuckian

Ann Nolan (*D'éirigh as 24 Iúil 2017*)

AJ Noonan

Richard Pelly

Eilis Quinlan

Tuarascáil na Stiúrthóirí (ar lean)

Leasanna na Stiúrthóirí

Ní raibh aon leas tairbhiúil ag na Stiúrthóirí sa Chuideachta i rith na bliana airgeadais ná ag deireadh na bliana airgeadais (Feic Nóta 25). Is leis an Aire Airgeadais amháin scairchaipiteal eisithe na Cuideachta (Feic Nóta 21).

Taifid chuntasaíochta dhóthanacha

Cinntíonn na Stiúrthóirí go gcomhlíonann an Chuideachta a dualgais maidir le taifid chuntasaíochta a choinneáil mar a éilítear faoi ailt 281 go 285 d'Acht na gCuideachtaí 2014, trí úsáid a bhaint as pearsanra cuntasaíochta cáilithe agus córais agus nósanna imeachta cuí, arna leagan amach sa Ráiteas ar Rialú Inmheánach. Coinnítear na taifid chuntasaíochta in oifig chláraithe na Cuideachta i bhFoirgneamh an Státhiste, Sráid na Canálach Móire, Baile Átha Cliath 2, Éire, D02 XN96.

Torthaí agus díbhinní

Leagtar amach na torthaí don bhliain airgeadais agus staid gnóthaí na Cuideachta sa Ráiteas Ioncam Cuimsitheach agus an Ráiteas ar an Staid Airgeadais.

Níor íoc an Chuideachta aon díbhinní i rith na bliana airgeadais lena scairshealbhóir aonair, an tAire Airgeadais, agus níl sé i gceist aici aon díbhinní a íoc le haghaidh na bliana airgeadais seo.

Teagmhais tar éis na tréimhse tuairiscithe

Feic Nóta 26 de na ráiteas airgeadais.

Iniúchóir

Is é an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste iniúchóir na Cuideachta de bhua alt 19 d'Acht CBSÉ 2014.

Ghlac gach duine de na Stiúrthóirí na céimeanna go léir ba chóir dó nó di a bheith glactha aige/aici mar Stiúrthóir d'fhonn é/í féin a chur ar an eolas faoi aon fhaisnéis iniúchta ábhartha agus d'fhonn a chinntiú go bhfuil an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste ar an eolas maidir leis an bhfaisnéis sin.

Faofa agus údaraithe lena eisiúint ag an mBord Stiúrthóirí agus sínithe thar a cheann:



Nicholas Ashmore,
An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
Corparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann



Conor O'Kelly,
An Cathaoirleach
Corparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann

11 Aibreán 2018

Ráiteas ar Rialú Inmheánach

Raon Freagrachta

Thar ceann CBSÉ, aithním freagracht an Bhoird as cinnte a dhéanamh go ndéantar córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh a chothabháil agus a fheidhmiú. Cuirtear i gcuntas leis an bhfreagracht sin riachtanais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016).

Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Tá an córas rialaithe inmheánaigh ceaptha le riosca a bhainistiú go leibhéal infhulaingthe seachas é a fhoircheannadh. Mar sin de, ní féidir leis an gcóras ach ráthaíocht réasúnta, seachas ráthaíocht absalóideach, a thabhairt go gcosnaítear acmhainní, go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thairfeadh i gceart, agus go ndéantar botúin nó neamhréireachtaí ábhartha a chosc nó a bhrath go tráthúil.

Bhí an córas rialaithe inmheánaigh, atá ag teacht leis an treoir eisithe ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm ag CBSÉ don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2017 agus go dtí dáta faofa na ráiteas airgeadais.

Acmhainneacht chun Riosca a Láimhseáil

Tá Coiste Iniúcháireachta agus Riosca ("CIR") ag CBSÉ ar a bhfuil triúr comhalta neamhfheidhmeannach den Bhoird, agus is é an Cathaoirleach duine amháin acu sin. Tá an CIR freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar fhorfheidhmiú an Ráitis ar Ghoile Riosca agus an Pholasaí Bainistíochta Riosca agus an Chreata Bainistíochta Riosca de réir mar a fhaomhann Bord na Stiúrthóirí iad. Ar fhreagrachtaí an CIR tá maoirseacht a dhéanamh ar an phróiseas tuairiscithe airgeadais, athbhreithniú a dhéanamh ar an gcóras rialaithe inmheánaigh agus athbhreithniú a dhéanamh ar na próisis iniúcháireachta inmheánacha agus seachtracha. Tháinig an CIR le chéile cúig huairte le linn 2017.

Iniúchadh Inmheánach

Déanann an CIR maoirseacht ar ghníomhaíochtaí iniúcháireachta inmheánaí CBSÉ, a chuirtear i gcrích ag feidhm iniúcháireachta inmheánaí Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta ("GBCN"). Bíonn obair na feidhme iniúcháireachta inmheánaí bunaithe ar anailís ar na rioscaí dá bhfuil CBSÉ nochtaithe agus, bunaithe air sin, ullmhaítear plean bliantúil iniúcháireachta inmheánaí.

Comhaontaíodh an plean iniúcháireachta inmheánaí don bhliain airgeadais le bainistíocht CBSÉ agus d'fhaomhaigh an CIR é i mí na Nollag 2016. Cuireann an fheidhm iniúcháireachta inmheánaí tuairiscí ar fáil do bhainistíocht CBSÉ agus don CIR go rialta maidir le gníomhaíocht iniúcháireachta inmheánaí. Leagtar amach sna tuairiscí sin aon tátáil agus moltaí i ndáil le rialuithe inmheánacha atá athbhreithnithe. Déantar faireachán ar an dul chun cinn i dtaca leis na moltaí agus cuirtear tuairisc faoi ar fáil don CIR.

GBCN

Cuireann GBCN airgeadas, acmhainní daonna, agus seirbhísí dlí, iniúcháireachta inmheánaí, riosca agus comhlíonta ar leith ar fáil do CBSÉ, dá bhforáiltear faoi alt 10 d'Acht CBSÉ 2014, agus de réir mar atá comhaontaithe sa Chomhaontú Seirbhíse idir GBCN agus CBSÉ. Mar sin, bíonn CBSÉ ag brath go suntasach ar na rialuithe a fheidhmíonn GBCN. Tá córas rialaithe inmheánaigh ag GBCN atá forbartha go maith agus déantar aon seirbhísí comhroinnte a chuirtear ar fáil do CBSÉ a chur ar fáil laistigh den chreat rialaithe sin. Tá ráthaíocht faighte ag CBSÉ ó GBCN go bhfuil athbhreithniú déanta aige ar a chóras rialaithe inmheánaigh i leith sheirbhísí arna gcur ar fáil do CBSÉ.

Ráiteas ar Rialú Inmheánach (ar lean)

Creat Riosca agus Rialaithe (ar lean)

Tá córas bainistithe riosca curtha i bhfeidhm ag CBSÉ lena n-aithnítear na príomhrioscaí agus na gníomhaíochtaí bainistithe atá á ndéanamh chun aghaidh a thabhairt orthu agus, a mhéid is féidir, na rioscaí sin a mhaolú, agus cuirtear tuairisc ar fáil maidir leis an méid sin.

Coinníonn CBSÉ Clár Rioscaí, lena ndéantar rioscaí a aithint agus a chatagóru a d'fhéadfadh cosc a chur ar CBSÉ a chuspóirí a bhaint amach agus lena ndéantar measúnú ar thionchar agus dóchúlacht imeachtaí riosca éagsúla. Ar bhonn na rioscaí a aithnítear, cuirtear rialuithe i bhfeidhm lena mbainistiú agus lena maolú. Déanann an CIR athbhreithniú ar an gClár Rioscaí go ráithiúil agus déanann Bord na Stiúrthóirí é a athbhreithniú gach bliain ar a laghad. Éilítear ar an bhfoireann bainistíochta fianaise a thabhairt ar bhonn ráithiúil go bhfuil na rialuithe atá taifeadta sa Chlár Rioscaí i bhfeidhm agus éifeachtach, chomh fada agus is eol dóibh.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh bunaithe ar chreat d'eolas rialta faoi bhainistiú, nósanna imeachta riaracháin lena n-áirítear deighilt dualgas, agus córas tarmhligthe agus cuntasaíochta. Dearbhaím go bhfuil na gnéithe seo a leanas mar chuid den timpeallacht rialaithe:

- Nósanna imeachta doiciméadaithe le haghaidh próisis thábhachtacha ghnó;
- Córais lena gcinntítear go gcoinnítear na córais faisnéise agus cumarsáide teicneolaíochta slán;
- Athbhreithniú agus measúnú rialta ar shócmhainní airgeadais;
- Córas comhtháite buiséadaithe lena n-áirítear buiséad bliantúil a ndéanann Bord na Stiúrthóirí a athbhreithniú agus a fhaomhadh;
- Athbhreithniú rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla airgeadais ina gcuirtear síos go mion ar fheidhmíocht airgeadais i gcomparáid leis na réamhaisnéisí;
- Disciplíní foirmeálta bainistithe tionscadal;
- Cloí le Tuairiscíú a dhéanamh ar 'Éagóiritheoireacht' agus le Polasaí na Nochtuithe Cosanta agus an Polasaí Frithchaolaíochta.

Faireachán agus Athbhreithniú Leanúnacha

Tá an faireachán agus an t-athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh bunaithe ar lucht bainistíochta an CBSÉ ar a bhfuil freagracht as forbairt agus cothabháil an chreata rialaithe airgeadais, tátail obair na feidhme iniúchóireachta inmheánaí agus tuairimí luaithe i litir bhainistíochta an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste nó i dtuairiscí eile.

Déanann Bord na Stiúrthóirí faireachán ar an gcóras rialaithe inmheánaigh tríd an CIR. Cuireann an CIR a fheidhmeanna i gcrích i gcomhréir le Téarmaí Tagartha CIR.

Áirítear le creat bainistithe riosca CBSÉ na trí líne chosanta seo a leanas:

An chéad líne chosanta:

Tá lucht bainistíochta CBSÉ freagrach as bainistíocht laethúil riosca agus as a chinntiú go mbíonn rialuithe dóthanacha i bhfeidhm agus ag feidhmiú i gceart. Tuairisceoidh an lucht bainistíochta maidir le bainistíocht riosca chuig an gCoiste Iniúchta agus Riosca. Seo a leanas na príomhchéimeanna a úsáidtear sa phróiseas um bainistíocht riosca:

- Na rioscaí ar fad a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar CBSÉ ag baint amach na cuspóirí bunaithe;
- I gcomhair gach riosca, tionchar tosaigh agus dóchúlacht a tharlaithe a chinneadh;
- I gcomhair gach riosca, a chinneadh cibé ar féidir glacadh leis an riosca nó an mbeidh gá é a aistriú, a laghdú nó a sheachaint;

- I gcomhair gach riosca, d'ainneoin a thionchair nó dhóchúlacht a tharlaithe, gníomhartha chun riosca a laghdú a chur san áireamh;
- Athbhreithniú a dhéanamh ar an éifeacht iarmharach agus féidireacht tarlaimh chomh maith le sádús tar éis cuir i bhfeidhm gníomhairí mhaolaitheach an-thabachtach;
- Athbhreithniú agus monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhartha maolaithe ar bhonn leanúnach.

An dara líne chosanta:

Tugann feidhm Riosca CBSÉ agus feidhm Comhlíonta GBCN, maidir le sainréimsí freagrachta, dúshlán agus forbheathnú neamhspleách chun forfheidhmiú Bheartas agus Chreat Bainistíochta Riosca CBSÉ a chinntiú.

An tríú líne chosanta:

Is í an fheidhm Iniúchta Inmheánaigh an tríú líne chosanta agus soláthraíonn sí deimhniú neamhspleách, réasúnach, riosca-bhunaithe maidir le stóinseacht chóras bainistíochta riosca CBSÉ, maidir le rialachas agus dearadh agus éifeachtacht oibriúcháin thimpeallacht an rialaithe inmheánaigh.

Soláthar

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag CBSÉ chun comhlíonadh na rialacha agus treoirlínte ábhartha reatha maidir le soláthar a chinntiú agus gur chloí CBSÉ leis na nósanna imeachta sin le linn 2017.

Athbhreithniú ar Éifeachtacht

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag CBSÉ chun faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistithe agus rialaithe riosca. Tá faireachán agus athbhreithniú CBSÉ ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh bunaithe ar obair na n-iniúcháirí inmheánacha agus seachtracha, an CIR a dhéanann maoirseacht ar a gcuid oibre, agus ardbhainistíocht CBSÉ atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata rialaithe inmheánaigh.

Dearbhaím go ndearna an Bord athbhreithniú bliantúil ar na rialuithe inmheánacha do 2017.

Saincheisteanna Rialaithe Inmheánaigh

Níor aimsíodh aon laigeachtaí ó thaobh rialú inmheánach in 2017 de ar gá a nochtadh sna ráitis airgeadais.



Conor O'Kelly,
An Cathaoirleach
Corparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann

11 Aibreán 2018

An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais Corparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann

Tuairim maidir leis na ráitis airgeadais

Tá ráitis airgeadais Chorparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann (an chomhlacht) iniúchta agam don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2017 de réir mar a éilítear faoi fhorálacha an Achta um Chorparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann, 2014. Cuimsítear leis na ráitis airgeadais an ráiteas ar ioncam cuimsitheach, an ráiteas maidir leis an staid airgeadais, an ráiteas ar athruithe ar chothromas, an ráiteas ar sreafaí airgeadais agus na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar pholasaithe shuntasacha cuntasáíochta.

Is é mo thuairim go bhfuil na nithe seo fíor faoi na ráitis airgeadais

- tugann siad léargas fírinneach cóir ar shócmhainní, dliteanais agus ar staid airgeadais an chomhlachta amhail an 31 Nollaig 2017 agus ar a ioncam agus a chaiteachas do 2017;
- ullmhaíodh i gceart iad de réir Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais (FRS) 102 – *An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann*; agus
- ullmhaíodh iad i gceart de réir Acht na gCuideachtaí 2014.

Bunús leis an tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (ISAnna) arna bhfógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúcháireachta (INTOSAI). Tá mo chuid freagrachtaí faoi na caighdeáin sin tuairiscithe san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo. Tá mé neamhspleách ón gcomhlacht agus tá mo chuid freagrachtaí eiticíúla comhlíonta agam i gcomhréir leis na caighdeáin.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúcháireachta atá faighte agam leordhóthanach agus iomchuí le mo thuairim a bhunú uirthi.

Conclúid a bhaineann le gnóthas leantach

Mar atá tuairiscithe san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo, tugaim tátail maidir leis an méid seo a leanas

- oiriúnacht na húsáide a bhaineann na stiúrthóirí as an mbonn cuntasáíochta gnóthais leantaigh; agus
- cibé acu an bhfuil éiginnteacht ábhartha ann a bhaineann le himeachtaí nó le coinníollacha a d'fhéadfadh amhras suntasach a tharraingt ar chumas an chomhlachta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach.

Níl aon ní le tuairisciú agam ina leith sin.

Ábhair ar a gcaithim tuairisciú faoi Acht na gCuideachtaí 2014

Bunaithe ar an obair a rinneadh le linn na hiniúcháireachta, agus ar an obair sin amháin, tuairiscím go bhfuil an méid seo a leanas amhlaidh, i mo thuairim

- tá an t-eolas atá tugtha i dtuarascáil na stiúrthóirí ag teacht leis na ráitis airgeadais; agus
- tá tuarascáil na stiúrthóirí ullmhaithe i gcomhréir le hAcht na gCuideachtaí 2014.

Tá an t-eolas agus na mínithe go léir faighte agam a mheasaim is gá chun críocha na hiniúcháireachta.

I mo thuairim, ba leor taifid chuntasáíochta an chomhlachta le go bhféadfaí iniúchadh éasca agus ceart a dhéanamh ar na ráitis airgeadais. Tá na ráitis airgeadais ar aon dul leis na taifid chuntasáíochta.

Éilíonn Acht na gCuideachtaí 2014 orm freisin tuairisc a chur ar fáil más rud é, i mo thuairim, nach bhfuil luach saothair na stiúrthóirí agus idirbhearta a éilítear le halt 305 go halt 312 den Acht nocht. Níl aon ní le tuairisciú agam ina leith sin.

Tuairisc ar eolas seachas na ráiteas airgeadais, agus ar nithe eile

Tá eolas eile faoi leith curtha i láthair ag na stiúrthóirí leis na ráitis airgeadais. Cuimsíonn sé an tuarascáil bhliantúil lena n-áirítear an ráiteas maidir le rialachas, tuarascáil na stiúrthóirí agus an ráiteas maidir le rialú inmheánach. Tá cur síos san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo ar mo chuid freagrachtaí maidir le tuairisc a thabhairt ar an eolas sin, agus ar nithe eile faoi leith ar a dtuairiscím trí eisceacht.

Níl aon ní le tuairisciú agam ina leith sin.



Seamus McCarthy

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

30 Aibreán 2018

Aguisín a ghabhann leis an tuarascáil

Freagrachtaí na Stiúrthóirí

Leagtar amach freagrachtaí na stiúrthóirí sa ráiteas maidir le rialachas agus i dtuarascáil na stiúrthóirí. Tá na stiúrthóirí freagrach as an méid seo a leanas

- ullmhú na ráiteas airgeadais san fhoirm a fhorordaítear faoi Acht na gCuideachtaí 2014;
- cinntiú go dtugtar léargas fírinneach cóir sna ráitis airgeadais i gcomhréir le FRS102;
- rialtacht idirbhearta a chinntiú;
- oiriúnacht na húsáide a bhaineann na stiúrthóirí as an mbonn cuntasáíochta gnóthais leantaigh a mheas; agus
- cibé rialú inmheánach a mheasann siad is gá le go bhféadfar ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíríteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chalaos nó ar bhotún.

Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 19 den Acht um Chorporáid Baincáireachta Straitéiseach na hÉireann, 2014 iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais an chomhlachta agus tuarascáil orthu a thabhairt do Thithe an Oireachtais.

Is é cuspoir m'iniúchta dearbhú réasúnta a fháil an bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíríteas ábhartha mar gheall ar chalaos nó ar bhotún. Is ionann dearbhú réasúnta agus leibhéal ard dearbhaithe, ach ní ionann é agus ráthaíocht go n-aimseoidh iniúchadh a dhéantar i gcomhréir leis na ISAnna míráiteas ábhartha i gcónaí. Féadfaidh míráitis eascairt as calaóis nó botún agus meastar iad a bheith ábhartha más féidir a bheith ag súil go réasúnta go n-imreodh siad tionchar, go haonair nó go comhiomlán, ar chinntí eacnamaíochta a dhéanann úsáideoirí ar bhonn na ráiteas.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na ISAnna, úsáidim breithiúnas gairmiúil agus sceipteachas gairmiúil ar feadh an iniúchta. Agus é sin á dhéanamh agam,

- déanaim rioscaí maidir le míráitis ábhartha sna ráitis airgeadais, cibé acu mar gheall ar chalaos nó ar bhotún, a shainaithint agus a mheas; déanaim nósanna imeachta iniúcháireachta a dhearadh agus a chur i bhfeidhm a fhreagraíonn do na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúcháireachta atá leordhóthanach agus iomchuí le mo thuairim a bhunú uirthi. Tá an riosca nach n-aimseofar míráiteas ábhartha mar thoradh ar chalaos níos airde ná an riosca maidir le ceann a eascraíonn as botún, mar go bhféadfadh sé go mbeadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon ghnó, mífhaisnéis, nó gabháil treise ar an rialú inmheánach i gceist leis.

Faighim tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúcháireachta a dhearadh atá oiriúnach sna cúinsí, ach nach bhfuil oiriúnach chun tuairim a chur in iúl maidir le héifeachtacht na rialuithe inmheánacha.

Déanaim measúnú ar oiriúnacht na bpolasaithe cuntasáíochta a úsáideadh agus réasúntacht na meastachán cuntasáíochta agus an nochtadh gaolmhar.

Tagaim ar thátail maidir le hoiriúnacht na húsáide a bhaintear as an mbonn cuntasáíochta gnóthais leantaigh agus, bunaithe ar an fhianaise iniúcháireachta a fhaightear, maidir le cibé acu an bhfuil éiginnteacht ábhartha ann a bhaineann le himeachtaí nó cúinsí a d'fhéadfadh amhras suntasach a tharraingt ar chumas an chomhlachta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Má thagaim ar an tátal go bhfuil éiginnteacht ábhartha ann, éilítear orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar an nochtadh bainteach sna ráitis airgeadais nó, mura leor an nochtadh sin, mo thuairim a mhodhnú. Tá mo thátail bunaithe ar an bhfianaise iniúcháireachta a fuarthas suas go dáta mo thuarascála. D'fhéadfadh imeachtaí nó coinníollacha amach anseo, áfach, bheith ina gcúis leis an gcomhlacht scor de bheith ina ghnóthas leantach.

- Déanaim measúnú ar chur i láthair, struchtúr agus ábhar foriomlán na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear an nochtadh, agus cibé acu an léiríonn na ráitis airgeadais na hidirbhearta agus imeachtaí bunúsacha ar bhealach lena mbaintear cur i láthair cóir amach.

Cuirim in iúl dóibh siúd atá freagrach as rialachas, i measc nithe eile, raon feidhme beartaithe agus uainiú an iniúchta agus tátail shuntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh a aimsím le linn m'iniúchta i dtaca le rialachas inmheánach.

Eolas nach mbaineann leis na ráitis airgeadais

Ní chumhdaítear le mo thuairim faoi na ráitis airgeadais an t-eolas eile a chuirtear i láthair leis na ráitis sin, agus ní thugaim aon chineál tátail maidir le dearbhú ina leith.

I dtaca le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, éilítear orm faoi na ISAnna an t-eolas eile a léamh a cuireadh i láthair agus, le linn dom é sin a dhéanamh, breathnú an bhfuil an t-eolas eile neamh-chomhréireach go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó leis an eolas a fuarthas le linn an iniúchta, nó an cosúil ar shlí eile go bhfuil míráiteas ábhartha déanta ina leith. Más rud é go mbainim an tátal, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go bhfuil míráiteas ábhartha ann i dtaca leis an eolas eile sin, éilítear orm é sin a thuairisciú.

Tuairisciú ar nithe eile

Déantar m'iniúchadh trí thagairt do na léirbhreithnithe speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistíocht agus lena bhfeidhmiú. Tuairiscím má tá nithe ábhartha ann a bhaineann leis an mbealach ina bhfuil gnó poiblí déanta.

Féachaim le fianaise a fháil ar rialtacht idirbhearta airgeadais le linn an iniúchta. Tuairiscím aon chás ábhartha nár cuireadh airgead poiblí i bhfeidhm chun na críocha dá raibh siad ceaptha nó nár chloí idirbhearta leis na húdaráis a rialaíonn iad.

Ráiteas Ioncam Cuimsitheach

Don bhliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2017

	Nóta	2017 €000	2016 €000
Ioncam úis	5	5,928	3,498
Speansas úis	6	(523)	(612)
Glanioncam úis		5,405	2,886
Ioncam eile	7	2,092	286
Speansais oibriúcháin	8	(7,002)	(4,819)
Brabús/(cailteanas) oibriúcháin		495	(1,647)
Brabús/(cailteanas) don bhliain airgeadais		495	(1,647)
Ioncam cuimsitheach eile		-	-
Iomlán an brabúis/(cailteanas) chuimsithigh don bhliain airgeadais		495	(1,647)

Tá na nótaí tionlacain mar chuid lárnach de na ráitis airgeadais.

Faofa agus údaraithe lena eisiúint ag an mBord Stiúrthóirí agus sínithe thar a cheann:



Nicholas Ashmore,
An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
Corparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann



Conor O'Kelly,
An Cathaoirleach
Corparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann

11 Aibreán 2018

Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais amhail an 31 Nollag 2017

	Nóta	2017 €000	2016 €000
Sócmhainní Seasta			
Sócmhainní doláimhsithe	11	902	785
lasachtaí agus infháltais	12	605,000	600,000
Sócmhainní reatha			
Airgead agus coibhéisí airgid	13	74,736	21,544
lasachtaí agus infháltais	12	81,438	56,444
Infháltais eile	16	121	311
Iomlán na sócmhainní		762,197	679,084
Dlíteanais neamhreatha			
Maoiniú agus iasachtaí	17	673,461	660,000
Dlíteanais reatha			
Maoiniú agus iasachtaí	17	11,637	122
Cáin dlite		-	8
Dlíteanais eile	18	46,981	14,331
Iomlán na ndlíteanas		732,079	674,461
Cothromas Scairshealbhóirí			
Scairchaipiteal	21	35,000	10,000
Cailíteanais choinnithe		(4,882)	(5,377)
Iomlán an chothromais		30,118	4,623
Iomlán an chothromais agus na ndlíteanas		762,197	679,084

Tá na nótaí tionlacain mar chuid lárnach de na ráitis airgeadais.

Faofa agus údaraithe lena eisiúint ag an mBord Stiúrthóirí agus sínithe thar a cheann:



Nicholas Ashmore,
An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
Corparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann



Conor O'Kelly,
An Cathaoirleach
Corparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann

11 Aibreán 2018

Ráiteas maidir le hAthruithe ar Chothromas amhail an 31 Nollaig 2017

	Scair- chaipiteal €000	Cailteanais choinnithe €000	Iomlán cothromas €000
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2016	10,000	(3,730)	6,270
Cailteanas don bhliain airgeadais	-	(1,647)	(1,647)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2016	10,000	(5,377)	4,623
Eisiúint scairchaipitil	25,000	-	25,000
Brabús don bhliain airgeadais	-	495	495
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2017	35,000	(4,882)	30,118

Faofa agus údaraithe lena eisiúint ag an mBord Stiúirthóirí agus sínithe thar a cheann:



Nicholas Ashmore,
An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
Corparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann



Conor O'Kelly,
An Cathaoirleach
Corparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann

11 Aibreán 2018

Ráiteas ar Sreafaí Airgid

Don bhliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2017

	Nóta	2017 €000	2016 €000
Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin			
Iasachtaí ar aghaidh a eisíodh		(145,000)	(420,000)
Aisíocaíochtaí príomhshuim iasachtaí ar aghaidh faighte		115,000	-
Fáltais úis		5,532	2,657
Íocaíochtaí úis		(481)	(630)
Aisíocaíocht táillí ag iasachtóirí ar aghaidh		47	204
Costais riaracháin aisghabhtha		565	-
Ioncaim eile faighte		382	-
Díolaíochtaí fóirdheontas an Scéime Talmhaíochta	8	(970)	-
Speansais oibriúcháin íoctha		(5,636)	(4,922)
Glanairgead a úsáideadh i ngníomhaíochtaí feidhmithe		(30,561)	(422,691)
Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta			
Ceannachán sócmhainní doláimhsithe	11, 24.2	(333)	(321)
Glanairgead úsáidthe i ngníomhaíochtaí infheistíochta		(333)	(321)
Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Maoinithe			
Iasachtaí maoinithe a fuarthas		50,000	310,000
Iasachtaí maoinithe a fuarthas ón Aire Gnó, Fiontar agus Nualaíocht	18	14,000	-
Maoiniú ón Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara		20,086	13,914
Glanairgead ó ghníomhaíochtaí maoiniúcháin		84,086	323,914
Glanméadú/(laghdú) in airgead agus coibhéisí airgid		53,192	(99,098)
Airgead agus coibhéisí airgid ag 1 Eanáir		21,544	120,642
Airgead agus coibhéisí airgid ag 31 Nollaig		74,736	21,544

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

31 Nollaig 2017

1. Aonán tuairiscithe

Cuideachta is ea CBSÉ atá cónaitheach in Éirinn. Bunaíodh an Chuideachta de bhun Acht um Chorporáid Baincúireachta Straitéiseach na hÉireann 2014 an 12 Meán Fómhair 2014. Baineann an Chuideachta leas as foinsí maoinithe náisiúnta agus idirnáisiúnta ar mhaithe le maoiniú ar chostas íseal a sholáthar do GBManna na hÉireann trína cuid iasachtóirí ar aghaidh, agus rochtain ar mhaoiniú d'iasachtaithe GBM in Éirinn a fheabhsú.

Cuideachta gníomhaíochta ainmnithe phríobháideach aon chomhalta atá sa Chuideachta teoranta ag scaireanna corpraithe faoi Acht na gCuideachtaí, 2014 (Uimh. Chláraithe 549539). Is leis an Aire Airgeadais amháin scairchaipiteal eisithe CBSÉ. Tá oifig chláraithe na Cuideachta i bhFoirgneamh an Stáitchiste, Sráid na Canálach Móire, Baile Átha Cliath 2, Éire, D02 XN96.

2. Ráiteas comhlíonta

Ullmhaíodh ráitis airgeadais na Cuideachta don bhliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2017 de réir FRS 102, an Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn agus de réir Acht na gCuideachtaí, 2014.

3. Meastacháin agus breithiúnais chuntasaíochta criticiúla

Éilíonn ullmhú na ráiteas airgeadais i gcomhréir le FRS 102 go n-úsáidtear meastacháin agus toimhdí a théann i bhfeidhm ar mhéideanna tuairiscithe na sócmhainní agus na ndlíteanas. Measúnaítear meastacháin agus breithiúnais go leanúnach agus tá siad bunaithe ar roinnt tosca eile, lena n-áirítear ionchais maidir le teagmhais amach anseo a chreidtear a bheith réasúnach sna himthosca.

Creideann an lucht bainistíochta go bhfuil na toimhdí bunúsacha a úsáidtear cuí agus go léirítear go cothrom an staid airgeadais agus na torthaí airgeadais i ráitis airgeadais na Cuideachta. Cuirtear síos ar réimsí lena mbaineann leibhéal níos airde breithiúnais nó castachta, nó ar réimsí ina bhfuil toimhdí agus meastacháin tábhachtach do na ráitis airgeadais thíos:

3.1 Na príomhfhoinsí is cúis le héiginnteacht sna meastacháin

Is iad seo a leanas na príomhthoimhdí a bhaineann leis an todhchaí, agus príomhfhoinsí éiginnteachta eile sna meastacháin ag deireadh na tréimhse tuairiscithe a bhféadfadh baol mór a bheith ag baint leo ó thaobh suimeanna glanluacha na sócmhainní agus na ndlíteanas sa chéad bhliain airgeadais eile a choigeartú go hábhartha.

3.1.1 Measúnú ar bhearnú iasachta

I gcomhréir le ceanglais CIC 39, déanann an Comhlacht athbhreithniú ar a phunann iasachtaí le tásca ar lagú a aimsiú ar a laghad uair sa bhliain ag dáta an ráitis ar an stádas airgeadais. Agus cinneadh á dhéanamh ag CBSÉ ar cheart cailteanas lagaithe a thaifeadadh sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach ar an dáta tuairiscithe, úsáideann sé foinsí inmheánacha agus seachtracha eolais lena mheas cibé acu an bhfuil aon tásca ann go bhféadfadh sócmhainn a bheith lagaithe (i gcomhréir le CIC 39.59). D'fhéadfadh an méid seo a leanas a bheith san áireamh leis na tásca:

- deacrachtaí suntasacha airgeadais an iasachtaí;
- sárú conartha, ar nós mainneachtain in íocaíochtaí úis nó bunairgid;
- bronnadh lamháltais ar an iasachtaí ar chúiseanna eacnamaíocha nó dlí a bhaineann le deacrachtaí airgeadais an iasachtaí nach mbreithneofaí seachas sin;
- i gcás inar dócha go dtitfidh an t-iasachtaí i bhféinmheacht nó go dtabharfaidh sé faoi atheagrú airgeadais eile.

3.1.1 Measúnú ar bhearnú iasachta (ar lean)

Má tá aon fhianaise oibiachtúil ar lagú ann déanann CBSÉ ríomh mionsonraithe lagaithe ar gach iasacht go haonair chun cinneadh a dhéanamh ar cheart cailteanas lagaithe a aithint. Déantar méid an chaillteanais lagaithe a thomhas mar an difríocht idir suim ghlanluacha na hiasachta agus luach reatha na sreafaí airgid measta lascainithe ag bunráta éifeachtach úis na hiasachta i gcomhréir le CIC 39. Déanann lucht bainistíochta CBSÉ, lena n-áirítear an Ceann Riosca agus an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin ("POF"), athbhreithniú agus faomhadh ar an measúnú.

3.1.2 Measúnú ar sholáthar ráthaíochta airgeadais

Breithníonn CBSÉ gach dáta tuairiscithe, i leith na ráthaíochtaí airgeadais atá eisithe aige, an dócha go ndéanfar íocaíochtaí faoin ráthaíocht le go n-aithneofar soláthar i gcomhréir le CIC 37. Chun dóchúlacht íocaíochta faoin gconradh ráthaíochta a mheas, déanann an comhlacht athbhreithniú ar aon sonraí ábhartha chun méid na n-iasachtaí atá i mbaol mainneachtana agus i mbaol bheith faoi réir éilimh ó iasachtóir ar aghaidh a mheas. Aithnítear soláthar d'aon éilimh dhóchúla, is féidir a thomhas go hiontaoifa, i dtairfid chuntasaíochta CBSÉ. Má aithnítear soláthar, agus má tá méid an tsoláthair níos mó ná an tsuim ghlanluacha, is gá coigeartú a dhéanamh leis an soláthar a léiriú agus an difríocht a aithint sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach.

I gcás nach bhfuil gá le soláthar, nochtar dlíteanas teagmhasach sa ráiteas airgeadais don méid iomlán atá iníochta faoi chonarthaí ráthaíochta airgeadais CBSÉ.

3.1.3 Saolré úsáideach acmhainn dholáimhsithe

Déantar an muirear i leith amúchadh tréimhsiúil a dhíorthú tar éis luacháil a chinneadh ar shaolré ionchais sócmhainne agus an luach iarmharach measta ag deireadh a shaoil. Dá ndéanfaí saolré ionchais sócmhainne nó a luach iarmharach a athrú, thiocfadh athrú ar an muirear amuchta.

Cinneann an lucht bainistíochta saolré ionchais sócmhainní an Chomhlachta agus déanann siad iad a athbhreithniú ar a laghad uair sa bhliain maidir le hoiriúnacht. Tá na saoil bunaithe ar thairfid stairiúil ar shócmhainní cosúla chomh maith le hionchasú imeachtaí sa todhchaí, a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar a saol.

3.2 Breithiúnais chuntasaíochta chriticiúla nuair atá beartais chuntasaíochta á gcur i bhfeidhm

Ós rud é go mbaineann breithiúnas an lucht bainistíochta le meastachán a dhéanamh ar dhóchúlacht na dteagmhas amach anseo, d'fhéadfadh torthaí iarbhir bheith difriúil ó na meastacháin sin, rud a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar mhéideanna tuairiscithe na sócmhainní agus na ndlíteanas amach anseo. Seachas na meastacháin (feic Nóta 3.1 thuas), níor iarradh ar an gCuideachta aon bhreithiúnais chriticiúla bhreise a dhéanamh nuair a bhí a cuid beartais chuntasaíochta á gcur i bhfeidhm aici.

4. Beartais shuntasacha chuntasaíochta

4.1 Bonn ullmhúcháin

Ullmhaítear na ráitis airgeadais ar bhonn an ghnóthais leantaigh agus tá Bord Stiúrthóir na Cuideachta ("an Bord") sásta go leanfaidh an Chuideachta mar ghnóthas leantach go ceann i bhfad.

Ina thuairim ar cé acu an bhfuil cuntasíocht ar bhonn an ghnóthais leantaigh cuí nó nach bhfuil, thug an Bord aird ar fheidhmeanna CBSÉ mar a leagtar amach in Acht CBSÉ 2014 agus i mBunreacht CBSÉ, agus creideann sé go bhfuil sé réasúnta a cheapadh, mar gheall ar chuspóir na reachtaíochta, go ndéanfaidh an Stát bearta cuí chun a chinntiú go mbeidh an Chuideachta in ann a sainordú a chomhlíonadh. Suibscríobh an tAire Airgeadais le haghaidh tuilleadh scaireanna le luach €25 milliún i mí Feabhra 2017.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

4. Beartais shuntasacha chuntasáochta (ar lean)

4.1 Bonn ullmhúcháin (ar lean)

Is iad feidhmeanna na Cuideachta, i measc nithe eile, creidmheas breise a chur ar fáil agus soláthar creidmheasa bhreise a chur chun cinn ar bhealach stuama chuig fiontair nó daoine eile sa Stát, GBManna go háirithe, agus chun airgeadas a chur ar fáil do thionscadail a chuireann forbairt gheilleagrach an Stáit chun cinn. Tá gníomhaíochtaí na Cuideachta faoi réir tosa riosca, lena n-áirítear riosca creidmheasa, riosca leachtachta, riosca comhchruinnithe agus riosca caipitil. Rinne an Bord athbhreithniú ar na tosa riosca seo agus ar gach eolas ábhartha chun measúnú a dhéanamh ar chumas na Cuideachta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Déanann an Bord agus an Coiste Iníúchta agus Riosca athbhreithniú ar phríomhghnéithe de gníomhaíochtaí na Gníomhaireachta ar bhonn leanúnach agus déanann siad athbhreithniú, nuair is cuí, ar na toimhdí criticiúla a mbuntacaíonn lena straitéisí fadtéarmacha.

Cuirtear na ráitis airgeadais i láthair in euro (€), airgeadra feidhmiúil agus cuir i láthair na Cuideachta. Luaitear na figiúirí a léirítear sna ráitis airgeadais ina mílte €, mura sonraítear a mhalairt. Seasann '000' do mhílte agus seasann 'm' do mhiliúin áit a úsáidtear iad. Mar a cheadaítear le mír 4 i Sceideal 3 d'Acht na gCuideachtaí, 2014, chuir na Stiúrthóirí na socrúithe agus na ceanteidil agus na fo-cheanteidil a éilítear ar shlí eile le Formáid 1 Cuntas Brabúis agus Cailleanais in oiriúint toisc go n-éilíonn gnó speisialta na Cuideachta go ndéanfaí a leithéid d'oiriúinú.

4.2 Bonn tomhais

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil.

4.3 Ioncam agus speansais úis

Aithnítear ioncam agus speansais úis maidir leis na hionstraimí airgeadais go léir sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach ag baint úsáide as an modh Ráta Éifeachtach Uis ("RÉÚ").

Is ionann modh RÉÚ agus modh le costas amúchta sócmhainn airgeadais nó dliteanas airgeadais a ríomh agus an t-ioncam úis nó an speansas úis a dháileadh thar na tréimhse ábhartha airgeadais. Is ionann RÉÚ agus an ráta lena ndéantar íocaíochtaí nó fáltais airgid thirim a lascainiú go beacht thar shaolré ionchais na hionstraime airgeadais go suim ghlanluacha ghlan na sócmhainne airgeadais nó an dliteanais airgeadais. Agus an RÉÚ á ríomh ag an gComhlacht, déanann sé sreafaí airgid a réamh-mheas, ag cur téarmaí conarthacha uile na hionstraime airgeadais san áireamh.

Uair amháin atá sócmhainn airgeadais scríofa anuas mar thoradh ar chailteanas lagaithe, aithnítear ioncam úis ag baint úsáide as an bunráta úis a úsáideadh le sreafaí airgid na todhchaí a lascainiú chun an cailteanas lagaithe a thomhas.

Déantar ioncam úis a fhaightear ó iasachtaí tugtha d'iasachtóirí ar aghaidh a chur i gcuntas mar chuid de gníomhaíochtaí oibríochtúla sa Ráiteas ar Shreafaí Airgid mar gur croí-fheidhm de chuid an Chomhlachta é iasachtú ar aghaidh.

Cuirtear speansais úis a íoctar ar iasachtaí ó chisteoirí i láthair mar chuid de na gníomhaíochtaí oibríochtúla sa Ráiteas ar Shreafaí Airgid. Déantar speansais úis a íoctar ar éarlais airgid thirim agus táirgí bainistithe airgid a chur i láthair mar chuid de na gníomhaíochtaí oibríochtúla agus rangaítear iad mar speansais eile úis i Nóta 6.

4.4 Ioncam eile

Déanann CBSÉ costais a aisghabháil ón Aire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta agus ón Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara, mar oibreoir agus bainisteoir CGS (Nóta 14.7) agus na Scéime Talmhaíochta (Nóta 14.5) faoi seach, bunaithe ar aisíocaíocht na gcostas a thabhaíonn CBSÉ.

Déantar cistiúchán a sholáthraíonn an tAire roimh ré do CBSÉ i gcomhar leis an Scéim Talmhaíochta a scaoileadh don Ráiteas ar Ioncam Cumsitheach de réir mar a thabhaítear costais a bhaineann leis an scéim. Aithnítear an méid i gcomhréir le FRS 102 Alt 24 Deontais ón Rialtas.

4. Beartais shuntasacha chuntasáochta (ar lean)

4.5 Costais inaisíochta le GBCN

De réir alt 10 d'Acht CBSÉ 2014, soláthraíonn GBCN seirbhísí agus córais ghnó agus tacaíochta do CBSÉ mar aon le foireann a shannadh d'fheidhmeanna CBSÉ. Aithnítear costais inaisíochta le GBCN ar bhonn fabhráithe. Aisghabhann GBCN na speansais seo ó CBSÉ de réir costais. Tá tuilleadh eolais ar chostais inaisíochta le GBCN san áireamh i Nóta 8.1.

4.6 Ionstraimí airgeadais

Aithníonn agus tomhaiseann an Chuideachta a sócmhainní airgeadais agus a dlíteanais airgeadais de réir IAS 39 arna cheadú ag FRS 102. Cinneann an Chuideachta aicmiú a cuid ionstraimí airgeadais ag aithint tosaigh.

4.7 Sócmhainní Airgeadais

Iasachtaí agus infháltais

Is ionann iasachtaí agus infháltais agus sócmhainní airgeadais neamhdhíorthacha lena ngabhann íocaíochtaí seasta nó athraithe nach bhfuil luaite i margadh gníomhach. Tráth an aitheantais tosaigh, tomhaistear na hiasachtaí ag luach cóir móide costais incriminteacha idirbhirt dhírigh atá inchurtha go díreach le heisiúint na hiasachta. Tomhaistear ina dhiaidh sin iad de réir costas amúchta trí úsáid a bhaint as Modh an Ghlanráta Úis arna leagan amach i Nóta 4.3.

4.8 Dlíteanais airgeadais

Maoiniú agus iasachtaíochtaí

Is ionann maoiniú agus iasachtaíochtaí agus na hiasachtaí sin arna dtarraingt anuas ag an gCuideachta óna maoinithe d'fhonn tacú lena gníomhaíochtaí iasachtaithe ar aghaidh. Aithníonn an Chuideachta na hiasachtaí seo ina Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais ar an dáta ar tarraingíodh anuas an iasacht. Tomhaistear na hiasachtaí seo i dtosach de réir luach cóir móide costais incriminteacha idirbhirt dhírigh atá inchurtha go díreach le heisiúint an dlíteanais airgeadais. Tomhaistear ina dhiaidh sin iad de réir costas amúchta trí úsáid a bhaint as Modh an Ghlanráta Úis arna leagan amach i Nóta 4.3.

4.9 Dí-aithint sócmhainní agus dlíteanais airgeadais

Dí-aithnítear sócmhainní airgeadais nuair a scoireann na cearta conartha chun an sreabhadh airgid a fháil ó na sócmhainní seo de bheith ann nó nuair a aistrítear na sócmhainní agus nuair a aistrítear go mór gach riosca agus luach saothair úinéireacht na sócmhainní freisin. Dí-aithnítear sócmhainní airgeadais nuair a fhuasclaítear iad nó nuair a mhúchtar ar shlí eile iad.

4.10 Bearnú sócmhainní airgeadais

Measann an Chuideachta, ag deireadh gach tréimhse airgeadais, an bhfuil fianaise oibiachtúil go bhfuil sócmhainn airgeadais nó grúpa sócmhainní airgeadais, tomhaiste ag costas amúchta, bearnaithe.

Maidir le hiasachtaí agus nithe infhaighte, tomhaistear an méid cailteanais mar dhifríocht idir suim ghlanluacha na sócmhainne agus luach reatha an tsreafa mheasta airgid amach anseo, lascainithe ag Glanráta Úis bunaidh úis na sócmhainne airgeadais. Aithnítear suim an chailteanais bhearnaithe sa Ráiteas Ioncam Cuimsitheach.

Déantar measúnú oibiachtúil ar na hiasachtaí do gach iasachtóir ar aghaidh i gcomhair bearnú ag deireadh na tréimhse airgeadais.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

4. Beartais shuntasacha chuntasáochta (ar lean)

4.10 Bearnú sócmhainní airgeadais (ar lean)

Áirítear le fianaise oibiachtúil go bhfuil sócmhainn airgeadais bearnaithe:

- deacracht shuntasach airgeadais an iasachtóra ar aghaidh;
- neamhchomhlíonadh na gcúntant agus na ngealltanais iasachta faoi seach, agus aon téarmaí agus coinníollacha arna gcur i bhfeidhm ag CBSÉ;
- sárúithe conarthacha, cosúil le mainneachtain nó le faillí ar ús nó ar phríomhíocaíochtaí;
- comharthaí go rachaidh an t-iasachtóir ar aghaidh isteach i bhféimheacht nó in atheagrú eile airgeadais.

Aithníonn an CBSÉ ioncam úis tar éis bearnaithe ag úsáid an trí úsáid a bhaint as an ráta úis a úsáideadh chun sreabhadh airgid amach anseo a lascainiú d'fhonn an cailteanas bearnaithe a thomhas. Más rud é, i dtreimhse airgeadais ina dhiaidh sin, go laghdaíonn an cailteanas bearnaithe agus go bhféadtar an laghdú a bhaint go hoibiachtúil le teagmhas a tharlaíonn tar éis aithint an bhearnaithe, aisiompaítear an cailteanas bearnaithe a bhí aitheanta roimhe sin. Aithnítear luach an aisiompaithe sa Ráiteas Ioncam Cuimsitheach.

Sa chás nach bhfuil aon dóchúlacht bhreise ann go ngnóthófar luach anonn iasachta, nó cuid d'iasacht, díscríobhann CBSÉ an méid nach bhfuil inghnóthaithe in aghaidh an chaillteanais lagaithe bhaintigh i.e. sa chas seo, níl aon muirear breise sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach. Ní mór díscríobh méideanna iasachta a bheith faofa ag Bord CBSÉ (nó Coiste údaraithe ábhartha). Laghdaíonn aisghabhálacha ina dhiaidh sin de mhéideanna a díscríobhadh méid an lamháltais do bhearnú iasachta sa Ráiteas Ioncam Cuimsitheach.

4.11 Ráthaíochtaí airgeadais

Is ionann conarthaí ráthaíochta airgeadais agus conarthaí a éilíonn ar an gComhlacht íocaíochtaí sonraithe a dhéanamh leis an sealbhóir a chúiteamh as cailteanas a thabhaíonn sé mar go mainníonn féichiúnaí sonraithe íocaíochtaí a dhéanamh nuair atá siad dlite i gcomhréir le téarmaí ionstraim fiachais. Tá ráthaíochtaí eisithe ag CBSÉ chuig iasachtóirí ar aghaidh i leith na Scéime Talmhaíochta (Nóta 14.5).

Aithnítear na ráthaíochtaí airgeadais sin ar dtús ag luach cóir ar an dáta a thugtar an ráthaíocht. I ndiaidh an chéad aitheantais, déantar dliteanais an Chomhlachta faoi na ráthaíochtaí sin a thomhas ag uasmhéid na suime a aithníodh ar dtús Lúide, nuair is cuí, amúchadh carntha agus an meastachán is fearr den chaiteachas atá de dhíth le haon oibleagáid airgeadais a íoc a eascraíonn mar thoradh ar an ráthaíocht ag deireadh na bliana airgeadais.

Cinntear an meastachán is fearr ar chaiteachas i gcomhréir le CIC 37. Freagraíonn soláthar ráthaíochta airgeadais don chostas a bhaineann le hoibleagáid a íoc, arb ionann é agus an cailteanas measta, bunaithe ar na tosca agus an t-eolas ábhartha go léir atá ar fáil ag an gComhlacht ag deireadh na bliana airgeadais.

Déantar aon méadú nó laghdú ar an dliteanas a bhaineann le ráthaíochtaí airgeadais, seachas íoc glaonna ráthaíochta, a aithint sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach. I gcásanna nuair nach gá soláthar, nochtar dliteanas teagmhasach sna ráitis airgeadais don méid iomlán iníochta faoi chonarthaí ráthaíochta airgeadais CBSÉ (Nóta 22).

4. Beartais shuntasacha chuntasaíochta (ar lean)

4.12 Frithráthaíochtaí

I gcás ina bhfuiltear ag dréim leis an gcaiteachas uile atá de dhíth le dlíteanas ráthaíochta airgeadais a íoc, nó cuid de, a bheith cúitithe le comhaontú frithráthaíochta, aithneofar an cúiteamh nuair atá sé beagnach cinnte go bhfaighfean an cúiteamh sin má íocann an Comhlacht an oibleagáid.

Aithníonn an Comhlacht cúiteamh mar shócmhainn ar leithligh. Déanann an Comhlacht an muirear cailteanais lagaithe do sholáthar na ráthaíochta a ghlanluacháil leis an bpunann inghnóthaithe sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach, Más rud é nach n-aithneofar aisghabháil den sórt sin, ansin nochtfar sócmhainn theagmhásach sna ráitis airgeadais don méid iomlán atá inghnóthaithe faoi chonarthaí frithráthaíochta CBSÉ (Nóta 23). Tá CBSÉ tar éis tabhairt faoi frithráthaíocht leis an gCiste Eorpach Infheistíochta (CEI) i leith na Scéime Talmhaíochta (Nóta 14.5).

4.13 Airgead agus coibhéisí airgid

Is ionann airgead agus coibhéisí airgid agus infheistíochtaí gearrthéarmacha atá an-leachtach agus so-aistrithe go méideanna aitheanta airgid agus atá faoi réir riosca neamshuntasach a bhaineann le hathruithe ar luach.

Iompraítear airgead agus coibhéisí airgid ag costas amúchta sa Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais.

Léirítear sa Ráiteas ar Shreabhadh Airgid na hathruithe ar airgead agus ar choibhéisí airgid a d'eascair as gníomhaíochtaí oibriúcháin, ó ghníomhaíochtaí infheistíochta agus ó ghníomhaíochtaí maoinithe le linn na bliana airgeadais. Tuairiscítear an sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin tríd an modh díreach, ina nochtar cineálacha móra fáiltais chomhlána airgid agus íocaíochtaí comhlána, a úsáid.

4.14 Sócmhainní doláimhsithe

Tá sócmhainní doláimhsithe comhdhéanta de bhogearraí a fuair an Chuideachta. Tomhaistear iad ag costas lúide amúchadh carntha agus aon chailteanais bhearnaithe charntha. Ní chaipitlítear caiteachas ina dhiaidh sin ar shócmhainní bogearraí ach nuair a mhéadaíonn sé tairbhí geilleagair amach anseo atá corpraithe sa tsócmhainn ar leith lena mbaineann siad. Déantar cur síos ar gach caiteachas eile de réir mar a thabhaítear é.

Amúchtar bogearraí sa Ráiteas Ioncaim ar bhunús na líne dhírigh thar a saolré úsáideach mheasta, ón dáta ar a bhfuil siad ar fáil le húsáid. Is ionann saolré úsáideach mheasta bhogearraí reatha CBSÉ agus cúig bliana.

Déantar modhanna amúchta, saolréanna úsáideacha agus luachanna iarmharacha a athbhreithniú ag gach dáta tuairiscithe agus coigeartaítear iad nuair is gá. Glacann CBSÉ leis gurb ionann luach iarmharach a shócmhainní doláimhsithe agus náid ach amháin má tá an méid seo a leanas i gceist:

- (a) Gealltanais ó thríú páirtí an tsócmhainn a cheannach ag deireadh a saolré ionchais; nó
- (b) Tá margadh gníomhach ann don tsócmhainn agus:
 - Is féidir luach iarmharach a chinneadh trí thagairt don margadh sin; agus
 - Is dócha go mbeidh an margadh sin go fóill ann ag deireadh shaolré ionchais na sócmhainne.

Ag gach dáta tuairiscithe, déanann an Chuideachta athbhreithniú ar shuim ghlanluacha a bogearraí chun a chinneadh cé acu atá nó nach bhfuil aon léiriú ar bhearnú ann. Má bhíonn aon táscaire den chineál sin ann, beidh na sócmhainní sin faoi réir athbhreithniú bearnaithe.

Is é atá san athbhreithniú bearnaithe comparáid idir suim ghlanluacha na sócmhainne agus a suim in-aisghabhála. Cinntear an tsuim in-aisghabhála agus an ceann is airde de luach cóir lúide costais diúscartha na sócmhainní agus a luach úsáide. Ríomhtar luach úsáide trí shreafaí airgid infhála tuartha mar thoradh ar úsáid leanúnach na sócmhainne, lena n-áirítear iad siúd a eascraíonn as a diúscairt deiridh, a lascainiú ag ráta margadh-bhunaithe lascaine ar bhonn réamhchánach. Ba chóir go léireofaí measúnú margaidh reatha amluach an airgid sa ráta lascaine seo agus na rioscaí a bhaineann go sonrach leis an tsócmhainn nach bhfuil meastacháin ar shreabhadh airgid sa todhchaí coigeartaithe ina leith.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

4. Beartais shuntasacha chuntasáochta (ar lean)

4.14 Sócmhainní doláimhsithe (ar lean)

Laghdaítear luach iompair na mbogearraí trí mhéid aon bhearnaithe agus aithnítear an cailiteanas sin sa Ráiteas Ioncaim sa tréimhse airgeadais ina dtarlaíonn sé. Féadfar cailiteanas bearnaithe aitheanta roimhe seo a chúlú i bpáirt nó ina iomláine sa chás go dtugtar le fios nach bhfuil an cailiteanas bearnaithe ann a thuilleadh agus go bhfuil athrú sna meastacháin a úsáideadh chun méid in-aisghabhála na sócmhainne a chinneadh. Ní mhéadófar suim ghlanluacha na sócmhainne ach go dtí an méid a shroicheadh sí mura n-aithneofaí an bearnú bunaidh.

4.15 Infháltais eile

Déantar infháltais eile atá dlite lastigh do bhliain amháin a thomhas ag an suim airgead tirim nár lascainiú nó comaoin infháltas ionchasach eile.

4.16 Soláthairtí

Aithnítear soláthar sa chás gur ag an gCuideachta, mar gheall ar theagmhas san am atá thart, atá oibleagáid reatha dhlíthiúil nó inchiallaithe is féidir a mheas go hiontaoifa agus sa chás gur dóigh go mbeidh eis-sreabhadh tairbhí geilleagracha ag teastáil chun an oibleagáid a chomhlíonadh.

Sa chás go bhfuil difear ábhartha i gceist, cinntear soláthairtí trí na sreafaí airgid ionchasacha amach anseo a lascainiú de réir ráta réamhchánach a léiríonn measúnuithe margaidh reatha ar an amluach airgid agus, nuair is cuí, ar na rioscaí a bhaineann go sonrath leis an dliteanas.

4.17 Dlíteanais theagmhasacha

Is dualgais fhéideartha iad dlíteanais theagmhasacha a ndeimhneofar gur ann dóibh trí tharlú teagmhas neamhchinnte amach anseo nó dualgais reatha sa chás nach bhfuil aistriú tairbhe geilleagraí cinnte nó nach féidir meastachán iontaoifa a dhéanamh air. Ní aithnítear dlíteanais theagmhasacha ach nochtar iad sna nótaí leis na ráitis airgeadais ach amháin ná bhíonn an dóchúlacht go n-aistreofaí an tairbhe gheilleagrach fórbheag. Fach Nóta 22.

4.18 Sócmhainn theagmhasach

Is ionann sócmhainní teagmhasacha agus sócmhainní féideartha a eascraíonn as imeachtaí a tharla san am atá caite agus nach féidir a dhearbhu gurb ann dóibh ach amháin má tharlaíonn nó mura dtarlaíonn imeacht neamhchinnte amháin nó níos mó sa todhchaí, imeachtaí nach bhfuil go hiomlán faoi smacht an eintitis. Ní aithnítear sócmhainní teagmhasacha ach nochtar iad sna nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais nuair is dócha go mbeidh insreabhadh de leasanna eacnamaíocha ann. Má bhíonn réadú ioncaim beagnach cinnte ansin aithneofar an tsócmhainn bhainteach. Féach Nóta 23.

4.19 Príomhphearsanra bainistíochta

Is iad comhaltaí an Bhoird, an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus an foireann bainistíocht sinsearach a thuiriscíonn go díreach don Príomhoifigeach Feidhmiúcháin príomhphearsanra bainistíochta sa CBSÉ. Féach Nóta 8.

5. Ioncam úis

	2017 €000	2016 €000
Ús ar iasachtaí agus infháltais	5,527	3,498
Ioncam úis eile	401	-
	5,928	3,498

Baineann ús ar iasacht agus infháltais le hioncam úis ó iasachtaí curtha ar fáil d'iasachtóirí ar aghaidh, Baineann ioncam eile úis in 2017 le hús nialasach a saothraíodh ó na nótaí iasachta €85m eisithe ag an gComhlacht do GBCN (Nóta 24.2).

6. Speansas úis

	2017 €000	2016 €000
Ús ar mhaoiniú agus iasachtaí	343	490
Speansas úis eile	180	122
	523	612

7. Ioncam eile

	2017 €000	2016 €000
Táille riaracháin na Scéime Rátháíochta Creidmheasa a gnóthaíodh	366	286
Táille riaracháin na Scéime Talmhaíochta a gnóthaíodh	741	-
Ús fhíordheontas na Scéime Talmhaíochta a gnóthaíodh	970	-
Ioncam ilchineálach	15	-
	2,092	286

De bhua comhaontú dar dáta an 13 Deireadh Fómhair 2016 (an "Comhaontú Comhair") idir an tAire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta agus CBSÉ, ghlac CBSÉ leis an ról mar oibreoir agus bainisteoir an SRC thar ceann an Aire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta. Faigheann CBSÉ táille ón Aire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta bunaithe ar aisghabháil na gcostas agus na speansas arna dtabhú ag CBSÉ chun na seirbhísí mar atá leagtha amach sa Chomhaontú Comhair a sholáthar. Ní dhéanann CBSÉ aon bhrabús ná cailleanas airgeadais chun na seirbhísí (féach Nóta 14.7).

Faoi chomhaontú idir an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara agus CBSÉ dar dáta an 20 Nollaig 2016 (an "Comhaontú Comhoibríochta Talmhaíochta"), aisghabhálann CBSÉ costais na scéimeanna dá ról mar oibreoir agus bainisteoir na Scéime Talmhaíochta lena n-áirítear costas na bhfíordheontas ráta úis (féach Nóta 14.5).

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

8. Speansais oibriúcháin

	2017 €000	2016 €000
Costais inaisíochta le GBCN (Feic Nóta 8.1)	4,847	3,847
Táillí an Bhoird (Feic Nóta 9)	95	95
Amúchadh (Feic Nóta 11)	231	88
Speansais fóirdheontais úis na scéime talmhaíochta	970	-
Speansais eile	859	789
	7,002	4,819

Cuimsíonn speansais fóirdheontais úis na scéime talmhaíochta speansais tabhaithe ag an gComhlacht agus fóirdheontas ráta úis á chur ar fáil acu d'iasachtóirí rannpháirtíochta ar aghaidh de chuid na Scéime Talmhaíochta.

Cuimsítear le speansais eile gach speansas eile a íocann an Chuideachta go díreach. Cuimsítear iontu sin go príomha costais mhargaíochta agus táillí dlí agus gairmiúla.

8.1 Costais inaisíochta le GBCN

	2017 €000	2016 €000
Costais foirne GBCN	2,271	1,917
Seirbhísí gnó	2,478	1,607
Táillí gairmiúla	68	290
Costais oibriúcháin eile	30	33
	4,847	3,847

Costais foirne GBCN

Áiríodh le costais foirne GBCN luach saothair agus costais eile a bhaineann leis an bhfoireann (costais pinsin san áireamh), ar nós costais foirne sealadaí, costais earcaíochta agus costais oiliúna foirne, a bhaineann le comhaltaí foirne GBCN atá ag obair go díreach le CBSÉ.

Seirbhísí gnó

Cuimsíonn costais sheirbhísí gnó costais tabhaithe le linn na bliana airgeadais i ndáil leis an áitreabh ina bhfuil an Comhlacht agus costas na seirbhísí gnó curtha ar fáil ag GBCN.

8. Speansais oibriúcháin (ar lean)

8.2 Luach Saothair

Éilítear na nochtuithe seo a leanas i dtaca le luach saothair faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016:

8.2.1 Tairbhí comhiomlána fostaithe

	2017 €000
Tairbhí gearrthearma na foirne	1,776
Tairbhí foirceanta	-
Ranníocaíochtaí an fhostóra don leas sóisialta	177
	1,953

Ba é líon iomlan na mball foirne de choibhéis lánaimseartha ag deireadh na bliana ná 18 (2016:16). Tá na costais phinsin tabhaithe ag an gComhlacht le linn na bliana airgeadais, arb ionann agus €0.24m, san áireamh le costais foirne GBCN i Nóta 8.1. Is ionann na costais phinsin atá luaite sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach agus ranníocaíochtaí déanta ag an gComhlacht do scéim GBCN i gcomhréir le moltaí achtúireacha. Níl aon méideanna curtha san áireamh sna ráitis airgeadais sin i dtaca le dlíteanais phinsin. Tá na sócmhainní agus dlíteanais ábhartha aitheanta i gCuntas Riaracháin GBCN.

8.2.2 Tairbhí gearrthearma na foirne

	2017 €000
Bunphá	1,685
Pá a bhaineann le feidhmíocht	53
Liúntais	38
	1,776

8.2.3 Tairbhí foirceanta

	2017 €000
Tairbhí foirceanta	-

8.2.4 Príomhphearsanra bainistíochta

	2017 €000
Táillí an Bhoird agus tairbhí gearrthearma an lucht bainistíochta	1,094
Liúntais	34
Tairbhí foirceanta	-
Árachas sláinte	5
	1,133

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

8. Speansais oibríochta (ar lean)

8.2.4 Príomhphearsanra bainistíochta (ar lean)

Cuimsíonn príomhphearsanra bainistíochta CBSÉ comhaltaí an Bhoird, an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus foireann na hardbhainistíochta a thairiscíonn go díreach don Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin. Tá luach iomlán tairbhí na bhfostaithe leagtha amach thuas (ranníocaíochtaí an fhostóra don leas sóisialta as an áireamh).

Ní áirítear leis sin luach na dtairbhí scoir tuillte le linn na tréimhse. Tá na príomhphearsanra bainistíochta (an Bord as an áireamh) ina mbaill de scéim pinsin GBCN agus ní théann a dteidlíochtaí ina leith sin thar théarmaí scéim eiseamláireach pinsin na seirbhíse poiblí.

8.2.5 Tuarastal agus sochair an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin

Cinntear luach saothair an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin de réir ailt 7(2) agus 8 den Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 1990.

Nicholas Ashmore (Príomhoifigeach Feidhmiúcháin)	2017 €000	2016 €000
Tuarastal bliantúil	250	250
Sochair inchánacha bhliantúla	22	24
Ranníocaíochtaí chun scéimeanna sochar sainithe scor	36	36
	308	310

Níor íocadh aon íocaíocht maidir le feidhmíocht leis an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin i rith na bliana airgeadais, ná sa tréimhse roimhe sin, agus níl aon íocaíocht den sórt sin iníoctha ag deireadh na bliana airgeadais. Áirítear na méideanna a íocadh leis an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin sna costais inaisíoctha le GBCN.

Is ball do scéim pinsin GBCN é an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin agus ní théann a teidlíochtaí thar na teidlíochtaí caighdeánacha i scéim eiseamláireach aoisliúntais le sochar sainithe na hearnála poiblí.

9. Táillí boird agus speansais bhoird

Íoctar táille bhliantúil €15,750 le Stiúrthóirí áirithe, arna sonrú ag an Aire Airgeadais de réir Bhunreacht CBSÉ. Ní bhfuair na Stiúrthóirí aon sochair ná luach saothair eile, lena n-áirítear sochair scoir, mar thoradh ar a gcuid seirbhísí leis an gCuideachta.

	2017 €	2016 €
Barbara Cotter	15,750	15,750
Tom McAleese	15,750	15,750
Rosheen McGuckian	15,750	15,750
AJ Noonan	15,750	15,750
Richard Pelly	15,750	15,750
Eilis Quinlan	15,750	15,750
	94,500	94,500

9. Táillí boird agus speansais bhoird (ar lean)

Ní bhfuair an Cathaoirleach ná an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin aon luach saothair i dtaca lena gcomhaltas ar an mBord. Ní bhfuair Ann Nolan, nó Carmel Foley, ceaptha mar ionadaí anRoinn Airgeadais, aon luach saothair i dtaca lena gcomhaltas ar an mBord.

Déantar speansais cheadaithe a aisíoc le Stiúrthóirí ar bhonn deimhnithe. Baineann speansais le taisteal chun freastal ar chruinnithe in oifigí CBSÉ i mBaile Átha Cliath. I rith na bliana airgeadais, tabhaíodh a leanais i speansais ar an iomlán i ndáil le baill bhoird:

Comhalta Boird	Taisteal €	Loistín €	2017 Iomlán €	2016 Iomlán €
Richard Pelly	1,620	305	1,925	1,332

Áirítear na speansais a íocadh leis na Stiúrthóirí i speansais eile i Nóta 8. Tá an luach saothair díolta leis an Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin san áireamh i Nóta 8.2.5.

10. Muirear cánach

Tá an Chuideachta díolmhaithe ó cháin chorparáide de bhua alt 23(1)(b) d'Acht CBSÉ 2014.

11. Sócmhainní doláimhsithe

	Costas €000	Amúchadh carntha €000	Glanluach de réir na leabhar €000
2017			
Iarmhéid tosaigh an 1 Eanáir 2017	944	(159)	785
Fáltais i rith na bliana airgeadais	348	-	348
Amúchadh don bhliain airgeadais	-	(231)	(231)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2017	1,292	(390)	902

	Costas €000	Amúchadh carntha €000	Glanluach de réir na leabhar €000
2016			
Iarmhéid tosaigh an 1 Eanáir 2016	576	(71)	505
Fáltais i rith na tréimhse airgeadais	368	-	368
Amúchadh don tréimhse airgeadais	-	(88)	(88)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2016	944	(159)	785

Baineann sócmhainní doláimhsithe le bogearraí TF a cheannaigh an Chuideachta i rith na bliana airgeadais. Áirítear amúchadh a gearradh i rith na bliana airgeadais i speansais oibriúcháin sa Ráiteas Ioncaim. Bhí sócmhainní dar luach €25 milliún (2016: €506,000) á bhforbairt ag deireadh na bliana airgeadais agus, dá bhrí sin, ní raibh amúchadh curtha ar bun ar na sócmhainní sin.

Níor tabhaíodh aon chailtleanais bhearnaithe ar na sócmhainní bogearraí i rith na bliana airgeadais.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

12. Iasachtaí agus infháiltais

	2017 €000	2016 €000
iasachtaí d'iasachtóirí ar aghaidh a bhí dlíte laistigh d'aon bhliain amháin	81,438	56,444
iasachtaí d'iasachtóirí ar aghaidh a bhí dlíte tar éis níos mó ná bliain amháin	605,000	600,000
	686,438	656,444

Tá an deighilt idir na hiasachtaí d'iasachtóirí ar aghaidh idir iasachtaí urraithe agus neamhurraithe leagtha amach thíos:

	2017 €000	2016 €000
Urraithe	115,236	55,116
Neamhurraithe	571,202	601,328
	686,438	656,444

Ag deireadh na bliana airgeadais, bhí iasachtaí in eisiúint ag CBSÉ do sheacht gcinn d'iasachtóirí ar aghaidh (2016: seacht gceann). Is bainc iad trí cinn de na hiasachtóirí ar aghaidh sin (2016: trí cinn), agus is soláthraithe airgid neamhbhainc iad ceithre iasachtóir ar aghaidh (2016: ceithre cinn). Is ionann téarmaí fanta iasachtaí na n-iasachtóirí ar aghaidh agus idir 0.5 agus 7.25 bliana agus gearrann CBSÉ ús ag Euribor sé mhí móide corrlach. Measann an Chuideachta, ag deireadh gach bliana airgeadais, an bhfuil fianaise oibiachtúil ann go bhfuil na hiasachtaí iasachtóra ar aghaidh bearnaithe (feic Nóta 4.10). Tar éis measúnú bearnaithe ar na hiasachtaí amhail an 31 Nollaig 2016, chinn an Chuideachta nach raibh aon fhianaise ar bhearnú ann ag an dáta tuairiscithe. Ag deireadh na bliana airgeadais, bhí €91 milliún (2016: €25 milliún) ag an gCuideachta i dtiomantais iasachta nach raibh tarraingthe anuas.

13. Airgead agus coibhéisí airgid

	2017 €000	2016 €000
Iarmhéid ag Citibank	16,736	21,544
Iarmhéid ag Banc Ceannais na hÉireann	58,000	-
	74,736	21,544

As an airgead tirim a bhí i seilbh an Chomhlachta amhail an 31 Nollaig 2017, is ionann €46.3m agus cistiú a cuireadh ar fáil don Chomhlacht leis na costais a chlúdach a bhaineann le hoibriú na Scéime Talmhaíochta agus na Scéime Iasachta Brexit. Feic Nóta 18 chun tuilleadh faisnéise a fháil faoi na scéimeanna sin.

14. Bainistíocht Riosca

Tá sé mar aidhm ag an gCuideachta a bheith feasach ar riosca agus a rioscaí a bhainistiú go gníomhach. Mar gheall ar na gníomhaíochtaí ríthábhachtacha a rinne an eagraíocht agus í a bheith ag brath ar a dea-cháil, leagtar béim láidir ar raon cú rialuithe.

Tá sé mar aidhm ag CBSÉ rioscaí a bhainistiú ar bhealach eolasach agus réamhghníomhach, de réir a goile riosca, ar bhealach a fhágann go bhfuil an leibhéal riosca ag teacht leis an mbunghníomhaíocht ghnó agus go dtuigeann CBSÉ agus go bhfuil sí in ann tionchar riosca a bhainistiú nó a iompar má thagann sé chun críche.

14. Bainistíocht Riosca (ar lean)

Is iad na príomhchatagóirí rioscaí a shainaithníonn agus a bhainistíonn an Chuideachta ina cuid gnó laethúil agus a bhfuil de chumas aige an tionchar ba mhó a bheith ar ráitis airgeadais na Cuideachta, riosca creidmheasa, riosca leachtachta agus riosca margaidh.

Beartas agus Creat um Bainistíocht Riosca

Tá an Bord freagrach as an ngoile riosca a leagan síos agus as maoirseacht a dhéanamh ar ghníomhaíocht bainistíochta riosca agus í a threorú ar fud CBSÉ. Shainordaigh an Bord go gcomhtháthófaí agus go leabófaí bainistíocht riosca i dtionchar agus i gcultúr CBSÉ.

Tá an Coiste Iniúchta agus Riosca freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar fhorfheidhmiú Bheartas agus Chreat Bainistíochta Riosca CBSÉ. Déanann an Coiste Iniúchta agus Riosca iarracht a chinntiú go soláthraíonn samhail rialachais bainistíochta riosca CBSÉ leibhéil neamhspleáchais agus dúshlán atá iomchuí. Tuairiscíonn an Coiste Iniúchta agus Riosca don Bhord go neamhspleách.

Feidhmíonn Beartas agus Creat Bainistíocht Riosca CBSÉ de réir na bprionsabal a leagtar amach sa Chód Cleachtais maidir le Rialachas na gComhlachtaí Stáit 2009.

Braitheann CBSÉ ar na seirbhísí a chuireann GBCN ar fáil do ghnéithe áirithe den bhainistíocht riosca, eadhon:

- Bainistíocht leanúnachas gnó;
- Seirbhísí comhlíonta agus dlí;
- Bainistíocht riosca creidmheasa contrapháirtí chun críocha bainistíocht airgid;
- Seirbhísí iniúchta inmheánaigh.

An chéad líne chosanta:

Tá lucht bainistíochta CBSÉ freagrach as bainistíocht laethúil riosca agus as a chinntiú go mbíonn rialuithe dóthanacha i bhfeidhm agus ag feidhmiú i gceart. Tuairisceoidh an lucht bainistíochta maidir le bainistíocht riosca chuig an gCoiste Iniúchta agus Riosca. Seo a leanas na príomhchéimeanna a úsáidtear sa phróiseas um bainistíocht riosca:

- Na rioscaí ar fad a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar CBSÉ ag baint amach na cuspóirí bunaithe;
- I gcomhair gach riosca, tionchar tosaigh agus dóchúlacht a tharlaithe a chinneadh;
- I gcomhair gach riosca, a chinneadh cibé ar féidir glacadh leis an riosca nó an mbeidh gá é a aistriú, a laghdú nó a sheachaint;
- I gcomhair gach riosca, d'ainneoin a thionchair nó dhóchúlacht a tharlaithe, gníomhartha chun riosca a laghdú a chur san áireamh;
- Athbhreithniú a dhéanamh ar an éifeacht iarmharach agus féidireacht tarlathem chomh maith le sáidús tar éis cuir i bhfeidhm gníomhairí mhaolaitheach an-thabachtach;
- Athbhreithniú agus monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhartha maolaithe ar bhonn leanúnach.

An dara líne chosanta:

Tugann feidhm Riosca CBSÉ agus feidhm Comhlíonta GBCN, maidir le sainréimsí freagrachta, dúshlán agus forbhreathnú neamhspleách chun forfheidhmiú Bheartas agus Chreat Bainistíochta Riosca CBSÉ a chinntiú.

An tríú líne chosanta:

Is í an fheidhm Iniúchta Inmheánaigh an tríú líne chosanta agus soláthraíonn sí deimhniú neamhspleách, réasúnach, riosca-bhunaithe maidir le stóinseacht chóras bainistíochta riosca CBSÉ, maidir le rialachas agus dearadh agus éifeachtacht oibriúcháin thimpeallacht an rialaithe inmheánaigh.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

14. Bainistíocht Riosca (ar lean)

14.1 Riosca creidmheasa

Is é riosca creidmheasa an riosca is suntasaí do ghnó CBSÉ. Is ionann riosca creidmheasa agus an riosca go gcúiseoidh páirtí amháin le hionstraim airgeadais cailteanas don pháirtí eile trí mainneachtain íoc as a oibleagáid. I bhfocail eile, eascraíonn riosca creidmheasa Go príomha as mainneachtain fhéideartha iasachtóir ar aghaidh a iasachtaí a aisíoc go hiomlán le CBSÉ. Tá an Comhlacht nochtta freisin do riosca creidmheasa i leith ráthaíochtaí a eisítear d'iasachtóirí ar aghaidh, agus frithráthaíochtaí faighte ón CEI.

Lena phríomhchuspóirí a bhaint amach agus a shainordú a chomhlíonadh, ní mór do CBSÉ glacadh le leibhéal áirithe riosca creidmheasa. Mar bhunphrionsabal, agus i gcomhréir lena Ráiteas ar Ghoile Riosca, féachann CBSÉ lena dhéanamh ar bhealach stuama a ghlacann leis an leibhéal fosta de riosca creidmheasa is gá lena chuspóirí a bhaint amach. Mar sin de, déanann CBSÉ a nochtadh do riosca creidmheasa a bhainistiú go cúramach agus déantar an riosca sin a thomhas, a mheasúnú agus a rialú i leith gach idirbheart nó aon imeacht creidmheasa a dtugtar faoi.

Déanann CBSÉ iarracht a neamhchosaint ar riosca creidmheasa a íoslaghdú trí thabhairt faoi phróiseas fairsing díchill chuí roimh aon chinntí iasachtaíhe nó rathaíocht a chuir ar fáil. Áirítear i bpróiseas um bainistíocht riosca creidmheasa na Cuideachta na nithe seo a leanas:

- measúnú cuimsitheach ar gach iasachtóir ar aghaidh ionchais, a bhainistíocht, chumas oibriúcháin, thaithí foscúrofa creidmheasa, fheidhmíocht airgeadais, bhainistíocht riosca, chórais, thairiscint táirge agus chuma aisíocaíochta;
- cuairteanna ar an suíomh agus cruinnithe duine le duine le bainistíocht;
- measúnú ar fheidhmíocht airgeadais an iasachtóra ar aghaidh ionchais trí thagairt don fhaisnéis atá ar fáil, lena n-áirítear cuntais iniúchta, cuntais bhainistíochta agus meastacháin airgeadais;
- dícheall cuí tráchtála neamhspleách i dtaca le soláthraithe maoinithe neamhbhainc;
- dícheall cuí dlíthiúil neamhspleách;
- anailís ar chumas aisíocaíochta iasachtóra ar aghaidh, lena n-áirítear léiriú soiléir agus réasúnach ar chumas iasachtóra ar aghaidh a dhualgais a shásamh agus fiacha CBSÉ a íoc ina n-iomláine;
- athbhreithniú riosca agus ceadú Cheannasaí Riosca CBSÉ le haghaidh gach iasachtóra ar aghaidh féideartha;
- comhthaobhacht imleor a fháil i dtaca le hiasachtaí (nuair is iomchuí), lena n-áirítear urrú de mhúirear seasta nó comhlúthach thar shócmhainní an iasachtóra contrapháirte;
- tá gach cinneadh creidmheasa forchoimeáda don Bhord, nó do choistí iomchuí an Bhoird;
- monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach ar áiseanna creidmheasa;
- athbhreithniú rialta ar chomhlíonadh na gcúnant agus na ngealltanas gabháltais faoi seach, agus aon téarmaí agus coinníollacha arna gcur i bhfeidhm ag CBSÉ;
- próiseas athbhreithnithe foirmiúil ar iasachtóirí contrapháirte a chuirtear i gcrích ar bhonn bliantúil, ar a laghad, maidir le gach iasachtóir ar aghaidh faofa;
- measúnú ar riachtanais cúlbhannaí i gcomhthéacs roinnt tosca lena n-áirítear láidreacht airgeadais an iasachtóra ar aghaidh;
- teacht ar fhrithráthaíocht agus nó airgead tirim ar son cúlchistí cailteanais le dliteanais rathaíocht CBSÉ a chlúdach go hiomlán nó i bpáirt.

Is ionann an uas-neamhchosaint ar riosca creidmheasa do shócmhainní airgeadais ag a bhfuil riosca creidmheasa amhail an 31 Nollaig 2017 agus €869.5m (2016: €928.9m). Cuirtear an uas-neamhchosaint sin ar riosca creidmheasa i láthair trí aicme na hionstraime airgeadais thíos agus áirítear leis freisin tiomantais iasachta na Cuideachta ag deireadh na bliana airgeadais:

14. Bainistíocht Riosca (ar lean)

14.1 Riosca creidmheasa (ar lean)

	2017 €000	2016 €000
Iasachtaí agus infháltais	686,438	656,444
Airgead agus coibhéisí airgid	74,736	21,544
	761,174	677,988
Tiomantais iasachta	91,000	251,000
Rathaíochtaí (féach Nóta 22)	17,280	-
	869,454	928,988

Leagtar amach sa tábla thíos cáilíocht chreidmheasa shócmhainní airgeadais na Cuideachta. Tá an anailís bunaithe ar rátálacha Standard & Poor nuair is infheidhmithe.

	2017 €000	2016 €000
AAA	58,000	-
A+	16,736	21,544
BBB go BB+	571,202	601,328
Gan rátáil	115,236	55,116
	761,174	677,988

14.2 Riosca leachtachta

Is ionann riosca leachtachta agus an riosca a bhaineann le neamhábaltacht na Cuideachta gach ceann dá hoibleagáidí airgeadais a chomhlíonadh mar agus nuair a bhíonn siad dlite. Is é sin an riosca cailleanais a eascraíonn as cás nach mbeidh dóthain airgid ann chun oibríochtaí laethúla a mhaoiniú. Áirítear le próiseas bainistíochta riosca leachtachta na Cuideachta:

- Cloí le Beartas Bainistíochta Riosca Leachtachta agus Margaidh CBSÉ agus teorainneacha gaolmhara;
- Bainistíocht maoinithe laethúil, lena n-áirítear monatóireacht ar shreafaí ionchais airgid amach anseo, e.g. ceangaltais iasachta amach anseo, chun a chinntiú go bhféadtar riachtanais a chomhlíonadh de réir mar a bhíonn siad dlite;
- Bainistíocht sócmhainní agus dliteanas trí mhonatóireacht a dhéanamh ar an bpróifíl aibíochta laistigh de Ráiteas na Cuideachta ar an Staid Airgeadais chun a chinntiú go gcoimeádtar acmhainní leordhóthanacha airgid agus/nó go mbunaítear maoiniú i gcásanna gur dócha go dtarlóidh mí-oiriúnuithe, rud a íoslaghódh tionchar an eis-sreafa leachtachta;
- A riosca leachtachta a bhainistiú trí phróifíl aibíochta a sócmhainní agus dliteanas a ailíniú, a mhéad agus is indéanta, chun riosca athmhaoinithe a dhíbirt a mhéad agus is féidir. Faigheann CBSÉ maoiniú fadtéarma ar ráta comhlúthach óna maoinitheoirí, agus nuair is féidir cuireann sí struchtúir ar éirim agus ar sceideal aisíocaíochta a hiasachtaí chun an próifíl aibíochta mhaoinithe sin a léiriú;
- Maolán leachtachta airgid a chothabháil le dul i ngleic le haon riachtanais leachtachta ghearrthéarma a thiofadh chun cinn.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

14. Bainistíocht Riosca (ar lean)

14.2 Riosca leachtachta (ar lean)

Tá achoimre sa tábla thíos ar uainiú na n-aisíocaíochtaí conarthachta atá dlite ag an gCuideachta. Cuirtear na méideanna i láthair anseo go gan lascaine. Áirítear dlíteanais eile de €47 milliún (2016: €14.3m) (Féach Nóta 18) ann freisin. Cuimsítear i méideanna inaisíochta "tráth nach déanaí ná 1 bhliain amháin" ús fabhrathie agus dlíteanais eile, cuimsítear i méideanna iníochta "níos mó ná 1 bhliain amháin" aisíocaíochtaí ar phríomhíasachtaí le maoinitheoirí.

	Tráth nach déanaí ná 1 bhliain amháin €000	1-5 bliana €000	Os cionn 5 bliana €000	Iomlán €000
2017				
Aisíocaíochtaí dlite	58,618	443,972	229,489	732,079

	Tráth nach déanaí ná 1 bhliain amháin €000	1-5 bliana €000	Os cionn 5 bliana €000	Iomlán €000
2016				
Aisíocaíochtaí dlite	14,461	349,103	310,897	674,461

14.3 Riosca margaidh

Is é atá i gceist le riosca margaidh an riosca go luaineoidh luach cóir nó sreafaí airgid amach anseo ionstraim airgeadais de bharr athruithe ar phraghsanna an mhargaidh. Tá riosca margaidh comhdhéanta de riosca ráta úis agus riosca airgeadra. Eascraíonn rioscaí margaidh ó shuíomhanna oscailte i dtáirgí ráta úis nó airgeadra, atá neamhchosanta ar ghluaiseachtaí ginearálta agus sonracha margaidh, agus ar athruithe ar leibhéal luaineachta rátaí úis. Bainistíonn CBSÉ a riosca margaidh de réir Bheartas um Bainistíocht Riosca Leachtachta agus Margaidh CBSÉ agus teorainneacha gaolmhara.

Riosca ráta úis

Tá an Chuideachta neamhchosanta ar riosca ráta úis ar a cuid iasachtaí agus infháltais agus ar a hairgead agus coibhéisí airgid. Nuair is féidir, léiríonn áiseanna iasachtaithe CBSÉ próifíl riosca ráta úis na gcomhaontuithe iasachtaithe bunúsacha d'fhonn eachtraí neamhréirí ráta úis ábhartha a íoslaghdú. Aithneoidh agus déanfaidh CBSÉ monatóireacht agus bainistíú ar aon riosca iarmharach.

Mar gheall go bhfuil próifíl riosca reatha CBSÉ do mhaoiniú agus iasachtú ar aghaidh ar bhonn ráta comhlúthach sé mhí, áfach, tá a neamhchosaint ar riosca ráta úis teoranta. Seach-chuirtear go mór aon mhíréirí a eascraíonn mar go n-athshocraítear rátaí úis. I gcás míréirí athshocraithe mór nó i gcás nach ionann bunúis na socruithe, lorgóidh CBSÉ na seasaimh sin a fhálú.

Leagtar amach thíos na méideanna atá neamhchosanta ar riosca ráta úis amhail an 31 Nollaig 2017:

	2017 €000	2016 €000
Sócmhainní Airgeadais		
Airgead agus coibhéisí airgid	74,736	21,544
Iasachtaí agus infháltais	686,438	656,444
	761,174	677,988

14. Bainistíocht Riosca (ar lean)

14.3 Riosca margaidh (ar lean)

Dlíteanais airgeadais	2017 €000	2016 €000
Maoiniú agus iasachtaí	685,098	660,122

Riosca airgeadra

Níl CBSÉ neamhchosanta go díreach ar riosca airgeadra, mar go ndéantar a gníomhaíochtaí maoinithe agus iasachta ar fad in euro.

14.3.1 Tomhas riosca margaidh

Íogaireacht riosca ráta úis

Ní gá go léiríonn eolas a sholáthraítear san anailís íogaireachta an t-athrú iarbhir ar luach cóir a thabhdh an Chuideachta faoi ghnáthchoinníollacha margaidh mar, de bharr teorainneacha praiticiúla, coimeádtar gach athróg, seachas an toisc shonrach riosca margaidh, seasmhach.

Léirítear sa tábla seo a leanas an íogaireacht ráta úis a eascraíonn as méadú nó laghdú de 50 bonnphointe ar an ráta úis (Ráta Tairgthe Idirbhainc an Euro sé mhí). Tomhaistear an riosca mar thionchar an ghlanluacha reatha, ar shreafaí airgid na n-iasachtaí infhaighte agus iníoctha mar thoradh ar an athrú sin ar rátaí úis. Tá na rátaí úis leagtha síos amhail an 31 Nollaig 2017.

Anailís Íogaireachta Ráta Úis – bogadh 50bp

2017	+50bp €000	-50bp €000
Glantionchar ar shreabhadh airgid	(340)	546
2016	+50bp €000	-50bp €000
Glantionchar ar shreabhadh airgid	(520)	779

Níl na híogaireachtaí ráta úis siméadrach mar gheall ar roinnt tosca, lena n-áirítear próifíl aibíochta na punainne agus dátaí íocaíochta úis na n-iasachtaí. Bainistítear próifíl aibíochta na punainne go gníomhach agus athróidh sí le himeacht aimsire.

14.4 Bainistíocht caipitil

Níl an Chuideachta faoi réir riachtanais chaipitil arna gcur i bhfeidhm go seachtrach. Tá an Chuideachta tiomanta do chinntiú go bhfuil dóthain caipiteal aici mar go bhfuil riosca ann nach mbeadh an Chuideachta in ann aon chaillteanais chreidmheasa féideartha a iompar mar gheall ar bhainistíocht mhíchuí ar a caipiteal. Is ionann scairchaipiteal íoctha CBSÉ amhail an 31 Nollaig 2017 agus €35 milliún, a chuir scairsheatbhóir aonair CBSÉ, an tAire Airgeadais, ar fáil. Anuas air sin, bhí caipiteal inghlaoite €215 milliún ar fáil do CBSÉ ar féidir léi a ghlaoch dá lánrogha ón Aire Airgeadais, arna fhoráil in Acht CBSÉ 2014.

Áirítear le próiseas um bainistiú riosca caipitil na Cuideachta cloí leis na riachtanais faoi leordhóthanacht caipitil i Ráiteas CBSÉ ar Fhonn Riosca lena chinntiú go mbíonn dóthain caipiteal aici chun aon chaillteanais fhéideartha a iompar. Déanann an Bord athbhreithniú ar an leogacht chaipitil mar chuid dá athbhreithniú rialta ar thuairisciú riosca ag gach cruinniú sceidealaithe den Bhard.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

14. Bainistíocht Riosca (ar lean)

14.5 Scéim Iasachta Talmhaíochta chun Tacú le Sreabhadh Airgid (“Scéim Talmhaíochta”)

Ghlac CBSÉ páirt i gcomhaontú leis an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara ar an 20 Nollaig 2016 (an “Comhaontú Comhoibríochta Talmhaíochta”) faoina bhfuair CBSÉ airgead tirim de luach €25m ón Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara chun tacú le cruthú agus oibríocht na Scéime Talmhaíochta.

Faoin Scéim Talmhaíochta, tá ráthaíochtaí creidmheasa eisithe ag CBSÉ d’institiúidí rannpháirteacha i leith iasachtaí tugtha ag na hinstiúidí do FBManna talmhaíochta. Clúdaíonn ráthaíochtaí CBSÉ 80% de chailteanais creidmheasa cás ar chás, faoi réir chaidhp phunainne foriomlán de 15% agus punann uasta de €150m. Mar thoradh, ag deireadh na bliana airgeadais, tá dlíteanas teagmhasach de €18m ag an gComhlacht a bhaineann le cailteanais chreidmheasa féideartha atá clúdaithe faoin scéim. Tá an dlíteanas teagmhasach sin de €18m fritháirithe go páirteach le comhaontú frithráthaíochta ón CEI de luach €6m, agus le hairgead tirim de luach €10.5m atá i seilbh mar chúiciste cailteanais (ón €25m a fuarthas ón Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara). Úsáidtear iarmhéid an chistiúcháin a fuarthas ón Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara (€14.5m) le fóirdheontais ráta úis a íoc leis na hinstiúidí rannpháirteacha, a thugtar ar aghaidh ina n-iomláine do na FBManna is iasachtaithe, agus le CBSÉ a chúiteamh as na costais a bhaineann leis an scéim a riaradh agus a oibriú.

Is ionann nochtadh glan CBSÉ do chailteanais chreidmheasa faoin Scéim Talmhaíochta agus €1.5m, ag cur san áireamh an €6m de frithráthaíocht agus an €10.5m de chistiúchán cúlchiste cailteanais ón Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara.

14.6 Scéim Iasachta Brexit

Ghlac CBSÉ páirt i gcomhaontú leis an Aire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta ar an 15 Nollaig 2017 (an “Comhaontú Comhoibríochta maidir le Scéim Iasachta Brexit”), faoina dtug na hAirí €23m do CBSÉ lena úsáid i Scéim Iasachta Brexit chun tacú le fiontair a mbeidh tionchar ag Brexit orthu.

Faoin Scéim Iasachta Brexit, tá CBSÉ ag dréim le ráthaíochtaí creidmheasa a eisiúint d’institiúidí rannpháirteacha i leith iasachtaí do ghnóthais a mbeidh tionchar ag Brexit orthu. Clúdóidh ráthaíochtaí CBSÉ 80% de chailteanais creidmheasa cás ar chás, faoi réir phunann uasta de €300m. Ní raibh tús curtha le hoibriú na scéime ag deireadh na bliana airgeadais, agus ní raibh aon ráthaíocht eisithe. Tá an CBSÉ tar éis páirt a ghlacadh i gcomhaontú frithráthaíochta leis an gCiste Infheistíochta Eorpach le 50% dá nochtadh ráthaíochta a fhritháireamh. Tá an cistiú de €23m a fuarthas ó na hAirí le húsáid chun cailteanais creidmheasa a bhfuiltear ag dréim leo a chlúdach agus le CBSÉ a chúiteamh as na costais a bhaineann leis an scéim a riaradh agus a oibriú.

14.7 Scéim Ráthaíochta Creidmheasa (“SRC”)

Is é CBSÉ oibreoir agus bainisteoir na scéimeanna uile a chruthaítear faoi na hAchtanna um Ráthaíocht Chreidmheasa 2012 agus 2016 thar ceann an Aire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta. Níl aon nochtadh riosca creidmheasa ag CBSÉ do na ráthaíochtaí creidmheasa eisithe faoi na Scéimeanna sin. Is ról riaracháin amháin é ról CBSÉ agus déanann CBSÉ an riosca oibríochtaí a eascraíonn as próiseáil focaíochtaí agus éileamh a bhainistiú faoina phróisis agus nósanna imeachta inmheánacha (féach Nóta 7).

14.8 Riosca comhchruinnithe

Is é is riosca comhchruinnithe ann an riosca go nochtfaí an Chuideachta le haon neamhchosaint nó grúpa neamhchosaint a bhfuil sé de chumas acu bheith ina gcúis le cailteanais sách mór chun cumas na Cuideachta le leanúint ag feidhmiú mar ghnóthas leantach a bhagairt.

Bainistíonn an Chuideachta an riosca sin trí chloí leis na teorainneacha arna leagan amach sa Ráiteas ar Fhonn Riosca a d’fhaomh an Bord agus atá faoi réir athbhreithniú rialta an Bhoird. Sainmhínítear sa Ráiteas ar Fhonn Riosca na huasmhéideanna áiseanna creidmheasa a thiomáinfeadh do chatagóirí áirithe iasachtóra, i dtéarmaí iomlána agus go coibhneasach le háiseanna creidmheasa tiomanta foriomlána CBSÉ. Téitear i ngleic sa Ráiteas ar Fhonn Riosca chomh maith leis an riosca comhchruinnithe i measc mhaoinitheoirí CBSÉ tríd an uas-chomhchruinniú ceadaithe i dtéarmaí neamhchosaint le haon mhaoinitheoir amháin a shainmhíniú.

14. Bainistíocht Riosca (ar lean)

14.8 Riosca comhchruinnithe (ar lean)

Tá sé i gceist go gcinnteofaí leis na bearta seo go bhfuil punann fhoriomlán na próifíle riosca sách éagsúil, agus nach bhfuil an iomarca neamhchosanta ar aon chomhchruinniú riosca inti.

Tá príomh-chomhchruinniú tíreolaíoch shócmhainní riosca na Cuideachta in Éirinn, agus baineann príomh-chomhchruinniú earnála an riosca le hinstiúidí airgeadais agus neamhairgeadais, a eascraíonn as a sainordú reachtúil chun creidmheas a chur ar fáil d'aonáin agus do dhaoine sa Stát, arna leagan amach in Acht CBSÉ 2014. Is ionann neamhchosaint riosca comhchruinnithe tíreolaíoch na Cuideachta óna cuid iasachtaí agus infháltais agus €686.4 milliún (2016: €656.4m).

Tá príomh-chomhchruinniú dliteanais na Cuideachta le maoinitheoirí Éireannacha agus Eorpacha.

15. Luach cóir sócmhainní agus dliteanais airgeadais

15.1 Luach iompair i gcomparáid le luach cóir

Déantar achoimre sa tábla thíos ar shuimeanna glanluacha agus ar luachanna córa na sócmhainní agus na ndliteanas airgeadais nach gcuirtear i láthair ar Ráiteas na Cuideachta ar an Staid Airgeadais ag a luach cóir. Ní thomhaistear ceann ar bith de na sócmhainní ná dliteanais i Ráiteas na Cuideachta maidir leis an Staid Airgeadais ag luach cóir.

Leibhéal 1 – sócmhainní agus dliteanais airgeadais arna dtomhas le praghsanna luaite margaidh (neamhchoigeartaithe).

Leibhéal 2 – sócmhainní agus dliteanais airgeadais arna dtomhas le teicnící luachála ina n-úsáidtear sonraí margaidh inbhraite.

Leibhéal 3 – sócmhainní agus dliteanais airgeadais arna dtomhas le teicnící luachála ina n-úsáidtear sonraí margaidh dobhraite.

Tomhaistear luachanna cóir na n-ionstraimí airgeadais de réir an ordlathais luacha chóir seo a leanas:

2017	Luach	Leibhéal 1	Leibhéal 2	Leibhéal 3	Luach
Sócmhainní Airgeadais	iompair	€000	€000	€000	cóir
	€000	€000	€000	€000	€000
Airgead agus coibhéisí airgid	74,736	74,736	-	-	74,736
lasachtaí agus infháltais	686,438	-	686,438	-	686,438
2016	Luach	Leibhéal 1	Leibhéal 2	Leibhéal 3	Luach
Sócmhainní Airgeadais	iompair	€000	€000	€000	cóir
	€000	€000	€000	€000	€000
Airgead agus coibhéisí airgid	21,544	21,544	-	-	21,544
lasachtaí agus infháltais	656,444	-	656,444	-	656,444
2017	Luach	Leibhéal 1	Leibhéal 2	Leibhéal 3	Luach
Sócmhainní Airgeadais	iompair	€000	€000	€000	cóir
	€000	€000	€000	€000	€000
Maoiniú agus iasachtaí	685,098	-	685,098	-	685,098
2016	Carrying	Leibhéal 1	Leibhéal 2	Leibhéal 3	Luach
Sócmhainní Airgeadais	Value	€000	€000	€000	cóir
	€000	€000	€000	€000	€000
Maoiniú agus iasachtaí	660,122	-	660,122	-	660,122

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

15. Luach cóir sócmhainní agus dliteanais airgeadais (ar lean)

15.2 Prionsabail tomhais an luacha chóir

lasachtaí agus infháltais agus maoiniú agus iasachtaí

Tá luach cóir na n-ionstraimí airgeadais seo cothrom lena luach iompair de bharr chuspóir/chineál sainmhínithe na n-áiseanna seo. Tá an luach iompair ag costas amúchta.

16. Infháltais eile

	2017 €000	2016 €000
Aisíocaíochtaí dlite	-	25
Táille riaracháin atá dlite ar an Scéim Ráthaíochta Creidmheasa	87	286
Ús infhaighte	34	-
	121	311

Baineann aisíocaíochtaí dlite le speansais a thabhaigh an Chuideachta agus a d'íoc sí trí athbhreithnithe ar dhícheall cúí a dhéanamh ar na hiasachtóirí ar aghaidh nach mór don iasachtóir ar aghaidh a íoc ar ais leis an gCuideachta. Baineann ús infhaighte le hús diúltach saothraithe ar €85m nótaí iasachtach eisithe cguig an GBCN ag an Cuideachta agus tá siad infhaighte ag deireadh na bliana.

17. Maoiniú agus iasachtaí

	2017 €000	2016 €000
Maoiniú agus iasachtaí iníoctha laistigh de bhliain amháin	11,637	122
Maoiniú agus iasachtaí iníoctha tar éis níos mó ná bliain amháin	673,461	660,000
	685,098	660,122

Ráthaigh an tAire Airgeadais na hiasachtaí maoinithe seo, cé is moite de mhaoiniú arna sholáthar ag an gCiste Infheistíochta Straitéisí d'Éirinn ("CISÉ"), arna bhforáil faoi alt 18 d'Acht CBSÉ 2014.

Bhí iasachtaí dlite ag CBSÉ le ceathair mhaoinitheoir ag deireadh na bliana airgeadais (2016: cúig mhaoinitheoir). Is institiúidí airgeadais Eorpacha iad trí cinn de na maoinitheoirí sin agus is GBCN an ceann eile. Is ionann téarmaí fanta na n-iasachtaí seo agus idir 0.75 agus 8 mbliana agus tabhaíonn CBSÉ ús ag Euribor sé mhí móide corrlach. I gcás fiachais níos faide ná cúig bliana, is meascán d'aisíocaíochtaí bunairgid leathbhliantúla agus cnap-aisíocaíochtaí iad na haisíocaíochtaí ag brath ar théarmaí an chomhaontaithe maoinithe is infheidhme.

Ag deireadh na bliana airgeadais, bhí €530 milliún (2016: 580 milliún) ag an gcuideachta i saoráidí maoinithe nach raibh tarraingthe anuas.

18. Dlíteanais eile

	2017 €000	2016 €000
Iníochta leis an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara – Scéim Talmhaíochta	23,289	13,914
– Scéim Brexit	9,000	-
Aire Gnó, Fiontar agus Nuálaíocht – Scéim Brexit	14,000	-
Méideanna atá dlite do GBCN	523	214
Dlíteanais eile	169	203
	46,981	14,331

Mar a leagtar amach i Nóta 14.5, thug an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara €25 ar iasacht do CBSÉ lena úsáid sa Scéim Talmhaíochta chun tacú le FBManna san earnáil talmhaíochta in Éirinn. Aithníodh €1.7 milliún d'ioncam eile le linn na bliana (féach Nóta 7), rud a d'fhág iarmhéid de €23.3 milliún. Tá cistí nár úsáideadh le linn saolré na Scéime in-aisíochta leis an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara. Tá cistí a tugadh mar iasacht faoin Scéim Talmhaíochta rangaithe mar dhlíteanas deontais faoi FRS 102 Alt 24.

Mar an gcéanna, faoi chomhaontú idir an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara, an tAire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta agus CBSÉ dar dáta an 15 Nollaig 2017, (an “Comhaontú Comhoibrithe maidir le Scéim Iasachta Brexit”), thug an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara agus an tAire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta €23 milliún do CBSÉ lena úsáid i Scéim Iasachta Brexit chun tacú le fiontair a mbeidh tionchar ag Brexit orthu. Ní raibh aon chistí úsáidte amhail an 31 Nollaig 2017 mar nach raibh an Scéim seolta. Tá cistí nár úsáideadh le linn saolré na Scéime in-aisíochta leis an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara agus leis an Aire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta.

19. Anailís aibíochta ar sócmhainní agus ar dhlíteanais

Léirítear sa tábla thíos miondealú na sócmhainní agus na ndlíteanais sin ina bhfuil gné neamhreacha a bhfuil ceart conartha aici le haisghabháil nó le socrú níos mó ná 12 mhí tar éis an dáta tuairiscithe. Léiríonn méideanna reatha na méideanna sin a bhfuiltear ag súil le haisghabháil nó le socrú laistigh de 12 mhí le haghaidh gach sócmhainne agus dlíteanais.

2017	Reatha €000	Neamhreacha €000	Iomlán €000
Sócmhainní Airgeadais			
iasachtaí agus infháltais	81,438	605,000	686,438
Dlíteanais airgeadais			
Maoiniú agus iasachtaí	11,637	673,461	685,098
2016	Reatha €000	Neamhreacha €000	Iomlán €000
Sócmhainní Airgeadais			
iasachtaí agus infháltais	56,444	600,000	656,444
Dlíteanais airgeadais			
Maoiniú agus iasachtaí	122	660,000	660,122

Tugtar tuilleadh sonraí i Nóta 14.2 maidir le hamscála tuartha shocrú an mhaoinithe agus na n-iasachtaí sin atá dlite lena aisíoc níos mó ná 12 mhí tar éis an dáta tuairiscithe.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

20. Luach saothair iniúchára

	2017 €000	2016 €000
Iniúchadh ar ráitis airgeadais	29	27

Ní thugann an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste (mar iniúcháir seachtrach) aon ráthaíocht, comhairle chánach ná aon seirbhísí neamhniúchta eile do CBSÉ.

21. Gnáthscair

Is ionann scairchaipiteal údaraithe na Cuideachta agus €250,000,000 arna roinnt ina 250,000,000 scair de luach €1.00 an ceann. De réir alt 11 d'Acht CBSÉ 2014, féadfar scairchaipiteal údaraithe na Cuideachta a mhéadú chuig méid eile, suas le huasmhéid €1,000,000,000 de réir mar a chinnfidh an tAire Airgeadais é de réir ordú ó am go ham.

I mí Feabhra 2017 ar iarratas an Bhoird, d'esigh and Chuideachta 25 milliún gnáthscair €1 an ceann chuig an Aire. Díoladh ar na scaireanna tríd comhshóiteacht iasacht Ciste Infheistíochta Staitéisí d'Éirinn go cothromais.

Amhail an 31 Nollaig 2017, shuibscríobh an tAire Airgeadais le haghaidh 35,000,000 (2016:10,000,000) de scaireanna údaraithe na Cuideachta, agus eisíodh dó iad.

22. Dlíteanais theagmhasacha

Faoi thearmaí na Scéime Talmhaíochta tá ráthaíochtaí páirteacha caidheáilte eisithe ag an gComhlacht chuig na hiasachtóirí rannpháirteacha ar aghaidh chun 80% de chailteanais chreidmheasa a chlúdach cás ar chás, faoi réir chaidhph phunainne foriomlán de 15%, agus punann uasta de €150m. Mar thoradh, ag deireadh na bliana airgeadais, tá dlíteanais teagmhasach ag an gComhlacht de €18m, a bhaineann le cailteanais chreidmheasa ráthaíochta airgeadais clúdaithe faoin scéim.

23. Sócmhainní teagmhasacha

Tá an CBSÉ tar éis páirt a ghlacadh i gcomhaontú frithráthaíochta leis an gCiste Infheistíochta Eorpach le ráthaíochtaí CBSÉ a fhritháireamh go páirteach faoin Scéim Talmhaíochta. Is é luach na frithráthaíochta €6m agus tá téarmaí agus coinníollacha na frithráthaíochta sin ag teacht le ráthaíocht CBSÉ do na hiasachtóirí ar aghaidh. Mar sin, tá sócmhainn de suas le €6m ag CBSÉ bunaithe ar eisiúint iomlán de €150m a bhain leis an scéim ag deireadh 2017.

24. Nochtadh Páirtithe Gaolmhara

24.1 Páirtithe gaolmhara

An tAire Airgeadais

Is leis an Aire Airgeadais amháin scairchaipiteal eisithe CBSÉ. Féadfar scairchaipiteal údaraithe na Cuideachta a mhéadú chuig méid eile, suas le huasmhéid €1,000,000,000, de réir mar a chinnfidh an tAire Airgeadais é de réir ordú ó am go ham de bhun alt 11 d'Acht CBSÉ 2014.

GBCN

Tugann GBCN seirbhísí foirne agus tacaíochta gnó do CBSÉ. Gearrtar na táillí a thabhaíonn GBCN ar CBSÉ, de réir théarmaí an Chomhaontaithe Leibhéal Seirbhíse idir CBSÉ agus GBCN. Ina theannta sin, soláthraíonn GBCN foinsé maoinithe do CBSÉ.

24. Nochtadh Páirtithe Gaolmhara (ar lean)

24.1 Páirtithe gaolmhara (ar lean)

Aonáin eile faoi riail an Rialtais

Is páirtithe gaolmhara de CBSÉ iad an Ciste Infheistíochta Straitéisí d'Éirinn ("CISÉ"), Banc Ceannais na hÉireann, Banc-Aontas Éireann PLC agus an Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní ("GNBS") mar go bhfuil gach ceann faoi riail an Aire Airgeadais.

Airí agus Ranna Rialtais

Is páirtithe gaolmhara de CBSÉ iad an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara agus an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta, agus a gcuid Airí faoi seach, mar go bhfuil an dá Roinn sin faoi riail Stát na hÉireann agus is é an Stát úinéir na Cuideachta sa deireadh thiar.

Príomhphearsanra bainistíochta

Nochtar príomhphearsanra bainistíochta sa CBSÉ i Nótaí 8.

24.2 Idirbhearta agus iarmhéideanna le páirtithe gaolmhara

Áis Iasachta an Aire Airgeadais agus CISÉ

I mí Feabhra 2017 ar iarratas an Bhoird, d'eisigh an Chuideachta 25 milliún gnáthscair €1 an ceann chuig an Aire. Díoladh ar na scaireanna tríd comhshóiteacht iasacht Ciste Infheistíochta Staitéisí d'Éirinn go cothromais. Tá iarmhéid nialas (2016: €25m) ar áis iasachta CISÉ san am i láthair, agus tá €215m maoiniú tiomanta ar fáil faoin áis.

Athmhúirear GBCN

Tabhaíonn GBCN costais as reáchtáil CBSÉ, costais a athghearrann siad ar an gCuideachta. B'ionann iomlán na gcostas sin don bhliain airgeadais agus €4.8 milliún (2016: €3.8 milliún). Nochtar i Nóta 8 tuilleadh sonraí ar na costais sin. Tá €0.5 milliún (2016: €0.2 milliún) iníoctha le GBCN ag deireadh na bliana airgeadais.

Bogearraí arna bhforbairt ag GBCN

Cheannaigh CBSÉ bogearraí arna bhforbairt go himmheánach ag GBCN ar chostas €0.3 milliún (2016: €0.4 milliún) i rith na tréimhse airgeadais. Baineann €15,000 (2016: €47,000) den €0.5 milliún iníoctha le GBCN ag deireadh na bliana airgeadais le ceannach bogearraí.

Saoráid Iasachta GBCN

Bhí luach €85 milliún de nótaí iasachta a d'eisigh an Chuideachta do GBCN gan íoc ag deireadh na bliana airgeadais (2016: €85m) agus áirítear seo sna figiúirí maoinithe agus iasachtaithe sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais.

An Scéim Iasachta um Thacaíocht Sreabhadh Airgid i gcomhair Talmhaíochta

Fuair an Chuideachta maoiniú dar luach €11.1 milliún ón Aire Talmhaíochta i rith na bliana airgeadais maidir leis an Scéim Iasachta um Thacaíocht Sreabhadh Airgid i gcomhair Talmhaíochta a sheol an Chuideachta leis an Aire Talmhaíochta an 31 Eanáir 2017. Feic Nóta 18 chun tuilleadh sonraí a fháil faoin scéim agus maidir leis an maoiniú a fuarthas ag deireadh na bliana airgeadais.

Scéimeanna Iasachta Brexit

Fuair an Chuideachta iarmhéid €23m ón Aire Talmhaíochta agus an Aire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta le húsáid i Scéim Iasachta Brexit. Tá níos mó sonraí faoin scéim agus an maoiniú faighte le linn an bhliain airgeadais i Nóta 18.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

24. Nochtadh Páirtithe Gaolmhara (ar lean)

24.2 Idirbhearta agus iarmhéideanna le páirtithe gaolmhara (ar lean)

Scéimeanna Ráthaíochta Creidmheasa

I rith na bliana airgeadais d'fhabhraigh an Chuideachta luach €0.37 milliún (2016: €0.29m) d'ioncam mar aisghabháil ar a costais riaracháin as a ról i riar na Scéimeanna a cruthaíodh faoi na hAchtanna um Ráthaíocht Creidmheasa 2012 agus 2016 thar ceann an Aire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta. Bhí €0.09 milliún (2016: Nialas) an ioncaim sin infhaighte ag an gCuideachta ag deireadh na bliana airgeadais. Feic Tuarascáil na Stiúrthóirí agus Nóta 7 chun tuilleadh faisnéise a fháil maidir le ról CBSÉ sna scéimeanna sin.

Cuntas Bhanc Ceannais na hÉireann

Ag deireadh na bliana airgeadais, bhí €58 milliún (2016: Nialas) ag an gCuideachta i mBanc Ceannais na hÉireann. Bhí €8,000 (2016: €8,000) d'ús iníoctha ag an gCuideachta le Banc Ceannais na hÉireann.

Bainc-Aontas Éireann, cpt

D'eisigh an Chuideachta iasachtaí do Bhainc-Aontas Éireann, cpt i rith na tréimhse airgeadais chun críche iasachtaí ar aghaidh do GBManna Éireannacha. Bhí na hiasachtaí sin fós dlite ag deireadh na bliana airgeadais agus áirítear iad i bhfigiúr na n-iasachtaí agus infháltas sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais.

Cíos GNBS

I rith na bliana airgeadais, thabhaigh an Chuideachta costais €2,000 (2016: €43,000) atá iníoctha le GNBS as úsáid spás oifige. Áiríodh an tsuim sin i speansais oibríocháin agus tá sé iníoctha ag deireadh na bliana airgeadais.

Príomhphearsanra bainistíochta

Nochtar idirbhearta le príomhphearsanra bainistíochta i Nótaí 8.

25. Nochtadh leasa

Is comhlacht forordaithe poiblí í CBSÉ chun críocha na nAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001. Tá ceanglais maidir le nochtadh leasa freisin ar Stiúrthóirí faoi Acht na gCuideachtaí, 2014, faoi Bhunreacht na Cuideachta agus faoin gCód. Tá nósanna imeachta i bhfeidhm ag CBSÉ chun cuidiú le Stiúrthóirí agus le comhaltaí foirne a n-oibleagáidí maidir le nochtadh leasa a chomhlíonadh i rith na tréimhse arna hathbhreithniú.

26. Teagmhais tar éis dheireadh na tréimhse tuairiscithe

Ní raibh aon teagmahis ar gá a choigeartú nó a nochtadh sna ráitis airgid tar éis dheireadh na tréimhse tuairiscithe.

27. Ceadú na ráiteas airgeadais

D'fhorpheas na Stiúrthóirí na ráitis airgeadais an 11 Aibreán 2018.

Corparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann

Foirgneamh an Státhchiste, Sráid na Canálach Móire, Baile Átha Cliath 2, D02XN96, Éire

T 01 238 4000

www.sbci.gov.ie